



Uimhir 11 de 1996

AN tACHT CUANTA, 1996

[An tiontú oifigiúil]

RIAR NA nALT

CUID I

RÉAMHRÁITEACH AGUS GINEARÁLTA

Alt

1. Gearrtheideal agus tosach feidhme.
2. Léiriú.
3. Rialacháin, orduithe agus ordacháin.
4. Caiteachais.
5. Aisghairm.
6. Pionóis agus imeachtaí.

CUID II

CUIDEACHTAÍ A BHUNÚ AGUS A RIARADH

7. Cuideachta a fhoirmiú i leith cuain.
8. Ainm agus foirmiú caipitil cuideachta.
9. Teorainneacha cuain cuideachta.
10. Foirm an mheabhráin comhlachais.
11. Cuspóirí cuideachta.
12. Dualgais ghinearálta cuideachta.
13. Muirir chuain.
14. Long nó earraí a choinneáil agus a dhíol mar gheall ar mhuirir chuain neamhíoctha.
15. Forálacha maidir le talamh a dhíol, a léasú agus a fháil.
16. Talamh a fháil go héigeantach.
17. Airteagail chomhlachais.

18. Srian le meabhrán comhlachais nó airteagail chomhlachais a athrú.
19. Scaireanna a eisiúint chuig an Aire agus chuig an Aire Airgeadais, etc.
20. Scaireanna a eisiúint chuig sínitheoirí an mheabhráin comhlachais.
21. Oibleagáid ar scairshealbhóirí áirithe scaireanna a shealbhú ar iontaobhas.
22. Díbhinní, etc., a íoc isteach sa Státchiste.
23. Cumhacht chun airgead a fháil ar iasacht.
24. An tAire do ráthú airgid a fhaightear ar iasacht.
25. Oibreacha caipitiúla a mhaoiniú.
26. Airgead a sholáthar le haghaidh íocaíochtaí as an bPríomh-Chiste.
27. Cuntais agus iniúchtaí.
28. Tuarascálacha bliantúla, tuarascáil an chathaoirleach agus faisnéis a thabhairt don Aire.
29. Iniúchtaí feidhmíochta.
30. Fostaí-stiúrthóirí, stiúrthóirí údaráis áitiúil agus stiúrthóirí eile.
31. Luach saothair, etc. stiúrthóirí a cheaptar faoi *alt 30*.
32. Stiúrthóirí do nochtadh leasanna áirithe.
33. Nochtadh neamhúdairithe faisnéise a thoirmeasc.
34. Comhaltas de cheachtar Teach den Oireachtas nó de Pharlaimint na hEorpa.
35. An Príomhfheidhmeannach.
36. Beidh an Príomhfheidhmeannach ina stiúrthóir.
37. Forálacha maidir le foireann cuideachta (lena n-áirítear máistir cuain).
38. Foireann a aistriú ó iarúdarás cuain nó ó Roinn na Mara chuig cuideachta.
39. Forálacha is infheidhme maidir le haistriú foirne faoi *alt 38*.
40. Scéimeanna aoisliúntais.
41. Scéimeanna aoisliúntais láithreacha, cistí pinsin a bhunú, socruithe le haghaidh píolótaí, etc.
42. Fodhlíthe cuain.

43. Feidhmeanna a aistriú ó chuideachta amháin chuig cuideachta eile.
44. Cumhachtaí ginearálta an Aire.

CUID III

FORÁLACHA MAIDIR LE SÁBHÁILTEACHT LOINGSEOIREACHTA AGUS SLÁNDÁIL I gCUAN

45. Baoithe, etc.
46. Cumhacht an mháistir cuain chun ordacháin áirithe a thabhairt.
47. Cumhacht chun a cheangal go dtabharfar long chun bealaigh.
48. Ráiteas ar shnámh agus lasta loinge.
49. Cumhacht chun dul isteach i long agus long, earraí agus doiciméid a iniúchadh.
50. Bac a chur ar mháistir cuain.
51. Cosaint i leith freagrachtaí máistir loinge.
52. Toirmeasc ar longa, feithiclí agus airteagail áirithe a thabhairt isteach i gcuan.
53. Cur isteach ar rud a shuítear i gcuan chun críche sábháilteachta.
54. Póilíní cuain a cheapadh, feidhmeanna póilíní cuain, etc.

CUID IV

PÍOLÓTAÍOCHT

55. Léiriú (*Cuid IV*).
56. Píolótaíocht a eagrú.
57. Teorainneacha ceantair píolótaíochta cuideachta.
58. Ceadúnais agus barántais cheapacháin píolótaí.
59. Comhaontú píolótaíochta idir cuideachta agus píolótaí ceadúnaithe.
60. Píolótaíocht éigeantach.
61. Ceart píolóta chun ionad duine neamhúdairithe a ghlacadh.
62. Foráil maidir le longa agus iad ag bogadh laistigh de chuan.
63. Dliteanas maidir le longa faoi phíolótaíocht éigeantach.
64. Muirir píolótaíochta.

65. Dliteanas maidir le muirir phíolótaíochta i leith seirbhísí píolótaíochta áirithe.
66. Rátaí míchuí muirear píolótaíochta a fháil nó a thairiscint.
67. Díospóidí nó easaontais a tharchur chuig máistir cuain.
68. Cuntais atá le coimeád ag píolótaí ceadúnaithe.
69. Aois scoir píolótaí.
70. Dliteanas a theorannú i leith píolótaí.
71. Fodhlíthe píolótaíochta.
72. Deimhnithe díolúine píolótaíochta.
73. Fionraí, cúlghairm nó neamh-athnuachan ceadúnais píolóta nó deimhnithe díolúine píolótaíochta in imthosca áirithe.
74. Achomharc chuig an Aire i gcoinne iompair cuideachta maidir le ceadúnas píolóta nó deimhniú díolúine píolótaíochta.
75. Oibleagáid ar mháistir faisnéis a thabhairt do phíolóta.
76. Saoráidí atá le tabhairt do phíolóta atá ag dul ar bord loinge.
77. Iompar píolóta ina chúis le long nó sábháilteacht daoine a chur i mbaol.
78. Cionta ilghnéitheacha maidir le píolótaíocht.
79. Cumhacht an Aire chun soláthar seirbhísí píolótaíochta a atheagrú.
80. Cumhachtaí ilghnéitheacha an Aire maidir le píolótaíocht.

CUID V

ILGHNÉITHEACH

81. Údaráis chuain agus údaráis phíolótaíochta áirithe a dhíscaoileadh.
82. Tagairt do Chuan na Sionainne a fhorléiriú le haghaidh críoch áirithe.
83. Tagairtí in achtacháin d'údaráis chuain agus d'údaráis phíolótaíochta a oiriúnú.
84. Cruthúnas ar fhodhlíthe.
85. Fógraí a sheirbheáil.
86. Leasú ar an Acht um Lárionaid Chuanta Iascaigh, 1968.
87. Cumhacht chun cuideachtaí a bhunú i leith cuanta nach luaitear sa Chéad Sceideal.

[1996.] *An tAcht Cuanta*, 1996. [*Uimh. 11.*]

88. Forálacha maidir le cuanta áirithe a aistriú chuig údaráis áitiúla.
89. Cuanta atá faoi rialú nó faoi bhainistiú údarás áitiúil a rialáil.
90. Bord Cuain Dhún Laoghaire (Airgeadas) a dhíscaoileadh.
91. Teorainneacha cuanta atá faoi rialú nó faoi bhainistiú údarás áitiúil.
92. Taifid agus cairteanna cuideachtaí agus údarás cuain.
93. Leasú ar Acht 1946.
94. Cosaint i leith údarás tithe solais.
95. Foráil maidir le scéimeanna aisliúntais faoi Acht 1946.

CUID VI

FORÁLACHA IDIRTHRÉIMHSEACHA MAIDIR LE CUIDEACHTA ARNA BUNÚ
DE BHUN *ALT 7*

96. Talamh agus maoin eile a aistriú.
97. Cearta agus dliteanais a aistriú.
98. Díolúine ó dhleacht stampa.
99. Dliteanas i leith caillteanais a tharlaíonn roimh an lá dílseacháin.
100. Imeachtaí dlíthiúla atá ar feitheamh do leanúint i bhfeidhm.
101. Breithiúnais a fhorfheidhmiú.
102. Fógraí, deimhnithe, dearbhuithe agus bannaí áirithe do leanúint i bhfeidhm.
103. Ceadúnais agus ceadanna arna ndeonú ag údarás cuain nó ag an Aire do leanúint i bhfeidhm.
104. Forálacha idirthréimhseacha airgeadais i ndáil le Cuan Dhún Laoghaire.
105. Feidhm *Chuid VI* maidir le húdaráis chuain ar údaráis phíolótaíochta iad.

AN CHÉAD SCEIDEAL

CUANTA AR MAIDIR LEO A FHÉADFAR CUIDEACHTAÍ A BHUNÚ DE BHUN
ALT 7 AGUS AINMNEACHA NA gCUIDEACHTAÍ A FHÉADFAR A BHUNÚ
AMHLAIDH

AN DARA SCEIDEAL

ACHTACHÁIN A AISGHAIRTEAR

AN TRÍÚ SCEIDEAL

TEORAINNEACHA CUANTA AGUS CEANTAR PÍOLÓTAÍOCHTA

[*Uimh. 11.*] *An tAcht Cuanta*, 1996. [1996.]

AN CEATHRÚ SCEIDEAL
FORÁLACHA A BHAINNEANN LE FÁIL ÉIGEANTACH

AN CÚIGIÚ SCEIDEAL
FOSTAÍ-STIÚRTHÓIRÍ A THOGHADH

AN SÉÚ SCEIDEAL
NA CRÍOCHA AR CHUCU A FHÉADFAR FODHLÍTHE A DHÉANAMH FAOI
AILT 42 AGUS 71

NA hACHTANNA DÁ dTAGRAÍTEAR

<i>Acquisition of Land (Assessment of Compensation) Act</i> , 1919	1919, c. 57
Reacht Briotanach 55 Geo. 3, c. 191	1815, c. 191
Reacht Briotanach 56 Geo. 3, c. 62	1816, c. 62
Reacht Briotanach 1 Geo. 4, c. 69	1820, c. 69
Reacht Briotanach 6 & 7 Will. 4, c. 117	1836, c. 117
Reacht Briotanach 1 & 2 Vict., c. 36	1838, c. 36
Reacht Briotanach 28 & 29 Vict., c. 67	1865, c. 67
Acht Rialuithe na Stát-Sheirbhíse, 1956	1956, Uimh. 46
Acht na gCuideachtaí, 1963	1963, Uimh. 33
<i>Dublin Port and Docks Act</i> , 1869	1869, c. c
Acht Port agus Duganna Bhaile Átha Cliath (Droichid), 1929	1929, Uimh. 2 (Priobháideach)
An tAcht um Chuan Dhún Laoghaire, 1990	1990, Uimh. 7
An tAcht um Chuan Dhún Laoghaire, 1994	1994, Uimh. 19
An tAcht um Thoghcháin do Thionól na hEorpa, 1977	1977, Uimh. 30
An tAcht um Thoghcháin do Pharlaimint na hEorpa, 1993	1993, Uimh. 30
Acht na gComhphobal Eorpach, 1972	1972, Uimh. 27
<i>Finance Act</i> , 1895	1895, c. 16
An tAcht Airgid (Diúitéthe Custum) (Uimh. 4), 1931	1931, Uimh. 43
<i>Fisheries (Ireland) Act</i> , 1846	1846, c. 3
An tAcht um Lárionaid Chuanta Iascaigh, 1968	1968, Uimh. 18
An tAcht um Lárionaid Chuanta Iascaigh (Leasú), 1992	1992, Uimh. 10
An tAcht Cuanta, 1946	1946, Uimh. 9
Na hAchtanna Cuanta, 1946 go 1976	
Acht na gCuan (Rátaí do Rialáil), 1934	1934, Uimh. 2
Na hAchtanna um Laethanta Saoire (Fostaithe), 1973 go 1991	
<i>Kingstown Harbour Act</i> , 1876	1876, c. xcv
<i>Lands Clauses Consolidation Act</i> , 1845	1845, c. 18
Na hAchtanna Rialtais Áitiúil (Oifigigh agus Fostaithe), 1926 go 1983	
An tAcht Rialtais Áitiúil, 1941	1941, Uimh. 23
An tAcht Rialtais Áitiúil, 1994	1944, Uimh. 8
An tAcht Rialtais Áitiúil (Baile Átha Cliath), 1993	1993, Uimh. 31
Na hAchtanna Loingis Cheannaíochta, 1894 go 1993	
Na hAchtanna um Fhógra Íosta agus Téarmaí Fostaíochta, 1973 go 1991	
Na hAchtanna um Mí-Úsáid Drugaí, 1977 agus 1984	
An tAcht um Chartlann Náisiúnta, 1986	1986, Uimh. 11
<i>Petty Sessions (Ireland) Act</i> , 1851	1851, c. 93
<i>Pilotage Act</i> , 1913	1913, c. 31
An tAcht Píolótaíochta (Leasú), 1962	1962, Uimh. 2
An tAcht um Chosaint Raideolaíoch, 1991	1991, Uimh. 9
Na hAchtanna um Íocaíochtaí Iomarcaíochta, 1967 go 1991	
An tAcht um Chlárú Teidil, 1964	1964, Uimh. 16
An tAcht um Thruailliú na Farraise, 1991	1991, Uimh. 27
Acht na gCuanta Stáit, 1924	1924, Uimh. 49
Na hAchtanna Aoisliúntas, 1834 go 1963	
An tAcht Aoisliúntas agus Pinsean, 1976	1976, Uimh. 22
Na hAchtanna um Dhífhostú Éagórach, 1977 go 1993	



Uimhir 11 de 1996

AN tACHT CUANTA, 1996

[An tiontú oifigiúil]

ACHT DO DHÉANAMH SOCRÚ BREISE AGUS FEABHSAITHE I nDÁIL LE BAINISTIÚ, RIALÚ, OIBRIÚ AGUS FORBAIRT CUANTA ÁIRITHE, DÁ CHUMASÚ D'AIRE NA MARA, LE TOILIÚ AN AIRE AIRGEADAIS, CUIDEACHTAÍ A BHUNÚ MAIDIR LE CUANTA ÁIRITHE CHUN NA CRÍCHE SIN AGUS FEIDHMEANNA CUIDEACHTAÍ ARNA mBUNÚ AMHLAIDH A SHAINIÚ, DÁ CHUMASÚ D'AIRE NA MARA SOCRÚ A DHÉANAMH, LE hORDÚ, MAR A DÚRADH MAIDIR LE CUANTA ÁIRITHE EILE, D'ATHCHÓIRIÚ AN DLÍ A BHAINNEANN LE PÍOLÓTAÍOCHT AGUS DO DHÉANAMH SOCRÚ CHUN FEIDHMEANNA I nDÁIL LE PÍOLÓTAÍOCHT A THABHAIRT DO CHUIDEACHTAÍ ÁIRITHE A DÚRADH, DÁ CHUMASÚ CUANTA AGUS MAOIN ÁIRITHE A AISTRIÚ CHUIG ÚDARÁIS ÁITIÚLA, DO LEASÚ AN ACHTA UM LÁRIONAID CHUANTA IASCAIGH, 1968, AGUS ÁCHTACHÁN ÁIRITHE EILE, DO DHÉANAMH SOCRÚ LE hAGHAIDH DÍSCAOILEADH ÚDARÁS CUAIN AGUS ÚDARÁS PÍOLÓTAÍOCHTA, D'AISGHAIRM NA nACHTANNA CUANTA, 1946 GO 1976, AN *PILOTAGE ACT*, 1913, AGUS ACHTACHÁN ÁIRITHE EILE AGUS DO DHÉANAMH SOCRÚ I dTAOBH NITHE A BHAINNEANN LEIS NA NITHE RÉAMHRÁITE.

[20 Bealtaine, 1996]

ACHTAÍTEAR AG AN OIREACHTAS MAR A LEANAS:

CUID I

RÉAMHRÁITEACH AGUS GINEARÁLTA

- 1.—(1) Féadfar an tAcht Cuanta, 1996, a ghairm den Acht seo. Gearrtheideal agus tosach feidhme.
- (2) (a) Tiocfaidh an tAcht seo i ngníomh cibé lá nó laethanta a shocrófar chuige sin, le hordú nó le horduithe a dhéanfaidh an tAire, i gcoitinne nó faoi threoir aon chríche nó forála áirithe agus féadfar laethanta éagsúla a shocrú amhlaidh chun críoch éagsúil agus le haghaidh forálacha éagsúla.
- (b) Maidir leis an aisghairm a dhéantar le *halt 5(2)* ar na hachtacháin a luaitear sa *Dara Sceideal*, féadfar, le hordú

faoin bhfo-alt seo, laethanta éagsúla a shocrú chun
achtacháin éagsúla den sórt sin a aisghairm nó chun aon
achtachán den sórt sin a aisghairm chun críoch éagsúil.

- (c) Ní dhéanfar ordú faoin bhfo-alt seo i ndáil le *fo-alt (4)* nó
(5) d'alt 88 ach amháin le toiliú an Aire Comhshaoil.

Léiriú.

2.—(1) San Acht seo, ach amháin mar a n-éilíonn an comhthéacs
a mhalairt—

ciallaíonn “Acht 1946” an tAcht Cuanta, 1946;

ciallaíonn “cuideachta” cuideachta dá dtagraítear in *alt 7*;

déanfar “cuan cuideachta” a fhorléiriú de réir *alt 7 (3)*;

ciallaíonn “Achtanna na gCuideachtaí” Acht na gCuideachtaí, 1963,
agus gach achtachán atá le forléiriú in éineacht leis mar aon Acht
amháin;

folaíonn “sárú”, i ndáil le foráil, más cuí, mainneachtain nó diúltú
an fhoráil a chomhlíonadh agus forléireofar focail ghaolmhara dá
réir sin;

folaíonn “doiciméad” diosca, téip, fuaimrian nó feiste eile ina
gcorpraítear faisnéis, fuaimeanna nó comharthaí ionas gur féidir (le
cúnamh nó gan chúnamh aon ghléis eile) iad a atáirgeadh i bhfoirm
inléite nó inchloiste;

folaíonn “feidhmeanna” cumhachtaí agus dualgais, agus folaíonn
tagairtí do chomhlíonadh feidhmeanna, maidir le cumhachtaí agus
dualgais, tagairtí d’fheidhmiú na gcumhachtaí agus do chomhall na
ndualgas;

ciallaíonn “cuan” (seachas in *ailt 86* go *89*) cuan a dtabharfar
feidhmeanna ina leith do chuideachta leis an Acht seo nó faoi;

ciallaíonn “údarás cuain” údarás cuain de réir bhrí Acht 1946;

déanfar “máistir cuain” a fhorléiriú de réir *alt 37 (1)*;

tá le “cuideachta shealbhaíochta” an bhrí a shanntar dó le halt 155
d’Acht na gCuideachtaí, 1963;

ciallaíonn “iarúdarás cuain” údarás cuain dá dtagraítear in *alt 81*;

folaíonn “talamh” talamh faoi uisce;

ciallaíonn “údarás áitiúil” údarás áitiúil chun críocha an Achta
Rialtais Áitiúil, 1941;

ciallaíonn “máistir”, i ndáil le long, an duine atá i gceannas nó i
bhfeighil na loinge, ach ní fholáíonn sé píolóta;

ciallaíonn “an tAire” Aire na Mara;

ciallaíonn “píolóta” aon duine nach mbaineann le long ach atá ag
seoladh na loinge;

tá le “údarás píolótaíochta” an bhrí chéanna atá le “*pilotage*
authority” sa *Pilotage Act*, 1913;

ciallaíonn “ceantar píolótaíochta” ceantar píolótaíochta dá dtagraítear i *gCuid IV*;

ciallaíonn “ceardchumann nó comhlachas foirne aitheanta” ceardchumann nó comhlachas foirne atá aitheanta ag cuideachta chun críocha caibidlí a bhaineann le luach saothair nó coinníollacha fostaíochta nó le coinníollacha oibre fostaithe;

déanfar “lá dílseacháin iomchuí” a fhorléiriú de réir *fho-alt (3) (a)*;

folaíonn “long” soitheach d’aon tuairisc a úsáidtear i loingseoireacht agus aon bhád (seachas bád a thiomáintear le ráimhaí);

ciallaíonn “údarás Stáit” údarás arb éard é—

(a) Aire den Rialtas, nó

(b) Coimisinéirí na nOibreacha Poiblí in Éirinn;

ciallaíonn “fochuideachta” fochuideachta (de réir bhrí alt 155 d’Acht na gCuideachtaí, 1963) de chuid na cuideachta áirithe a mbeidh an fhoráil nó na forálacha den Acht seo ina bhfuil an abairt sin le cur chun feidhme maidir léi (cibé acu a bheidh nó nach mbeidh aon fhoráil den sórt sin le cur chun feidhme maidir le haon chuideachta nó cuideachtaí eile);

ciallaíonn “sochar aoisliúntais” pinsean, aisce nó liúntas eile is infíoctha ar dhuine d’éirí as, do scor nó d’fháil bháis.

(2) Aon tagairt san Acht seo d’fheidhmeanna an Aire i ndáil le Cuan Dhún Laoghaire, déanfar í a fhorléiriú mar thagairt d’fheidhmeanna an Aire faoi na hAchtanna um Chuan Dhún Laoghaire, 1990 agus 1994.

(3) (a) Aon tagairt san Acht seo do lá dílseacháin iomchuí, déanfar í a fhorléiriú mar thagairt don lá a cheapfar faoi *alt 7 (2)* i ndáil leis an gcuideachta áirithe a mbeidh an fhoráil nó na forálacha den Acht seo ina bhfuil an tagairt sin le cur chun feidhme maidir léi (cibé acu a bheidh nó nach mbeidh aon fhoráil den sórt sin le cur chun feidhme maidir le haon chuideachta nó cuideachtaí eile).

(b) Aon tagairt san Acht seo do thosach feidhme *alt 56* nó forála de chuid an ailt sin i ndáil le cuideachta, déanfar í a fhorléiriú, i gcás go ndéantar le hordú nó le horduithe faoi *alt 1 (2)* laethanta éagsúla a shocrú do thosach feidhme an ailt nó na forála sin, de réir mar a bheidh, chun críoch éagsúil i ndáil leis an gcuideachta, mar thagairtí don lá a thiocfaidh an t-alt nó an fhoráil sin, de réir mar a bheidh, i ngníomh go huile i ndáil leis an gcuideachta, de bhua an ordaithe nó na n-orduithe sin.

(4) Aon tagairt san Acht seo do Chuid, d’alt nó do Sceideal, is tagairt í do Chuid nó d’alt den Acht seo nó do Sceideal a ghabhann leis an Acht seo, mura gcuirtear in iúl gur tagairt d’achtachán éigin eile atá beartaithe.

(5) Aon tagairt san Acht seo d’fho-alt, do mhír nó d’fhomhír, is tagairt í don fho-alt, don mhír nó don fhomhír den fhoráil ina bhfuil an tagairt, mura gcuirtear in iúl gur tagairt d’fhoráil éigin eile atá beartaithe.

(6) Aon tagairt san Acht seo d'aon achtachán, forléireofar í mar thagairt don achtachán sin arna leasú nó arna oiriúnú le haon achtachán dá éis sin nó faoi.

(7) Más rud é, faoi mheabhrán comhlachais fochuideachta, gur feidhm de chuid na fochuideachta aon fheidhm de chuid cuideachta, beidh feidhm, i dtaca leis an bhfeidhm sin, ag gach foráil den Acht seo nó d'aon achtachán eile a bhaineann leis an gcuideachta, nó d'aon ionstraim faoin gcéanna, maidir leis an bhfochuideachta mar atá feidhm aici maidir leis an gcuideachta.

Rialacháin, orduithe agus ordacháin.

3.—(1) Féadfaidh an tAire rialacháin a dhéanamh lena bhforordófar aon ní nó rud dá dtagraítear san Acht seo mar ní nó rud atá forordaithe nó le forordú nó chun a chumasú go mbeidh lánéifeacht le haon fhoráil den Acht seo.

(2) Aon ordú nó rialachán a dhéanfaidh an tAire faoin Acht seo (seachas ordú arna dhéanamh ag an Aire faoi *alt 1(2), 7(2), 43, 74 (1), 86* nó *87* nó faoi *mhír 2* nó *7* den *Cheathrú Sceideal*), leagfar é faoi bhráid gach Tí den Oireachtas a luaithe is féidir tar éis a dhéanta agus, má dhéanann ceachtar Teach acu sin, laistigh den 21 lá ina dhiaidh sin a shuífidh an Teach sin tar éis an t-ordú nó an rialachán a leagan faoina bhráid, rún a rith ag neamhniú an ordaithe nó an rialacháin sin, beidh an t-ordú nó an rialachán ar neamhní dá réir sin, ach sin gan dochar do bhailíocht aon ní a rinneadh roimhe sin faoi.

(3) I gcás go mbeartófar ordú a dhéanamh faoi *alt 43, 86* nó *87* nó ordú a dhéanamh ag leasú nó ag cúlghairm ordú den sórt sin, cuirfidh an tAire faoi deara dréacht den ordú a leagan faoi bhráid gach Tí den Oireachtas agus ní dhéanfar an t-ordú mura rithfidh gach Teach acu sin rún ag ceadú an dréachta.

(4) (a) Féadfaidh an tAire, le hordú, ordú arna dhéanamh aige nó aici faoin Acht seo (seachas ordú faoi *alt 1 (2)* nó *7 (2)* ach lena n-áirítear ordú faoin mír seo) a leasú nó a chúlghairm.

(b) Féadfaidh an tAire, le hordachán, ordachán arna thabhairt aige nó aici faoin Acht seo (lena n-áirítear ordachán faoin mír seo) a leasú nó a chúlghairm.

(c) Maidir le hordú nó ordachán faoin bhfo-alt seo, déanfar nó tabharfar é sa tslí chéanna agus beidh a dhéanamh nó a thabhairt faoi réir na dtoilithe agus na gcoinníollacha céanna (más ann) leis an ordú nó leis an ordachán a bheidh á leasú nó á chúlghairm aige.

(5) Más rud é, in aon slí, go dtarlóidh aon deacracht maidir le haon fhoráil den Acht seo a thabhairt i ngníomh nó i ndáil le hoibriú aon fhorála den sórt sin, féadfaidh an tAire, le rialacháin, aon ní a dhéanamh a fheictear dó nó di a bheith riachtanach nó fóirsteanach chun an deacracht sin a dhíchur, chun an fhoráil sin a thabhairt i ngníomh, nó chun a hoibriú a chinntiú nó a éascú, agus féadfar, le haon rialacháin den sórt sin, aon fhoráil den achtachán seo nó d'aon achtachán eile a mhodhnú a mhéid is riachtanach nó is fóirsteanach chun na gcríoch réamhráite, ach ní fhéadfar rialacháin ar bith a dhéanamh faoin bhfo-alt seo i ndáil le foráil den Acht seo tar éis 2 bhliain a bheith caite ó thosach feidhme na forála sin.

4.—Déanfar na caiteachais a thabhoídh an tAire ag riaradh an Caiteachais. Achta seo a íoc, a mhéid a cheadóidh an tAire Airgeadais é, as airgead a sholáthróidh an tOireachtas.

5.—(1) Beidh na hAchtanna Cuanta, 1946 go 1976, arna n- Aisghairm. aisghairm—

- (a) i ndáil le cuan a mbunaítear cuideachta ina leith de bhun *alt 7*, an lá dílseacháin iomchuí,
- (b) i ndáil le cuan a ndéantar ordú ina leith faoi *alt 87*, an lá a shonraítear san ordú chun na críche sin,
- (c) i ndáil le cuan lena mbaineann ordú faoi *alt 88*, ar thosach feidhme an ordaithe sin.

(2) Aisghairtear leis seo gach achtachán a luaitear i *gcolún (2)* den *Dara Sceideal* a mhéid a shonraítear i *gcolún (3)* den *Sceideal* sin.

(3) An méid d'aon achtachán a luaitear sa Tríú Sceideal a ghabhann le hAcht 1946 nó d'aon ionstraim arna déanamh faoi aon achtachán den sórt sin a bheidh i bhfeidhm díreach roimh thosach feidhme an fho-ailt seo agus a bheidh ar neamhréir le haon fhoráil den Acht seo nó d'aon ionstraim arna déanamh faoi, scoirfidh sé d'éifeacht a bheith leis amháil ar an agus ón tosach feidhme sin.

(4) Ní bheidh feidhm ag na hachtacháin a luaitear sa Cheathrú Sceideal a ghabhann le hAcht 1946 i ndáil le cuideachta.

6.—(1) Aon duine a bheidh ciontach i gcion faoi *alt 13 (6)*, 32, 33, 46, 50, 52, 53, 54, 60, 73, 75 nó 77, dlífear— Pionóis agus imeachtaí.

- (a) ar é nó í a chiontú go hachomair, fíneáil nach mó ná £1,500 nó príosúnacht ar feadh téarma nach faide ná 12 mhí, nó iad araon, a chur air nó uirthi, nó
- (b) ar é nó í a chiontú ar díotáil, fíneáil nach mó ná £100,000 nó príosúnacht ar feadh téarma nach faide ná 2 bhliain, nó iad araon, a chur air nó uirthi.

(2) Aon duine a bheidh ciontach i gcion faoi *alt 13 (2)*, 42, 47, 48, 49, 61, 66, 71, 76, 78, 89 (2) nó 92 (10), dlífear, ar é nó í a chiontú go hachomair, fíneáil nach mó ná £1,500 nó príosúnacht ar feadh téarma nach faide ná 12 mhí, nó iad araon, a chur air nó uirthi.

(3) (a) Ar dhuine a chiontú ar díotáil i leith ciona lena mbaineann *fo-alt (1)*, féadfaidh an Chúirt, i dteannta aon phionóis eile, a ordú go bhforghéillfear aon ghairias, trealamh nó rud eile a úsáideadh chun an cion a dhéanamh.

(b) Ní bheidh éifeacht le hordú faoin bhfo-alt seo go dtí go mbeidh an gnáth-am chun achomharc a thionscnamh i gcoinne an chiontaithe nó an ordaithe lena mbaineann dulta in éag nó, i gcás go dtionscnófar achomharc den sórt sin, go dtí go gcinnfear go críochnaitheach nó go dtréigfear an t-achomharc sin nó aon achomharc breise, nó go dtí go mbeidh an gnáth-am chun aon achomharc breise a thionscnamh dulta in éag.

(4) I gcás cion faoin Acht seo a bheith déanta ag comhlacht corpraithe agus go gcruthófar go ndearnadh an cion le toiliú nó le

cúltheadú, nó gurb inchurtha é i leith aon fhaillí ar thaobh, aon duine is stiúrthóir, bainisteoir, rúnaí nó oifigeach eile de chuid an chomhlachta chorpraithe sin, nó aon duine a d'airbheartaigh a bheith ag gníomhú sa cháil sin, beidh an duine sin freisin ciontach i gcion agus dlífear imeachtaí a shaothrú ina choinne nó ina coinne agus é nó í a phionósú amhail is dá mbeadh sé nó sí ciontach sa chion céadluaite.

(5) (a) Féadfaidh an chuideachta lena mbaineann an cion, nó ar ina cuan nó ina ceantar píolótaíochta a rinneadh an cion, imeachtaí achoimre i leith ciona faoin Acht seo a thionscnamh agus a thabhairt ar aghaidh.

(b) Gan dochar do *mhír (a)*, féadfaidh an tAire imeachtaí achoimre i leith ciona faoi *alt 33* a thionscnamh agus a thabhairt ar aghaidh.

(6) D'ainneoin *alt 10 (4)* den *Petty Sessions (Ireland) Act, 1851*, féadfar imeachtaí achoimre i leith ciona faoin Acht seo a thionscnamh laistigh de 12 mhí ó dháta an chiona.

CUID II

CUIDEACHTAÍ A BHUNÚ AGUS A RIARADH

Cuideachta a fhoirmiú i leith cuain.

7.—(1) Féadfaidh an tAire, le toiliú an Aire Airgeadais, a chur faoi deara go ndéanfar, i leith gach cuain a luaitear i *gcolún (1)* den *Chéad Sceideal*, cuideachta phríobháideach a bheidh i gcomhréir leis na coinníollacha a leagtar síos san Acht seo a fhoirmiú agus a chlárú faoi Achtanna na gCuideachtaí.

(2) Déanfaidh an tAire, le hordú, i ndáil le cuideachta den sórt sin, lá a cheapadh chun bheith ina lá dílseacháin chun críocha an Achta seo a luaithe is indéanta tar éis an chuideachta a chlárú faoi Achtanna na gCuideachtaí agus féadfar an lá céanna a cheapadh amhlaidh i ndáil le gach cuideachta, nó i ndáil le haon dá chuideachta nó níos mó, de na cuideachtaí a fhoirmeofar faoi na hAchtanna sin de bhun an ailt seo.

(3) Aon tagairt san Acht seo do chuan cuideachta, déanfar í a fhorléiriú mar thagairt don chuan a luaitear i *gcolún (1)* den *Chéad Sceideal* ar ina leith a bunaíodh an chuideachta de bhun an ailt seo agus déanfar tagairtí dá samhail a fhorléiriú dá réir sin.

Ainm agus foirmiú caipitil cuideachta.

8.—(1) Is é is ainm do chuideachta an t-ainm a luaitear i *gcolún (2)* den *Chéad Sceideal* os coinne lua an chuain i *gcolún (1)* den *Sceideal* sin ar ina leith a bheidh an chuideachta bunaithe de bhun *alt 7*.

(2) Ní bheidh feidhm ag *alt 6 (1) (a)* d'Acht na gCuideachtaí, 1963, maidir le cuideachta.

(3) (a) Faoi réir *mhír (b)*, is é scairchaipiteal údaraithe cuideachta méid nach mó ná iomlán na nithe seo a leanas:

(i) luach na maoine a bheidh le haistriú chuig an gcuideachta an lá dílseacháin iomchuí faoi *alt 96*, agus

- (ii) méid chaipiteal oibre na cuideachta an lá dílseacháin iomchuí,

arna roinnt ina scaireanna punt an ceann.

- (b) Féadfaidh an tAire, tar éis dul i gcomhairle leis an Aire Airgeadais, a ordú go ndéanfar an méid iomlán a gheofar faoi *mhír (a)*, maidir le cuideachta, a chothromú suas nó síos go dtí an £500,000 nó an £1,000,000 is gaire, de réir mar a shonróidh an tAire san ordachán, agus beidh feidhm ag an méid a gheofar amhlaidh chun críocha *mhír (a)* maidir leis an gcuideachta sin.
- (c) Féadfaidh cuideachta, le toiliú an Aire agus an Aire Airgeadais, na scaireanna ina cuid scairchaipitil a roinnt ina n-aicmí leithleacha agus aon chearta, pribhléidí nó coinníollacha tosaíochta, iarchurtha, cáilithe nó speisialta a chur ag gabháil leo faoi seach.
- (d) Ní dhéanfar aon eisiúint scaireanna i scairchaipiteal cuideachta seachas iad sin dá bhforáiltear in *ailt 19, 20* agus 25.

9.—(1) (a) Is iad teorainneacha cuain cuideachta na teorainneacha atá leagtha amach i *gCuid I* den *Tríú Sceideal*. Teorainneacha cuain cuideachta.

- (b) Aon tagairt san Acht seo do chuan cuideachta, déanfar í a fhorléiriú mar thagairt a fholáionn tagairt d'aon phointe laistigh de theorainneacha a cuain mar a dúradh.

(2) (a) Féadfaidh an tAire, tar éis dul i gcomhairle leis an gcuideachta lena mbaineann, teorainneacha cuain cuideachta mar atá leagtha amach i *gCuid I* den *Tríú Sceideal* a athrú le hordú agus, fad a bheidh ordú den sórt sin i bhfeidhm, forléireofar an Chuid sin agus beidh éifeacht léi, a mhéid a bhaineann sí leis an teorainneacha sin, de réir an ordaithe.

- (b) Déanfar an tagairt i *mír (a)* d'ordú a bheidh i bhfeidhm, maidir le hordú den sórt sin a leasaítear le hordú a bheidh i bhfeidhm faoi *alt 3 (4)*, a fhorléiriú mar thagairt don ordú céadluaite arna leasú amhlaidh.

10.—Beidh meabhrán comhlachais cuideachta i cibé foirm, ar comhréir leis an Acht seo, a cheadóidh an tAire le toiliú an Aire Airgeadais. Foirm an mheabhráin comhlachais.

11.—(1) Luafar i meabhrán comhlachais cuideachta gurb iad seo a leanas príomhchuspóirí na cuideachta— Cuspóirí cuideachta.

- (a) gach beart is cuí a dhéanamh chun a cuan agus na cainéil isteach chuige a bhainistiú, a rialú, a oibriú agus a fhorbairt,
- (b) cibé saoráidí, seirbhísí, cóiríocht agus tailte a chur ar fáil ina cuan do longa, d'earraí agus do phaisinéirí a mheasfaidh sí a bheith riachtanach,
- (c) infheistíocht ina cuan a chur chun cinn,

(d) gabháil d'aon ghníomhaíocht ghnó, ina haonar nó i gcomhar le daoine eile, a mheasfaidh sí a bheith buntáisteach d'fhorbairt a cuain,

(e) na hacmhainní a bheidh ar fáil di a úsáid agus a bhainistiú ar shlí a bheidh i gcomhréir leis na cuspóirí réamhráite.

(2) Ní choiscfidh nó ní shrianfaidh aon ní san alt seo na cuspóirí agus na cumhachtaí sin uile a bheidh riachtanach nó cuí le réasún chun na príomhchuspóirí réamhráite a bhaint amach go cuí, nó a bheidh comhghabhálach nó coimhdeach leis sin, agus nach mbeidh ar neamhréir leis an Acht seo, a áireamh i measc cuspóirí cuideachta mar atá luaite ina meabhrán comhlachais.

(3) Beidh cumhacht ag an gcuideachta aon ní a dhéanamh is dóigh léi a bheith riachtanach, buntáisteach nó comhghabhálach maidir le comhlíonadh a feidhmeanna aici, nó is dóigh léi a éascóidh, go díreach nó go neamhdhíreach, comhlíonadh a feidhmeanna aici, mar a shonraítear san Acht seo nó ina meabhrán comhlachais iad, agus nach bhfuil ar neamhréir le haon achtachán a bheidh i bhfeidhm de thuras na huaire.

(4) Gan dochar do ghinearáltacht *fho-alt* (3), féadfaidh cuideachta—

(a) cibé bearta a dhéanamh, ina haonar nó i gcomhar le daoine eile, a bheidh riachtanach chun a cuan a oibriú agus a bhainistiú go héifeachtach,

(b) aon chuid dá cuan a leithreasú lena úsáid ag aon duine chun críocha aon trádála nó gairme i gcomaoin cibé muirir a íoc léi a mheasfaidh an chuideachta a bheith réasúnach,

(c) gníomhaíochtaí fóillíochta a chur chun cinn a fhéadfar a sheoladh ina cuan nó a bhaineann leis an muir i gcoitinne,

(d) gabháil do ghníomhaíochtaí lasmuigh den Stát (a bhaineann lena feidhmeanna i leith a cuain), ina haonar nó i gcomhar le daoine eile, ar gníomhaíochtaí iad, ina tuairim, a chuirfidh leasanna trádála nó turasóireachta chun cinn sa Stát.

Dualgais
ghinearálta
cuideachta.

12.—(1) Is é dualgas ginearálta cuideachta—

(a) a cuid gnóthaí a sheoladh ionas go gcinnteofar nach mbeidh ioncaim na cuideachta, agus blianta a ghlacadh le chéile, níos lú ná méid is leor—

(i) chun gach muirear a ghlanadh atá inmhuirearaithe go cuí ar a cuntas ioncaim,

(ii) chun comhréir réasúnach den chaipiteal a theastaíonn uaithi a ghiniúint, agus

(iii) chun a caipiteal a chúiteamh agus ús a íoc ar a hiasachtaí agus a hiasachtaí a aisíoc,

(b) a gnó a sheoladh gach uile thráth ar bhealach costéifeachtach, éifeachtúil,

(c) oibríochtaí a rialáil laistigh dá cuan,

- (d) aird chuí a thabhairt ar iarmhairtí a gníomhaíochtaí ar an gcomhshaol, ar an oidhreacht (cibé acu nádúrtha nó de dhéantús an duine) a bhaineann lena cuan agus ar na taitneamhachtaí i gcoitinne i gcomharsanacht a cuain.

(2) Ní dhéanfar aon ní in *alt 11* ná san alt seo a fhorléiriú mar ní lena bhforchuirtear ar chuideachta, go díreach nó go neamhdhíreach, aon chineál dualgais nó dliteanais is infheidhmithe le himeachtaí os comhair aon chúirte nach mbeadh sí faoina réir thairis sin.

13.—(1) Féadfaidh cuideachta muirir a fhorchur (dá ngairtear Muirir chuain. “muirir chuain” san Acht seo) de réir cibé rátaí a chinnfidh sí ó am go ham—

- (a) ar úinéir nó ar mháistir loinge—
- (i) a thiocfaidh laistigh dá cuan,
 - (ii) a úsáidfídh aon ché, ancaireacht nó feistiú ina cuan, nó
 - (iii) a bheidh ag dul laistigh dá cuan,
- (b) ar úinéir, ar choinsíneoir, ar choinsíní nó ar iompróir earraí a loingseofar, a tharloingseofar, a dhíloingseofar nó a stórálfar laistigh dá cuan;
- (c) ar úinéir nó ar mháistir loinge a iompróidh paisinéirí go háit nó ó áit laistigh dá cuan,
- (d) ar dhuine dá ndéanfaidh nó dá soláthróidh sí aon seirbhís nó saoráid, nó dá bhfruilleoidh sí aon trealamh.
- (2) (a) Chun críche *mhír (a) d’fho-alt (1)*, déanfaidh máistir loinge a bhfuil feidhm ag an bhforáil sin maidir léi cibé saghas deimhnithe tonnáiste i leith na loinge a shonróidh an chuideachta agus cibé doiciméadacht eile i ndáil leis an long nó leis na hearraí ar an long a shonróidh sí, a thabhairt don chuideachta lena mbaineann.
- (b) Chun críocha *mhíreanna (b)* agus *(c) d’fho-alt (1)*, i gcás go mbeidh paisinéirí le hiompar nó earraí le loingsiú, le tarloingsiú nó le díloingsiú laistigh de chuan, déanfaidh máistir na loinge ina mbeidh na paisinéirí nó na hearraí le hiompar nó á n-iompar, nó, i gcás earraí a bheidh le tarloingsiú, máistir na loinge óna mbeidh na hearraí le haistriú, ráiteas a thabhairt don chuideachta lena mbaineann i dtaobh líon na bpaisinéirí sin agus a n-aicmí mar phaisinéirí den sórt sin nó, de réir mar a bheidh, cuntas fíor ar na hearraí sin, i cibé foirm a shonróidh an chuideachta.
- (c) Aon mháistir loinge a dhiúltóidh nó a mhainneoidh aon deimhniú, doiciméadacht, ráiteas nó cuntas dá dtagraítear i *mír (a)* nó *(b)* a thabhairt do chuideachta nuair a iarrfaidh an chuideachta air nó uirthi déanamh amhlaidh, beidh sé nó sí ciontach i gcion.

(3) Féadfaidh cuideachta rátaí éagsúla muirear cuain a fhorchur in imthosca éagsúla.

(4) Féadfaidh cuideachta muirir chuain a fhorchur, i ndáil le haon ní dá dtagraítear i *mír* (a), (b) nó (c) *d'fho-alt* (1), ar bheirt nó níos mó de na daoine cuí dá dtagraítear sa *mhír* sin (a), (b) nó (c), de réir mar a bheidh, agus i gcás go bhforchuirfear muirir chuain amhlaidh, is comhdhliteanas agus dliteanas leithleach dliteanas na ndaoine lena mbaineann i leith na muirear cuain.

(5) (a) Gan dochar *d'alt* 14, beidh muirir chuain inghnóthaithe ag cuideachta ón duine nó ó na daoine ar ar forchuireadh iad mar fhiach conartha shimplí in aon chúirt dlínse inniúla.

(b) Folaíonn an tagairt i *mír* (a) do mhuirir chuain tagairt d'aon iarmhéid de mhéid muirear cuain a bheidh fós dlite do chuideachta tar éis di long, earraí, trealamh nó stórais a dhíol faoi *alt* 14 chun íoc as na muirir sin nó aon íocaíocht a fháil ar scór aon bhanna nó urrúis eile lena mbaineann dá dtagraítear i *bhfo-alt* (7).

(6) Maidir le duine a dhlífidh muirir chuain a íoc le cuideachta agus a dhéanfaidh, nó a thriailfidh, íoc na muirear a sheachaint, gan dochar d'aon imeachtaí nó bearta a bheidh déanta nó le déanamh chun na muirir a ghnóthú faoi *fho-alt* (5) nó *alt* 14, beidh sé nó sí ciontach i gcion.

(7) (a) Féadfaidh cuideachta—

(i) i gcás go mbeidh an coinníoll a shonraítear i *mír* (a) (i) nó (b) *d'fho-alt* (8) comhlíonta, a cheangal ar úinéir nó máistir loinge, nó

(ii) i gcás go mbeidh an coinníoll a shonraítear i *mír* (a) (ii) *d'fho-alt* (8) comhlíonta, a cheangal ar an ngníomhaire do long,

is long i gceachtar cás a mbeidh nó a bhfuil de thoradh ar a loingseoireacht nó de thoradh ar í d'iompar earraí nó paisinéirí nó de thoradh ar aon imthosca eile dá dtagraítear i *bhfo-alt* (1) a bhaineann leis an long, go bhforchuirfidh an chuideachta muirir chuain (cibé acu uair amháin nó níos mó ná uair amháin), banna, nó cibé cineál urrúis eile a shonróidh an chuideachta i leith íoc na muirear sin, a thabhairt don chuideachta.

(b) Maidir le méid an bhanna nó an urrúis eile a fhéadfaidh cuideachta a cheangal a thabhairt faoin *bhfo-alt* seo (seachas i ndáil le muirir chuain arna bhforchur i leith loinge dá dtagraítear i *bhfo-alt* (8) (b))—

(i) i gcás go mbeidh muirir chuain forchurtha ag an gcuideachta ar an úinéir, ar an máistir nó ar an ngníomhaire lena mbaineann (“an duine lena mbaineann”) i ngach ceann de dhá bhliain nó níos mó roimh an gceanglas a dhéanamh, ní mó é ná 25 faoin gcéad de mheánmhéid na muirear cuain arna bhforchur aici ar an duine sin i mbliain den sórt sin,

(ii) mura mbeidh muirir chuain forchurtha ag an gcuideachta ar an duine lena mbaineann ach in aon bhliain amháin den sórt sin, ní mó é ná 25 faoin gcéad de mhéid na muirear cuain arna bhforchur aici ar an duine sin sa bhliain sin,

- (iii) in aon chás eile, ní mó é ná 25 faoin gcéad de mhéid na muirear cuain a mheasfaidh an chuideachta a fhorchuirfidh sí ar an duine lena mbaineann sa tréimhse 12 mhí dar tosach an tráth a dhéanfar an ceanglas.

(8) Is iad na coinníollacha dá dtagraítear i *bhfo-alt* (7)—

(a) sula ndearnadh an ceanglas dá dtagraítear san fho-alt sin—

(i) gur mhainnigh an t-úinéir nó an máistir lena mbaineann muirir chuain arna bhforchur ag an gcuideachta a íoc nó go ndearna sé nó sí, 2 uair nó níos mó, muirir chuain arna bhforchur ag an gcuideachta a íoc tar éis an dáta ba dhéanaí a shonraigh sí lena n-íoc, nó

(ii) i gcás an ghníomhaire lena mbaineann, gur mhainnigh sé nó sí airgead a íoc leis an gcuideachta a fuair sé nó sí ó dhuine i gcuntas muirear cuain arna bhforchur ar an duine sin ag an gcuideachta nó go ndearna sé nó sí, 2 uair nó níos mó, airgead a fuair sé nó sí amhlaidh a íoc leis an gcuideachta tar éis an dáta ba dhéanaí a shonraigh sí chun na muirir chuain lena mbaineann a íoc,

(b) (i) nach ndeachaigh an long lena mbaineann isteach i gcuan na cuideachta aon uair roimhe sin agus nach measann an chuideachta gur dóigh go rachaidh sí isteach ina cuan arís sa tréimhse 12 mhí dar tosach an dáta a ndeachaigh an long lena mbaineann isteach, agus

(ii) nár fhostaigh úinéir nó máistir na loinge sin gníomhaire chun gníomhú thar a cheann nó thar a ceann chun aon mhuirir chuain a fhorchuirfidh an chuideachta sna himthosca lena mbaineann a íoc.

(9) Más rud é, mar gheall ar shuíomh aon chuain, gur gá do long a bheith ag dul ar aghaidh go dtí cuan den sórt sin dul isteach i gcuan cuideachta eile nó dul ar ancaire laistigh de, ansin, i gcás go rachaidh long isteach i gcuan cuideachta den sórt sin nó go rachaidh sí ar ancaire laistigh de chun dul ar aghaidh go dtí an cuan céadluaite, agus chuige sin amháin, ní fhéadfaidh an chuideachta sin aon mhuirir chuain a fhorchur i leith na loinge sin do dhul isteach nó do dhul ar ancaire:

Ar choinníoll nach gcoiscfidh an fo-alt seo ar an gcuideachta sin muirir chuain de mhéid a bheidh cóir agus cothromasach, ag féachaint do na himthosca go léir, a fhorchur i leith aon seirbhíse a chomhallfaidh sí, i leith aon saoráide a sholáthróidh sí nó i leith aon trealamh a fhruilleoidh sí i ndáil le long a dúradh le linn don long a bheith ina cuan.

(10) Má mheasann an chuideachta a bheidh bunaithe de bhun *alt* 7 maidir leis an gcuan céadluaite i *bhfo-alt* (9), nach bhfuil méid aon mhuirear cuain dá dtagraítear sa choinníoll a ghabhann leis an bhfo-alt sin agus a forchuireadh, cóir ná cothromasach, ag féachaint do na himthosca go léir, féadfaidh sí a iarraidh ar an gcuideachta a d'fhorchuir na muirir forchur na muirear sin a chealú agus muirir chuain de mhéid eile a fhorchur nó, de réir mar is cuí, cuid de na muirir sin a aisíoc le híocóir na muirear sin agus, má mhainníonn nó

má dhiúltaíonn an chuideachta sin déanamh de réir iarrata den sórt sin, féadfaidh ceachtar cuideachta an ní a tharchur chuig duine a bheidh ainmnithe ag an Aire chun cinneadh a fháil uaidh nó uaithi agus is cinneadh críochnaitheach a bheidh i gcinneadh an duine sin maidir leis an ní.

Long nó earraí a choinneáil agus a dhíol mar gheall ar mhuirir chuain neamhíoctha.

14.—(1) Má mhainnítear muirir chuain, arna bhforchur ag cuideachta faoi *alt 13*, a íoc, féadfaidh an chuideachta, go dtí go n-íocfar na muirir sin, faoi réir fhorálacha an ailt seo—

- (a) má forchuireadh na muirir faoi *mhír (a)*, (b) nó (c) *d'alt 13 (1)*, an long nó na hearraí lena mbaineann nó, má aistríodh na hearraí lena mbaineann lasmuigh den chuan, aon earraí eile laistigh den chuan de chuid an duine a rinne an mhainneachtain, a choinneáil, nó
- (b) má forchuireadh na muirir faoi *mhír (d) d'alt 13 (1)*, aon long nó earraí ar ina leith a rinneadh an tseirbhís nó an tsaoráid lena mbaineann a chomhall nó a sholáthar nó an trealamh lena mbaineann a fhrúiliú nó, má aistríodh na hearraí sin lasmuigh den chuan, aon earraí eile laistigh den chuan de chuid an duine a rinne an mhainneachtain, a choinneáil,

agus, mura n-íocfar na muirir laistigh de 56 lá ón dáta a thosaíonn an choinneáil, an long nó na hearraí a dhíol d'fhonn íoc as na muirir.

(2) D'ainneoin *fho-alt (1)*, más earraí de chineál meatach na hearraí atá á gcoinneáil ag cuideachta faoin bhfo-alt sin, féadfaidh an chuideachta, faoi réir fhorálacha an ailt seo, na hearraí a dhíol aon tráth roimh éag don tréimhse dá dtagraítear san *fho-alt sin* (gan dochar dá ceart iad a dhíol tar éis an éaga sin) d'fhonn íoc as na muirir chuain lena mbaineann.

(3) Ní dhéanfar aon earraí is infhorghéillte faoi na hAchtanna Custam a choinneáil faoi *fho-alt (1)*.

(4) Ní dhéanfaidh cuideachta long nó earraí a choinneáil, ná ní leanfaidh sí de long nó earraí a choinneáil faoi *fho-alt (1)*, má líomhnaíonn—

- (a) úinéir nó máistir na loinge, úinéir na n-earraí nó aon duine eile dá dtagraítear i *mír (b)* nó (d) *d'alt 13 (1)*, de réir mar is cuí, nó
- (b) aon duine a éilíonn leas a bheith aige nó aici sa long nó sna hearraí,

nach bhfuil na muirir chuain lena mbaineann, nó aon cheann díobh, dlite agus má thugann sé nó sí don chuideachta, go dtí go gcinneadh an cheist i dtaobh na muirir a bheith dlite, urrús leordhóthanach i leith íoc na muirear a líomhnóidh an chuideachta a bheith dlite.

(5) D'fhonn coinneáil loinge nó earraí a chur i gcrích faoi *fho-alt (1)*, féadfaidh máistir cuain an chuain lena mbaineann dul isteach sa long nó in aon áit (lena n-áirítear aon long nó feithicil) laistigh den chuan ina bhfuil na hearraí agus gach rud a dhéanamh i ndáil leis an long nó leis na hearraí is gá chun na críche sin nó a ghabhann leis an gcríoch sin agus, gan dochar don mhéid sin roimhe seo, féadfaidh sé nó sí na hearraí a aistriú ón áit sin agus iad a stóráil in áit eile.

(6) Má bheartaíonn cuideachta long a bheidh coinnithe aici faoi *fho-alt (1)* nó earraí a bheidh coinnithe amhlaidh aici agus a measfaidh sí gur mó a luach ná £5,000 a dhíol, déanfaidh sí iarratas chuig cibé acu ceann de na cúirteanna seo a leanas is cuí chun cead a fháil an long nó na hearraí a dhíol, eadhon—

- (a) má mheasann an chuideachta nach mó luach na loinge nó luach na n-earraí ná £30,000, an Chúirt Chuarda, nó
- (b) má mheasann an chuideachta gur mó luach na loinge nó luach na n-earraí ná £30,000, an Ard-Chúirt,

agus ní thabharfaidh an Chúirt Chuarda ná an Ard-Chúirt, de réir mar a bheidh, an cead sin, mura suífear—

- (i) go bhfuil suim dlite don chuideachta as muirir chuain,
 - (ii) gur mainníodh an tsuim a íoc, agus
 - (iii) má forchuireadh na muirir chuain lena mbaineann faoi *mhír (d) d'alt 13 (1)*, gurb éard í an long nó gurb éard iad na hearraí an long nó na hearraí a ndearna an chuideachta an tseirbhís nó an tsaoráid a chomhall nó a sholáthar ina leith nó a ndearna an chuideachta an trealamh a fhruiliú ina leith nó, de réir mar a bheidh, gurb éard iad na hearraí, thairis sin, earraí a raibh an chuideachta i dteideal iad a choinneáil faoi *mhír (b) d'fho-alt (1)*.
- (7) (a) Má bheartaíonn cuideachta iarratas a dhéanamh ar chead long nó earraí a dhíol faoi *fho-alt (6)*, déanfaidh sí cibé bearta is indéanta—
- (i) chun an t-iarratas atá beartaithe a chur in iúl do dhaoine a bhféadfadh cinneadh na cúirte ar an iarratas sin difear a dhéanamh dá leasanna, agus
 - (ii) chun deis a thabhairt d'aon duine den sórt sin a bheith ina pháirtí nó ina páirtí sna himeachtaí ar an iarratas.
- (b) Má mhainníonn cuideachta ceanglas den fho-alt seo a chomhlíonadh i leith aon díola, ní bheidh an mhainneachtain sin, tar éis an díol a bheith déanta, ina foras chun cur i gcoinne bhailíocht an díola sin, ach ní dhéanfaidh an mhír seo dochar d'aon chaingean i gcomhair damáistí in aghaidh cuideachta ag duine a d'fhulaing caillteanas de dhroim mainneachtana a dúradh.
- (8) (a) Beidh éifeacht leis na forálacha seo a leanas i leith ordú cúirte lena dtugtar cead faoi *fho-alt (6)* long a dhíol (dá ngairtear “an t-ordú” san fho-alt seo) agus i leith dhíol na loinge de bhun an ordaithe sin—
- (i) beidh san ordú dearbhú lena ndílseofar don chuideachta lena mbaineann de bhua an ordaithe an ceart an long a aistriú, agus beidh an chuideachta, de bhua an dearbhaithe sin, i dteideal an long a aistriú ar an modh céanna agus go feadh an mhéid céanna a bheadh sí i dteideal a dhéanamh dá mba í a húinéir cláraithe í,
 - (ii) oibreoidh an díol chun an long a dhílsiú don cheannaitheoir, saor ó gach morgáiste, lian, muirear

nó leas eile ann d'aon chineál ar bith, agus ní theastóidh ón gceannaitheoir aon fhianaise eile ar an teideal chun na loinge seachas cóip, arna deimhniú ag an gcuideachta lena mbaineann, den ordú,

- (iii) déanfaidh cláraitheoir loingis an bille díola lena ndearnadh an t-aistriú a chlárú ar an modh céanna amhail is dá mba í an chuideachta an t-úinéir cláraithe, ar an ordú, nó cóip de, arna deimhniú ag an gcuideachta lena mbaineann, a thabhairt ar aird.

- (b) Má dhíolann cuideachta long nó earraí faoin alt seo, cinnteoidh sí go ndéanfar an long nó na hearraí a dhíol ar an bpraghas is fearr is féidir a fháil go réasúnach.

(9) Déanfar fáltais aon díola faoin alt seo a chur chun feidhme mar a leanas, agus san ord seo a leanas, is é sin le rá—

- (a) chun íoc as aon dleacht (cibé acu dleacht custam nó dleacht máil) nó aon cháin bhreisluacha is inmhuirearaithe ar an long nó ar na hearraí, de réir mar a bheidh,
- (b) chun íoc as na caiteachais a thabhaigh an chuideachta lena mbaineann ag coinneáil, ag coimeád agus ag díol na loinge nó na n-earraí, de réir mar a bheidh (lena n-áirítear na caiteachais a bhain le haon iarratas chun cúirte faoi *fho-alt* (6)),
- (c) chun íoc as na muirir chuain a líomhnaíonn an chuideachta a bheith dlite nó, más rud é go mbeidh iarratas déanta chun cúirte faoi *fho-alt* (6), a chinn an chúirt a bheith dlite ar an iarratas sin a fháil,

agus déanfar barrachas na bhfáltas sin, más ann dó, a íoc leis an duine nó leis na daoine nó idir na daoine, a ndearnadh dídhílsiú ar a leas nó ar a leasanna sa long nó sna hearraí mar gheall ar an díol.

(10) Ní oibreoidh aon ní san alt seo chun a údarú aon earraí a dhíol a mbeidh sé toirmisce de thuras na huaire, le haon achtachán nó faoi, iad a allmhairiú nó a dhíol, nó chun faoiseamh a thabhairt ó aon srian nó ó aon choinníoll a chomhlíonadh, a mbeidh allmhairiú nó díol earraí faoina réir de thuras na huaire, le haon achtachán nó faoi aon achtachán.

(11) Bainfidh an chumhacht choinneála agus díola a thugtar leis an alt seo i leith loinge le trealamh na loinge agus le haon stórtha a bheidh le húsáid i dtaca le hoibriú na loinge (is trealamh agus stórtha a iompraítear sa long) cibé acu is leis an duine arb é nó í úinéir nó máistir na loinge é nó í an trealamh nó na stórtha sin nó nach ea agus, dá réir sin—

- (a) déanfar tagairtí i *bhfo-alt* (1), i *bhfo-ailt* (4) go (9) agus i *bhfo-alt* (12) do long a fhorléiriú (ach amháin i gcás nach gceadaítear forléiriú den sórt sin sa chomhthéacs) mar ní a fholáíonn tagairtí d'aon trealamh agus stórtha den sórt sin,
- (b) beidh éifeacht le *fo-alt* (10) i ndáil le trealamh agus stórtha den sórt sin mar atá éifeacht leis i ndáil le hearraí.

(12) (a) Maidir le hiarratas faoi *fho-alt* (6) chun na Cúirte Cuarda, déanfar é chun an bhreithimh den Chúirt Chuarda don

chuairead ina ndearnadh an long nó na hearraí lena mbaineann a choinneáil.

- (b) Más rud é, i ndáil le hiarratas faoi *fho-alt (6)* chun na Cúirte Cuarda, go dtiocfaidh an chúirt sin, le linn an t-iarratas a éisteacht, chun bheith den tuairim gur mó luach na loinge nó luach na n-earraí is ábhar don iarratas ná £30,000, contrártha do mheastachán na cuideachta a dhéanfaidh an t-iarratas, féadfaidh sí, más cuí léi déanamh amhlaidh, an t-iarratas a aistriú chun na hArd-Chúirte.

15.—(1) Maidir le cinneadh ag cuideachta aon talamh a fháil nó aon chuid dá talamh a dhiúscairt (cibé acu trí dhíol nó trí léas a dheonú), is iad stiúrthóirí na cuideachta amháin a dhéanfaidh é. Forálacha maidir le talamh a dhíol, a léasú agus a fháil.

(2) Ní lú an chomaoín ar a ndíolfaidh cuideachta aon talamh, a mhéid is indéanta, ná a mhargadhluach oscailte.

(3) Is é an cíós a bheidh le forchoimeád faoi léas talún arna dheonú ag an gcuideachta méid nach lú ná an margadhchíos oscailte is infhaighte i leith na talún sin ach amháin go bhféadfar cíós is ísle ná an méid sin a fhorchoimeád faoi léas den sórt sin, más rud é—

- (a) i gcás go mbeidh aon ghnó nó trádáil le seoladh ar an talamh, go measann an chuideachta, ag féachaint—
- (i) do mhéid an ghnó nó na trádála is dóigh a bheidh le déanamh ar an talamh, nó
- (ii) don éifeacht is dóigh a bheidh le deonú an léasa thairis sin ar mhéid an ghnó nó na trádála a dhéanfar ina chuan,

gur cuí cíós a fhorchoimeád ag leibhéal is ísle ná an méid sin, nó

- (b) in aon chás eile, go dtoilíonn an tAire do chíós a fhorchoimeád ag leibhéal is ísle ná an méid sin.

(4) (a) Le linn do chuideachta cinneadh a dhéanamh i dtaobh talamh a fháil nó cinneadh a dhéanamh i dtaobh na comaoine a íocfaidh sí as aon talamh a fháil, beidh aird aici ar aon bheartas nó treoirlínte Rialtais i ndáil le fiontar Stáit d'fháil talún a bheidh ar marthain de thuras na huaire.

(b) Gan dochar do *mhír (a)*, i gcás go mbeartóidh cuideachta talamh a fháil, cuirfidh sí faoi deara go ndéanfaidh duine neamhspleách a bheidh cáilithe go cuí luacháil ar an talamh.

(c) San fho-alt seo, ciallaíonn “fiontar Stáit” cuideachta (de réir bhrí Achtanna na gCuideachtaí) a bhfuil aon scair amháin nó níos mó ina scairshealbhán arna sealbhú ag Aire den Rialtas agus a bhfuil a príomhchuspóirí (mar atá luaite ina meabhrán comhlachais) forordaithe go hiomlán nó go páirteach le reacht.

16.—(1) Féadfaidh cuideachta, de réir *mhíreanna 1 go 6* den *Cheathrú Sceideal*, aon talamh (cibé acu laistigh nó lasmuigh dá cuan dó) nó aon leas in aon talamh den sórt sin, nó aon cheart thairis, a Talamh a fháil go héigeantach.

fháil go héigeantach, chun a chinntiú go gcuirfear aon scéim forbartha ar a cuan nó ar aon chuid dá cuan i ngníomh, is scéim nach mbeadh indéanta, i dtuairim na cuideachta, gan an talamh, an leas nó an ceart lena mbaineann a áireamh sa scéim.

- (2) (a) Beidh éifeacht le forálacha *mhíreanna* 7 agus 8 den *Cheathrú Sceideal*, más cuí, sna himthosca atá leagtha amach i *bhfomhír* (1) den *mhír* sin 7, chun talamh a dhílsiú do chuideachta.
- (b) Maidir le hordú dílseacháin a dhéanamh de bhua *mhír* 7 den *Cheathrú Sceideal*, ní dhéanfaidh sé sin dochar ann féin d'aon éileamh ar chúiteamh a dhéanfar, tar éis an t-ordú a dhéanamh, maidir le haon eastát nó leas sa talamh, nó in aon chuid de, nó le haon cheart thar an talamh, nó thar aon chuid de, lena mbaineann an t-ordú agus, dá réir sin, beidh feidhm ag forálacha *mhír* 6 den *Cheathrú Sceideal* maidir le héileamh den sórt sin.

Airteagail
chomhlachais.

17.—(1) (a) Faoi réir *mhír* (b), folaíonn tagairt i *bhfo-alt* (3) do stiúrthóir tagairt don chathaoirleach agus do gach duine a bhforáiltear leis an Acht seo go mbeidh sé nó sí ina stiúrthóir ar chuideachta.

(b) Maidir le tagairt do stiúrthóir—

- (i) i *mír* (b) *d'fho-alt* (3), ní fholáíonn sí tagairt don phríomhfheidhmeannach, don fhostaí-stiúrthóir nó do na fostaí-stiúrthóirí nó do na stiúrthóirí údaráis áitiúil,
- (ii) i *míreanna* (c) agus (d) *d'fho-alt* (3), ní fholáíonn sí tagairt don phríomhfheidhmeannach.
- (c) Maidir le tagairt i *mír* (e) *d'fho-alt* (3) do luach saothair stiúrthóra, is tagairt í, i gcás an phríomhfheidhmeannaigh, dá luach saothair ina cháil nó ina cáil mar stiúrthóir ar leith óna cháil nó óna cáil mar phríomhfheidhmeannach.
- (d) San fho-alt seo—
- ciallaíonn “fostaí-stiúrthóir” stiúrthóir dá dtagraítear in *alt* 30 (1);
- ciallaíonn “stiúrthóir údaráis áitiúil” stiúrthóir dá dtagraítear in *alt* 30 (6).

(2) Beidh airteagail chomhlachais cuideachta i cibé foirm, ar comhréir leis an Acht seo, a cheadóidh an tAire le toiliú an Aire Airgeadais.

(3) Forálfar le hairteagail chomhlachais cuideachta—

- (a) nach mó ná 12 líon stiúrthóirí na cuideachta;
- (b) gurb é nó gurb í an tAire, le toiliú an Aire Airgeadais, a cheapfaidh gach stiúrthóir díobh sin;
- (c) go ndéanfar gach stiúrthóir díobh sin a cheapadh go ceann tréimhse nach faide ná 5 bliana agus go mbeidh sé nó sí in-athcheaptha;

- (d) go bhféadfaidh an tAire, le toiliú an Aire Airgeadais, gach stiúrthóir díobh sin a chur as oifig;
- (e) gurb é nó gurb í an tAire, le toiliú an Aire Airgeadais, a chinnfidh luach saothair gach stiúrthóra díobh sin;
- (f) go rachaidh an chuideachta i gcomhairle le haon cheardchumann nó comhlachas foirne aitheanta lena mbaineann chun críocha caibidlí i ndáil le pá agus coinníollacha seirbhíse chomhaltaí a foirne;
- (g) nach ndéanfaidh an chuideachta fochuideachta a bhunú nó a fháil gan ceadú an Aire arna thabhairt le toiliú an Aire Airgeadais;
- (h) nach rachaidh an méid comhiomlán a bheidh arna infheistiú (trí cheannach scaireanna nó trí sholáthar iasachtaí nó ráthaíochtaí ar iasachtaí) ag an gcuideachta i ngnóthais (seachas fochuideachtaí) thar £1,000,000, gan ceadú an Aire arna thabhairt le toiliú an Aire Airgeadais.

(4) I dteannta na nithe dá bhforáiltear i *bhfo-alt (3)*, forálfar in airteagail chomhlachais Chuideachta Chuan Dhún Laoghaire go ndéanfaidh an chuideachta, i gcomhairle le haon cheardchumann nó comhlachas foirne aitheanta, sás a bhunú chun críocha caibidlí i ndáil le pá agus coinníollacha seirbhíse chomhaltaí a foirne.

- (5) (a) Faoi réir *mhír (b)*, féadfaidh máistir cuain freastal ar chruinnithe foirmiúla de stiúrthóirí na cuideachta ag a mbeidh sé nó sí ar fostú agus féadfaidh sé nó sí, má cheadaíonn na stiúrthóirí, dá rogha féin, dó nó di déanamh amhlaidh, páirt a ghlacadh sna pléití ag na stiúrthóirí sin i dtaobh aon ní a éireoidh ag cruinniú den sórt sin.
- (b) Féadfaidh stiúrthóirí cuideachta, más é a dtuairim nach chun leasa stiúradh a ngnó acu go cuí ordúil ag cruinniú ar leith a dúradh nó chun leasa riaradh ghnóthaí na cuideachta i gcoitinne é an máistir cuain do fhreastal ar chruinniú nó ar chuid de chruinniú den sórt sin, féadfaidh siad a cheangal ar an máistir cuain gan a cheart nó a ceart freastal ar an gcruinniú sin nó ar chuid shonraithe den chruinniú sin a fheidhmiú agus déanfaidh an máistir cuain de réir ceanglais den sórt sin.
- (c) Ní fhorléireofar aon ní san fho-alt seo mar ní a thugann ceart do mháistir cuain vóta a chaitheamh i leith aon ní a éireoidh ag cruinniú a dúradh.

18.—D’ainneoin aon ní in Achtanna na gCuideachtaí, ní bheidh aon athrú ar mheabhrán comhlachais nó ar airteagail chomhlachais cuideachta nó aon fochuideachta bailí ná éifeachtúil mura ndéanfar é le ceadú roimh ré ón Aire, arna thabhairt le toiliú an Aire Airgeadais.

Srian le meabhrán comhlachais nó airteagail chomhlachais a athrú.

19.—(1) (a) A luaithe is féidir tar éis an lae dílseacháin iomchuí, déanfaidh an tAire, le toiliú an Aire Airgeadais agus tar éis dó nó di dul i gcomhairle leis an gcuideachta lena mbaineann, deimhniú a eisiúint chuig cuideachta ag deimhniú na suime a fhreagraíonn dar leis an Aire do

Scaireanna a eisiúint chuig an Aire agus chuig an Aire Airgeadais, etc.

luach na maoine a bheidh aistrithe chuig an gcuideachta faoi *alt 96*.

- (b) Tar éis do chuideachta deimhniú a fháil mar a dúradh, eiseoidh sí chuig an Aire, gan aon íocaíocht uaidh nó uaithi, scaireanna láníoctha i scairchaipiteal na cuideachta arb ionann a luach ainmniúil agus an tsuim a bheidh deimhnithe sa deimhniú.
- (c) Déanfaidh cuideachta scair amháin punt i scairchaipiteal na cuideachta a eisiúint chuig an Aire Airgeadais.
- (d) Féadfaidh an tAire Airgeadais, i leith a scaire i scairchaipiteal cuideachta, na cearta agus na cumhachtaí go léir atá ag sealbhóir scaireanna den sórt sin a fheidhmiú agus, i gcás go bhfuil ceart nó cumhacht infheidhmithe trí aturnae, é nó í a fheidhmiú trína aturnae nó trína haturnae.
- (e) Déanfar costas scaire a eiseofar chuig an Aire Airgeadais mar a dúradh a airleacan chuige nó chuici as an bPríomh-Chiste nó as a thoradh fáis.
- (f) Ní aistreoidh ná ní choimhtheoidh an tAire Airgeadais a scair i scairchaipiteal cuideachta.

(2) Faoi réir an Achta seo, féadfaidh an tAire i leith scaireanna cuideachta atá ar teachtadh aige nó aici, na cearta agus na cumhachtaí go léir atá ag sealbhóir scaireanna den sórt sin a fheidhmiú agus i gcás go bhfuil ceart nó cumhacht infheidhmithe trí aturnae, é nó í a fheidhmiú trína aturnae nó trína haturnae.

- (3) (a) Féadfaidh an tAire, ó am go ham de réir mar is gá sa chás chun cibé méid d'Achtanna na gCuideachtaí a chomhlíonadh a cheanglaíonn go mbeidh líon íosta comhaltaí i gcuideachta i gcónaí, ceann dá scaireanna i scairchaipiteal cuideachta a aistriú chuig duine ar bith.
- (b) Ach amháin mar a údaraítear le *mír (a)*, ní aistreoidh ná ní choimhtheoidh an tAire a scaireanna i scairchaipiteal cuideachta.

Scaireanna a eisiúint chuig sínitheoirí an mheabhráin comhlachais.

20.—(1) Eiseofar scair amháin i scairchaipiteal cuideachta do gach sínitheoir de shínitheoirí mheabhrán comhlachais na cuideachta.

(2) Déanfar costas na scaireanna sin a airleacan chuig a sínitheoirí as an bPríomh-Chiste nó as a thoradh fáis.

Oibleagáid ar scairsealbhoirí áirithe scaireanna a shealbhú ar iontaobhas.

21.—(1) Déanfaidh comhalta cuideachta a ndéanfar scair i gcaipiteal cuideachta a eisiúint chuige nó chuici faoi *alt 20* nó a aistriú chuige nó chuici faoi *alt 19 (3)* an scair sin sa chuideachta a shealbhú ar iontaobhas don Aire agus beidh de cheangal air nó uirthi, dá réir sin, na díbhinní go léir agus an t-airgead eile go léir a gheobhaidh sé nó sí i leith na scaire a íoc leis an Aire chun sochair don Státchiste agus, de réir mar a cheanglóidh an tAire agus nuair a cheanglóidh sé nó sí air nó uirthi é, an scair a aistriú chuig an Aire nó chuig duine a bheidh ainmnithe chuige sin ag an Aire.

(2) Ach amháin nuair a cheanglófar air nó uirthi de bhun *fho-alt (1)*, ní aistreoidh nó ní choimhtheoidh an comhalta sin a scair i scairchaipiteal cuideachta.

(3) Ar bhás comhalta de chuideachta dá dtagraítear i *bhfo-alt (1)*, dílseofar don Aire Airgeadais an scair a bhí á sealbhú ag an gcomhalta sin i scairchaipiteal na cuideachta, gan é a bheith riachtanach í a aistriú.

22.—(1) Déanfar na méideanna go léir in ionannas díbhinní nó airgid eile a gheobhaidh an tAire i leith scaireanna atá á sealbhú aige nó aici i scairchaipiteal cuideachta a íoc isteach sa Státchiste nó a dhiúscairt chun sochair don Státchiste i cibé slí a ordóidh sé nó sí.

Díbhinní, etc., a íoc isteach sa Státchiste.

(2) Déanfar na méideanna go léir in ionannas díbhinní nó airgid eile a gheobhaidh an tAire Airgeadais i leith scaire atá á sealbhú aige nó aici i scairchaipiteal cuideachta agus na méideanna go léir in ionannas aisíoca airleacan inaisíoctha, nó úis ar an gcéanna, a bheidh faighte nó gnóthaithe aige nó aici ó chuideachta, a íoc isteach sa Státchiste nó a dhiúscairt chun sochair don Státchiste i cibé slí a ordóidh sé nó sí.

23.—(1) (a) Faoi réir thoiliú an Aire agus an Aire Airgeadais, féadfaidh cuideachta nó fochuideachta, trí bhintíúir a eisiúint nó ar shlí eile, airgead (lena n-áirítear airgead in airgeadra seachas airgeadra an Stáit) a fháil ar iasacht chun críoch caipitiúil, lena n-áirítear caipiteal oibre, ó dhaoine seachas an tAire Airgeadais.

Cumhacht chun airgead a fháil ar iasacht.

(b) Ní mó aon tráth áirithe comhiomlán iasachtaí ag cuideachta agus ag fochuideachta nó ag ceachtar acu faoi mhír (a) ná 50 faoin gcéad de luach cibé méid de shócmhainní na cuideachta a áirítear mar shócmhainní dochta chun críocha a cuntas.

(2) Féadfaidh an tAire, le toiliú an Aire Airgeadais, an céatadán a bheidh arna shonrú de thuras na huairé i *bhfo-alt (1) (b)* a athrú le hordú.

(3) Féadfaidh cuideachta nó fochuideachta airgead (lena n-áirítear airgead in airgeadra seachas airgeadra an Stáit) a fháil ar iasacht go sealadach ach ní mó comhiomlán na n-iasachtaí sin ag cuideachta agus ag fochuideachta nó ag ceachtar acu a bheidh gan aisíoc aon tráth ná cibé méid a bheidh arna cheadú de thuras na huairé ag an Aire le toiliú an Aire Airgeadais.

(4) Chun críocha an ailt seo, maidir le hairgead a fuarthas ar iasacht in airgeadra seachas airgeadra an Stáit, measfar gur coibhéis é in airgeadra an Stáit don airgead a fuarthas ar iasacht iarbhír, agus an choibhéis sin á ríomh de réir an ráta iomlaoide don airgeadra sin agus airgeadra an Stáit an tráth a fuarthas an iasacht.

24.—(1) I ndáil le hairgead a gheobhaidh cuideachta ar iasacht faoi alt 23, féadfaidh an tAire Airgeadais, tar éis dul i gcomhairle leis an Aire, ráthaíocht a thabhairt i cibé foirm agus slí agus i cibé airgead (lena n-áirítear airgead in airgeadra seachas airgeadra an Stáit) agus ar cibé téarmaí agus coinníollacha is cuí leis nó léi, go n-aisíocfaidh an chuideachta go cuí príomhshuim aon airgid a gheobhaidh an chuideachta ar iasacht nó go n-íocfar go cuí tráthchodanna nó méideanna eile airgid a bheidh dlite den chuideachta faoi chonradh a rinne an chuideachta nó go n-íocfar ús ar aon airgead, tráthchuid nó méid, nó go n-aisíocfar príomhshuim nó go n-íocfar na tráthchodanna nó na méideanna sin, de réir mar a bheidh, agus go n-íocfar an t-ús, agus féadfar a áireamh in aon

An tAire do ráthú airgid a fhaightear ar iasacht.

ráthaíocht den sórt sin ráthaíocht go n-íocfar coimisiún agus caiteachais theagmhasacha a éireoidh i dtaca leis an airgead sin a gheofar ar iasacht nó leis an gconradh sin.

(2) I gcás go dtabharfar nó inar tugadh ráthaíocht faoin alt seo, déanfaidh an chuideachta lena mbaineann, má cheanglaíonn an tAire Airgeadais amhlaidh, cibé urrús (lena n-áirítear, go háirithe, bintiúir) a thabhairt dó nó di a bheidh sonraithe sa cheanglas chun a urrú don Aire Airgeadais go n-aisíocfar aon airgead a dhlífidh sé nó sí a íoc nó a bheidh íoctha aige nó aici, faoin ráthaíocht.

(3) Déanfaidh an tAire Airgeadais, a luaithe is féidir tar éis dheireadh gach bliana airgeadais, ráiteas a leagan faoi bhráid gach Tí den Oireachtas ina leagtar amach maidir le gach ráthaíocht faoin alt seo a tugadh i rith na bliana sin nó a tugadh aon tráth roimh thosach na bliana sin agus a bhí i bhfeidhm i dtosach na bliana sin—

(a) sonraí na ráthaíochta,

(b) i gcás aon íocaíocht a bheith déanta aige nó aici faoin ráthaíocht roimh dheireadh na bliana sin, méid na híocaíochta agus an méid (más ann) a aisíocadh leis nó léi ar scór na híocaíochta, agus

(c) an méid airgid a bhí faoi bhrí na ráthaíochta agus a bhí gan aisíoc i ndeireadh na bliana sin.

(4) Déanfaidh an chuideachta lena mbaineann airgead a d'íoc an tAire Airgeadais faoi ráthaíocht faoin alt seo a aisíoc leis an Aire Airgeadais (mar aon le hús ar an airgead sin de réir cibé ráta nó rátaí a cheapfaidh sé nó sí) laistigh de cibé tréimhse ó dháta na híocaíochta ag an Aire Airgeadais a shonróidh sé nó sí tar éis dul i gcomhairle leis an gcuideachta.

(5) I gcás nach mbeidh an t-airgead go léir nó aon chuid den airgead a cheanglaítear le fo-alt (4) a aisíoc leis an Aire Airgeadais aisíoctha de réir an fho-ailt sin, déanfar an méid a bheidh gan aisíoc amhlaidh a aisíoc leis an bPríomh-Chiste as airgead a sholáthróidh an tOireachtas.

(6) D'ainneoin airgead a sholáthar faoi *fho-alt* (5) chun méid a aisíoc leis an bPríomh-Chiste, leanfaidh an chuideachta lena mbaineann de bheith faoi dhliteanas don Aire Airgeadais i leith an mhéid sin agus déanfaidh an chuideachta an méid sin (mar aon le hús ar an méid sin de réir cibé ráta nó rátaí a cheapfaidh an tAire Airgeadais) a aisíoc leis an Aire Airgeadais ag cibé tráthanna agus i cibé tráthchodanna a cheapfaidh sé nó sí agus, mura ndéanfar aisíoc mar a dúradh agus gan dochar d'aon mhodh gnóthaithe eile, beidh sé inghnóthaithe aige nó aici ón gcuideachta mar fhiach conartha shimplí in aon chúirt dlínse inniúla.

(7) I ndáil le ráthaíocht faoin alt seo in airgead in airgeadra seachas airgeadra an Stáit—

(a) glacfar le gach tagairt do phríomhshuim, le gach tagairt do thráthchodanna nó méideanna eile airgid, le gach tagairt d'ús agus leis an tagairt do choimisiún agus caiteachais theagmhasacha i *bhfo-alt* (1) mar thagairt do choibhéis na príomhshuime iarbhír, na dtráthchodanna nó méideanna eile airgid iarbhír, an úis iarbhír nó an choimisiúin agus na gcaiteachas teagmhasach iarbhír, de réir mar is cuí, in airgeadra an Stáit,

- (b) glactar leis an tagairt don mhéid airgid i *bhfo-alt* (3) (c) mar thagairt do choibhéis an mhéid airgid iarbhir in airgeadra an Stáit, agus an choibhéis sin á ríomh de réir an ráta iomlaoide de thuras na huairé don airgeadra sin agus airgeadra an Stáit,
- (c) glactar le gach tagairt d'airgead i *bhfo-ailt* (4) go (6) mar thagairt do chostas an airgid iarbhir in airgeadra an Stáit.

25.—(1) Féadfaidh an tAire Airgeadais, tar éis dul i gcomhairle leis an Aire, airgead a chur ar fáil do chuideachta chun oibreacha caipitiúla a mhaoiniú. Ní mó ná 50 milliún méid comhiomlán an airgid a chuirfear ar fáil do chuideachta nó do chuideachtaí faoin alt seo.

Oibreacha caipitiúla a mhaoiniú.

(2) Féadfar an t-airgead sin a chur ar fáil—

- (a) trí iasachtaí a thabhairt don chuideachta lena mbaineann ar cibé téarmaí maidir le haisíoc, ús agus nithe eile a chinneadh an tAire Airgeadais tar éis dul i gcomhairle leis an gcuideachta,
- (b) trí scaireanna sa chuideachta lena mbaineann a cheannach (is chuig an Aire a eiseofar na scaireanna sin), nó
- (c) trí na hiasachtaí sin agus tríd an gceannach scaireanna sin.

(3) Má mhainníonn cuideachta airgead a tugadh ar iasacht di faoi *fhó-alt* (2) a aisíoc, leanfaidh an chuideachta de bheith faoi dhliteanas ag an Aire Airgeadais i leith an mhéid nár íocadh agus déanfaidh an chuideachta an méid sin (mar aon le hús ar an méid sin de réir cibé ráta nó rátaí a cheapfaidh an tAire Airgeadais) a aisíoc leis an Aire Airgeadais cibé tráthanna agus i cibé tráthchodanna cheapfaidh sé nó sí agus, mura ndéanfar aisíoc mar a dúradh agus gan dochar d'aon mhodh gnóthaithe eile, beidh sé inghnóthaithe aige nó aici ón gcuideachta mar fhiach conartha shimplí in aon chúirt dlínse inniúla.

26.—(1) An t-airgead go léir a bheidh ag teastáil ó am go ham ón Aire Airgeadais faoi chomhair suimeanna a thiocfaidh chun bheith iníoctha aige nó aici faoin *alt* 24 nó 25 airleacfar é as an bPríomh-Chiste nó as a thoradh fáis.

Airgead a sholáthar le haghaidh íocaíochtaí as an bPríomh-Chiste.

(2) Féadfaidh an tAire, chun soláthar a dhéanamh d'airleacain as an bPríomh-Chiste faoin alt seo, aon suimeanna a bheidh ag teastáil chuige sin a fháil ar iasacht ar urrús an bPríomh-Chiste nó a thoradh fáis agus, d'fhonn na hiasachtaí sin a fháil, féadfaidh sé nó sí urrúis a bhunú agus a eisiúint agus iad faoi réir cibé ráta úis, agus faoi réir cibé coinníollacha i dtaobh aisíoca, fuascailte nó aon ní eile is cuí leis nó léi, agus íocfaidh sé nó sí isteach sa Stáitchiste na suimeanna go léir a gheofar ar iasacht amhlaidh.

(3) Déanfar príomhshuim na n-urrús go léir a eiseofar faoin alt seo agus an t-ús ar na hurrúis sin agus na caiteachais a thabhoirfear i ndáil le heisiúint na n-urrús sin a mhuirearú ar an bPríomh-Chiste nó a thoradh fáis agus beidh siad iníoctha as an gcéanna.

27.—(1) Gan dochar do cheanglais Achtanna na gCuideachtaí i ndáil le cláir chomhardaithe agus cuntais, coimeádfaidh cuideachta, i cibé foirm a cheadóidh an tAire agus le toiliú an Aire Airgeadais, gach cuntas is cuí agus is gnáth ar an airgead go léir a gheobhaidh sí

Cuntais agus iniúchtaí.

nó a chaithfidh sí, lena n-áirítear cuntas sochair agus dochair, cuntas ina dtaispeántar díorthú chistí na cuideachta agus na críocha a n-úsáidtear ina leith iad (dá ngairtear “an ráiteas faoi shreabhadh airgid” i *bhfo-alt* (2)) agus clár comhardaithe agus, go háirithe, coimeádfaidh sí na cuntais speisialta sin go léir a ordóidh an tAire ó am go ham san fhoirm sin a dúradh.

(2) Déanfaidh cuideachta cuntais a choimeádfaidh sí de bhun an ailt seo a chur faoi bhráid iniúchóra lena n-iniúchadh gach bliain agus, díreach tar éis an iniúchta, déanfaidh an chuideachta cóip den chuntas sochair agus dochair, den ráiteas faoi shreabhadh airgid, den chlár comhardaithe, agus de cibé cuntais eile (más ann) de na cuntais a ordóidh an tAire agus cóip de thuarascáil an iniúchóra maidir leis na cuntais a thíolacadh don Aire.

Tuarascálacha bliantúla, tuarascáil an chathaoirligh agus faisnéis a thabhairt don Aire.

28.—(1) Déanfaidh cuideachta, tráth nach déanaí ná 6 mhí tar éis dheireadh gach bliana cuntasáíochta de chuid na cuideachta, tuarascáil i dtaobh a gníomhaíochtaí agus i dtaobh gníomhaíochtaí aon fhochuideachtaí i rith na bliana sin a thabhairt don Aire agus cuirfidh an tAire faoi deara cóipeanna den tuarascáil, maille leis na cuntais i leith na bliana sin agus tuarascáil an iniúchóra orthu arna dtíolacadh ag an gcuideachta dó nó di faoi *alt* 27, a leagan faoi bhráid gach Tí den Oireachtas.

(2) Beidh i dtuarascáil dá dtagraítear i *bhfo-alt* (1) faisnéis, i cibé foirm a ordóidh an tAire tar éis dul i gcomhairle leis an gcuideachta agus le toiliú an Aire Airgeadais, maidir le hoibríochtaí agus costéifeachtacht na cuideachta agus aon fhochuideachtaí agus maidir leis na spriocanna airgeadais i gcaitheamh na chéad 5 bliana eile tar éis ullmhú thuarascáil na cuideachta agus tuarascála aon fhochuideachtaí.

(3) Déanfaidh cuideachta, má cheanglaíonn an tAire uirthi déanamh amhlaidh, cibé faisnéis a cheanglóidh sé nó sí a chur ar fáil dó nó di i leith aon chláir comhardaithe nó cuntais eile nó aon tuarascála de chuid na cuideachta nó aon fhochuideachtaí nó i ndáil le beartas agus oibríochtaí (seachas oibríochtaí ó lá go lá) na cuideachta nó aon fhochuideachtaí.

(4) Déanfaidh cathaoirleach cuideachta, tráth nach déanaí ná 6 mhí tar éis dheireadh gach bliana cuntasáíochta de chuid na cuideachta, tuarascáil a thabhairt don Aire ina mbeidh—

- (a) ráiteas faoi gach forbairt shuntasach a bhfuil baint ag an gcuideachta léi agus a tharla an bhliain sin (lena n-áirítear an chuideachta d’fháil scaireanna nó do bhunú fochuideachtaí) agus, a mhéid nach n-áirítear tuairisc den sórt sin i ráiteas den sórt sin, tuairisc ar aon talamh a bheith faighte nó diúscartha ag an gcuideachta i rith na bliana sin, ar fáil nó diúscairt í nár cuireadh tuairisc uirthi san áireamh i dtuarascáil faoin bhfo-alt seo don bhliain chuntasáíochta roimhe sin,
- (b) tuairisc ar gach ceann de na nithe seo a leanas a cheapann an cathaoirleach a tharlóidh an chéad bhliain chuntasáíochta díreach tar éis na bliana sin, eadhon—
 - (i) an chuideachta d’fháil talún,
 - (ii) an chuideachta do dhiúscairt aon talún dá cuid (trí dhíol nó trí léas a dheonú),

- (c) tuairisc ar na nithe (seachas na nithe sin dá dtagraítear i *mír (b)*) a cheapann an cathaoirleach a éireoidh an bhliain chuntasaíochta díreach tar éis na bliana sin (nó, i gcás go measfaidh an cathaoirleach é a bheith oiriúnach in aon chás áirithe, aon bhliain chuntasaíochta dá éis sin) a d'fhéadfadh difear a dhéanamh go feadh aon mhéid shuntasaigh don chuideachta,
- (d) ráiteas, de réir mar is fearr is eol don chathaoirleach nó mar a chreideann sé nó sí, i dtaobh an ndearnadh gach ceann de na nithe seo a leanas a chomhlíonadh nó ar cloíodh leo, maidir leis an gcuideachta an bhliain sin, eadhon—
 - (i) ceanglais an Achta seo nó aon achtacháin eile i ndáil le cuntais chuideachta agus ráitis i dtaobh ghnóthaí airgeadais cuideachta,
 - (ii) treoirlínte arna n-eisiúint ag an Rialtas nó ag an Aire Airgeadais, i ndáil le cuntais fiontar Stáit nó ráitis i leith a ngnóthaí airgeadais,
 - (iii) *alt 32*,
 - (iv) aon chód cleachtais do stiúrthóirí agus comhaltaí foirne fiontar Stáit arna n-eisiúint ag an Rialtas, nó ag an Aire Airgeadais,
 - (v) *alt 15*,
 - (vi) rialacháin a bheidh i bhfeidhm de thuras na huaire faoi Acht na gComhphobal Eorpach, 1972, nó treoirlínte arna n-eisiúint ag an Rialtas nó ag an Aire Airgeadais, i ndáil le húdarás poiblí do dhéanamh conradh le haon duine maidir leis an duine sin do sholáthar earraí nó seirbhísí don údarás,
 - (vii) aon treoirlínte arna n-eisiúint ag an Rialtas nó ag an Aire Airgeadais i ndáil leis an luach saothair a bheidh le híoc ag fiontair Stáit lena bpríomhfheidhmeannaigh,
- (e) i gcás go luafar nár comhlíonadh aon ní dá dtagraítear i *mír (d)* nó nár cloíodh leis, míniú (a mhéid atá an cathaoirleach in ann míniú a thabhairt) ar an gcúis nár comhlíonadh an ní nó nár cloíodh leis.

(5) San alt seo tá le “fiontair Stáit” an bhrí chéanna atá leis in *alt 15(4)*.

29.—(1) Féadfaidh an tAire—

Iniúchtaí
feidhmíochta.

- (a) i ndeireadh na tréimhse 3 bliana dar tosach dáta thosach feidhme an ailt seo, agus
- (b) i ndeireadh gach tréimhse 3 bliana ina dhiaidh sin dar tosach an tráth a rachaidh an tréimhse is déanaí roimhe sin in éag,

duine a bheidh cáilithe go hoiriúnach a cheapadh chun scrúdú a dhéanamh maidir le héifeachtúlacht agus costéifeachtacht chomhlíonadh a feidhmeanna nó a bhfeidhmeanna ag cuideachta nó

cuideachtaí agus torthaí an scrúdaithe a thuairisciú i scríbhinn don Aire; déanfaidh an duine sin an scrúdú sin agus tuarascáil a chur i gcrích laistigh den tréimhse 6 mhí ó dháta a cheapacháin nó a ceapacháin.

(2) Cuirfidh an tAire cóip de thuarascáil faoi *fho-alt (1)* faoi bhráid an Rialtais agus na cuideachta nó na gcuideachtaí lena mbaineann an tuarascáil.

(3) Déanfaidh an chuideachta nó na cuideachtaí lena mbaineann an scrúdú agus an tuarascáil faoi *fho-alt (1)* costais an scrúdaithe agus na tuarascála a íoc leis an Aire.

Fostaí-stiúrthóirí,
stiúrthóirí údaráis
áitiúil agus
stiúrthóirí eile.

30.—(1) (a) Déanfaidh an tAire maidir le cuideachta, ar mó ná 50 líon a cuid fostaithe, 2 fhostaí den chuideachta a thoghfar de réir an *Chúigiú Sceideal* a cheapadh chun go mbeidh gach duine díobh ina stiúrthóir ar an gcuideachta.

(b) Déanfaidh an tAire maidir le cuideachta, ar mó ná 30 ach nach mó ná 50 líon a cuid fostaithe, fostaí den chuideachta a thoghfar de réir an *Chúigiú Sceideal* a cheapadh chun bheith ina stiúrthóir ar an gcuideachta.

(c) Déanfaidh an tAire maidir le cuideachta (seachas cuideachta dá dtagraítear i *mír (a)* nó *(b)*) duine a cheapadh chun bheith ina stiúrthóir ar an gcuideachta a bheidh, i dtuairim an Aire, ionadaitheach do leasanna fhostaithe na cuideachta.

(d) Sula ndéanfaidh sé nó sí aon cheapachán faoi *mhír (c)*, rachaidh an tAire i gcomhairle le haon cheardchumann nó comhlachas foirne aitheanta lena mbaineann agus féadfaidh an ceardchumann nó an comhlachas, tar éis dul i gcomhairle mar sin, a mholadh don Aire go gceapfar duine áirithe faoin mír sin agus breithneoidh an tAire moladh den sórt sin.

(2) Gan dochar d'fhorálacha an Achta seo maidir le téarma oifige stiúrthóirí cuideachta agus maidir lena gcur as oifig nó lena ndícháiliú ó oifig, beidh deireadh le téarma oifige stiúrthóra cuideachta a cheapfar faoi *fho-alt (1)* agus is fostaí den chuideachta ar é nó í d'éirí as fostaíocht, nó scor d'fhostaíocht, leis an gcuideachta nó ar é nó í a dhífhostú ón bhfostaíocht sin.

(3) Déanfaidh an tAire, más rud é go mbeidh an duine toilteanach gníomhú mar stiúrthóir den sórt sin, fostaí de chuideachta a roghnófar de réir *mhír 8* den *Chúigiú Sceideal* a cheapadh chun corrholúntas a líonadh a tharlóidh in oifig stiúrthóra den chuideachta arna cheapadh nó arna ceapadh faoi *mhír (a)* nó *(b)* d'*fho-alt (1)* ar feadh a mbeidh fágtha den téarma oifige dár ceapadh an stiúrthóir sin.

(4) Beidh stiúrthóir cuideachta a cheapfar faoi *fho-alt (1)*, faoi réir an ailt seo, inainmnithe mar iarrthóir agus beidh sé nó sí intofa i dtoghchán faoin *gCúigiú Sceideal*.

(5) Déanfar toghchán faoin *gCúigiú Sceideal* laistigh de 12 mhí tar éis an lae dílseacháin iomchuí nó cibé tréimhse is faide ná sin ar a gcomhaontóidh an chuideachta agus aon cheardchumann nó comhlachas foirne aitheanta lena mbaineann agus déanfar toghchán gach cúigiú bliain dá éis sin.

(6) Ceapfaidh an tAire 3 chomhalta d'údarás áitiúil forordaithe nó d'údarás áitiúla fhorordaithe (a mbeidh gach duine díobh ainmnithe chun críocha an fho-ailt seo sa tslí fhorordaithe ag údarás áitiúil forordaithe nó údarás áitiúla fhorordaithe) chun go mbeidh gach duine díobh ina stiúrthóir ar chuideachta.

(7) Le linn dó nó di duine amháin nó níos mó a roghnú lena cheapadh nó lena ceapadh nó lena gceapadh mar stiúrthóir nó stiúrthóirí ar chuideachta (nach stiúrthóir nó stiúrthóirí lena mbaineann foráil roimhe seo den alt seo), rachaidh an tAire i gcomhairle—

- (a) le Comhlachas Tráchtála na hÉireann (nó aon chomharba dá chuid),
- (b) le Cónaidhm Ghnó agus Fostóirí na hÉireann (nó aon chomharba dá chuid), agus
- (c) le cibé daoine eile is cuí leis an Aire,

agus féadfaidh gach duine de na daoine a dúradh, tar éis dul i gcomhairle mar sin, a mholadh don Aire go gceapfar duine nó daoine áirithe mar stiúrthóir nó stiúrthóirí den sórt sin, agus breithneoidh an tAire moladh den sórt sin.

31.—(1) I gcás go mbeidh aon liúntas is iníoctha le stiúrthóir ar chuideachta á chinneadh ag an gcuideachta, ní chuirfidh an chuideachta san áireamh gur faoi *alt 30*, nó nach faoi *alt 30*, de réir mar a bheidh, a ceapadh an stiúrthóir.

Luach saothair, etc. stiúrthóirí a cheaptar faoi *alt 30*.

(2) Maidir le fostaí cuideachta a cheapfar faoi *alt 30 (1)* chun bheith ina stiúrthóir ar chuideachta agus nach dualgais lánaimsire a dhualgais nó a dualgais mar stiúrthóir den sórt sin, ní bhainfidh aon laghdú dó nó di sa luach saothair ar ghnách dó nó di súil a bheith aige nó aici é a fháil mar fhostaí den chuideachta dá mba rud é nár stiúrthóir den sórt sin é nó í.

32.—(1) Más rud é go n-éireoidh aon cheann de na nithe seo a leanas ag cruinniú de stiúrthóirí cuideachta nó fochuideachta, eadhon—

Stiúrthóirí do nochtadh leasanna áirithe.

- (a) comhshocraíocht ar páirtí inti an chuideachta nó aon fhochuideachta nó comhshocraíocht den sórt sin atá beartaithe,
- (b) conradh nó comhaontú eile leis an gcuideachta nó le haon fhochuideachta nó conradh nó comhaontú eile den sórt sin atá beartaithe,
- (c) an chuideachta nó aon fhochuideachta do thabhairt, do dheonú nó d'athnuachan deimhnithe, ceadúnais, údaráithe nó ionstraime ceadaithe,

ansin, aon stiúrthóir den chuideachta nó den fhochuideachta chéadluaite atá i láthair ag an gcruinniú agus ag a bhfuil leas, seachas ina cháil nó ina cáil mar stiúrthóir den sórt sin, sa ní ar aon slí, cibé acu go díreach nó go neamhdhíreach—

- (i) nochtfaidh sé nó sí an leas sin agus cineál an leasa don chuideachta nó don fhochuideachta chéadluaite ag an gcruinniú,

- (ii) ní bheidh sé nó sí i láthair ag an gcruinniú nó ag an gcuid sin den chruinniú ar lena linn a phléifear an ní,
- (iii) ní ghlacfaidh sé nó sí aon pháirt in aon bhreithniú a dhéanfaidh na stiúrthóirí maidir leis an ní, agus
- (iv) ní vótálfaidh sé nó sí ar chinneadh a bhaineann leis an ní.

(2) I gcás go nochtfar leas de bhun an ailt seo, déanfar an nochtadh a thaifeadadh i miontuairiscí an chruinnithe lena mbaineann agus, fad a bheidh an cruinniú ag plé leis an ní lena mbaineann an nochtadh, ní áireofar an stiúrthóir a dhéanfaidh an nochtadh sa chóram don chruinniú.

(3) Más rud é, ag cruinniú de stiúrthóirí cuideachta nó fochuideachta, go n-éireoidh ceist i dtaobh cé acu arbh ionann nó nárbh ionann iompar áirithe, dá ndéanfaidh stiúrthóir den chuideachta nó den fhochuideachta dá réir, agus mainneachtain aige nó aici ceanglais *fho-alt (1)* a chomhlíonadh, féadfaidh cathaoirleach an chruinnithe, a mbeidh a bhreith nó a breith críochnaitheach, an cheist a chinneadh, agus i gcás go ndéanfar ceist den sórt sin a chinneadh amhlaidh, déanfar sonraí an chinnidh a thaifeadadh i miontuairiscí an chruinnithe.

(4) I gcás gur deimhin leis an Aire gur sháraigh stiúrthóir fo-alt (1), féadfaidh an tAire, más cuí leis nó léi, agus le toiliú an Aire Airgeadais, an stiúrthóir sin a chur as oifig agus, i gcás go gcuirfear duine as oifig de bhun an fho-ailt seo, beidh sé nó sí dícháilithe feasta chun bheith ina stiúrthóir den chuideachta lena mbaineann nó d'fhochuideachta.

(5) Ní bheidh feidhm ag alt 194 d'Acht na gCuideachtaí, 1963, maidir le stiúrthóir cuideachta nó fochuideachta.

(6) Aon duine a sháróidh an t-alt seo beidh sé nó sí ciontach i gcion.

(7) Ní mheasfar go ndéanann aon ní san alt seo dochar d'oibriú aon rialach dlí lena gcuirtear srian ar stiúrthóirí cuideachta aon leas a bheith acu i gconarthaí leis an gcuideachta.

Nochtadh
neamhúdairithe
faisnéise a
thoirmeasc.

33.—(1) Ní nochtfaidh duine faisnéis rúnda a gheobhaidh sé nó sí le linn dó nó di dualgais a chomhlíonadh mar stiúrthóir, nó mar chomhalta d'fhoireann, cuideachta nó mar chomhairleoir nó sainchomhairleoir do chuideachta, mura mbeidh sé nó sí údairithe go cuí déanamh amhlaidh.

(2) Aon duine a sháróidh *fo-alt (1)*, beidh sé nó sí ciontach i gcion.

(3) San alt seo—

ciallaíonn “rúnda” ní a deirtear a bheith rúnda ó thaobh faisnéise áirithe nó ó thaobh faisnéise d'aicme nó de thuairisc áirithe;

ciallaíonn “údairithe go cuí” údairithe ag an gcuideachta nó ag duine éigin a bheidh údairithe chuige sin ag an gcuideachta.

34.—(1) Más rud é, i gcás stiúrthóra cuideachta—

Comhaltas de
cheachtar Teach
den Oireachtas nó
de Pharlaimint na
hEorpa.

- (a) go n-ainmneofar é nó í mar chomhalta de Sheanad Éireann, nó
- (b) go dtoghfar é nó í mar chomhalta de cheachtar Teach den Oireachtas nó chun Parlaimint na hEorpa, nó
- (c) go measfar, de bhun alt 15 (a cuireadh isteach leis an Acht um Thoghcháin do Pharlaimint na hEorpa, 1993) den Acht um Thoghcháin do Thionól na hEorpa, 1977, é nó í a bheith tofa chun na Parlaiminte sin chun folúntas a líonadh,

scoirfidh sé nó sí air sin de bheith ina stiúrthóir ar an gcuideachta.

(2) Más rud é, i gcás duine a bheidh ar fostú ag cuideachta—

- (a) go n-ainmneofar é nó í mar chomhalta de Sheanad Éireann, nó
- (b) go dtoghfar é nó í mar chomhalta de cheachtar Teach den Oireachtas nó chun Parlaimint na hEorpa, nó
- (c) go measfar, de bhun alt 15 (a cuireadh isteach leis an Acht um Thoghcháin do Pharlaimint na hEorpa, 1993) den Acht um Thoghcháin do Thionól na hEorpa, 1977, é nó í a bheith tofa chun na Parlaiminte sin chun folúntas a líonadh,

beidh sé nó sí air sin ar iasacht ó fhostaíocht na cuideachta agus ní íocfaidh an chuideachta leis nó léi, ná ní bheidh sé nó sí i dteideal go bhfaighidh sé nó sí ón gcuideachta, aon luach saothair nó liúntais i leith na tréimhse dar tosach tráth a ainmnithe nó a hainmnithe nó a tofa nó a tofa amhlaidh, nó an tráth a mheasfar amhlaidh é nó í a bheith tofa (de réir mar a bheidh), agus dar críoch an tráth a scoirfidh sé nó sí de bheith ina chomhalta nó ina comhalta de cheachtar Teach acu sin nó den Pharlaimint sin.

(3) Aon duine a bheidh de thuras na huaire i dteideal faoi Bhuan-Orduithe ceachtar Tí den Oireachtas suí sa Teach sin nó is comhalta de Pharlaimint na hEorpa, beidh sé nó sí, fad a bheidh sé nó sí i dteideal amhlaidh nó ina chomhalta nó ina comhalta den sórt sin, dícháilithe chun bheith ina stiúrthóir ar chuideachta nó chun bheith fostaithe in aon cháil ag cuideachta.

(4) Gan dochar do ghinearáltacht *fho-alt* (2), forléireofar an fo-alt sin mar fho-alt lena dtoirmiscear tréimhse atá luaite ann a ríomh mar sheirbhís le cuideachta chun críche aon sochar aoisliúntais.

35.—(1) Beidh príomhfheidhmeannach ar chuideachta.

An Príomh-
fheidhmeannach.

(2) (a) Is é nó í a bheidh sa chéad phríomhfheidhmeannach ar chuideachta (seachas Cuideachta Chuan Dhún Laoghaire)—

- (i) má bhí feidhmeanna i ndáil le cuan na cuideachta arna ndílsiú roimh an lá dílseacháin iomchuí d'údarás cuain atá sonraithe i gCuid I den Chéad Sceideal a ghabhann le hAcht 1946, an duine arbh é nó í Bainisteoir Ginearálta an údaráis cuain sin an lá roimh an lá sin, nó

- (ii) má bhí feidhmeanna i ndáil le cuan na cuideachta arna ndílsiú roimh an lá dílseacháin iomchuí d'údarás cuain atá sonraithe i gCuid II den Sceideal sin, an duine arbh é nó í rúnaí an údaráis cuain sin an lá roimh an lá sin.

- (b) Is duine a bheidh ainmnithe agus ceaptha ag Cuideachta Chuan Dhún Laoghaire, tar éis dul i gcomhairle leis an Aire, a bheidh sa chéad phríomhfheidhmeannach ar an guideachta sin.

(3) Is iad stiúrthóirí eile na cuideachta a cheapfaidh gach príomhfheidhmeannach ar chuideachta ina dhiaidh sin, tar éis dul i gcomhairle leis an Aire, agus féadfaidh siad é nó í a chur as oifig, tar éis dul i gcomhairle leis an Aire.

(4) Is iad feidhmeanna an phríomhfheidhmeannaigh ar chuideachta riaradh na cuideachta a sheoladh, a bhainistiú agus a rialú i gcoitinne, faoi réir ordacháin dhleathacha stiúrthóirí na cuideachta.

(5) Ach amháin i gcás an chéad phríomhfheidhmeannaigh ar chuideachta (seachas Cuideachta Chuan Dhún Laoghaire), sealbhóidh an príomhfheidhmeannach ar chuideachta oifig ar cibé téarmaí agus coinníollacha agus faoina réir (lena n-áirítear téarmaí agus coinníollacha a bhaineann le luach saothair agus liúntais) a chinnfidh stiúrthóirí na cuideachta le toiliú an Aire arna thabhairt le ceadú an Aire Airgeadais.

Beidh an Príomhfheidhmeannach ina stiúrthóir.

36.—Beidh an príomhfheidhmeannach ar chuideachta ina stiúrthóir *ex officio* den chuideachta.

Forálacha maidir le foireann cuideachta (lena n-áirítear máistir cuain).

37.—(1) (a) Gan dochar d'aon fhoráil eile den Acht seo, ceanglófar ar chuideachta na daoine seo a leanas a fhostú—

- (i) máistir cuain,

- (ii) cibé fostaithe eile agus cibé líon fostaithe eile a mheasfaidh sí is gá chun a dualgais a chomhlíonadh go cuí.

- (b) Féadfaidh máistir cuain ó am go ham comhalta eile amháin nó níos mó d'fhoireann na cuideachta a bhfuil sé nó sí ar fhostú aici is comhalta nó comhaltaí a bheidh cáilithe go hoiriúnach a údarú chun feidhm a thugtar dó nó di le foráil den Acht seo nó le hionstraim arna déanamh faoin Acht seo a chomhlíonadh agus, fad a bheidh an comhalta nó na comhaltaí sin údaraithe amhlaidh, déanfar tagairtí san fhoráil lena mbaineann agus in *alt 50* don mháistir cuain a fhorléiriú mar thagairtí a fholáionn tagairtí don chomhalta nó do na comhaltaí sin.

(2) Gan dochar do cheanglais *alt 39*, déanfaidh cuideachta, le linn an luach saothair nó na liúntais i leith caiteachas a bheidh le hóc le comhaltaí dá foireann, lena n-áirítear an príomhfheidhmeannach, nó na téarmaí nó na coinníollacha eile ar faoina réir a shealbhaíonn nó a shealbhóidh na comhaltaí sin a bhfostaíocht a chinneadh, aird a thabhairt ar threoirlínte Rialtais nó ar threoirlínte a bheidh comhaontaithe ar bhonn náisiúnta agus a bheidh ar marthain de thuras na huaire, nó ar bheartas Rialtais maidir le luach saothair

agus coinníollacha fostaíochta a bheidh ar marthain amhlaidh, agus i dteannta an mhéid sin roimhe seo, comhlíonfaidh cuideachta aon treoracha maidir le luach saothair, liúntais, téarmaí nó coinníollacha den sórt sin a thabharfaidh an tAire don chuideachta le toiliú an Aire Airgeadais.

38.—Gach duine a bheidh, an lá díreach roimh an lá dílseacháin iomchuí, ina chomhalta nó ina comhalta—

Foireann a aistriú ó iarúdarás cuain nó ó Roinn na Mara chuig cuideachta.

(a) d'fhoireann údaráis cuain do chuan, nó

(b) i gcás Chuan Dhún Laoghaire, d'fhoireann Roinn na Mara agus a bheidh ainmnithe ag an Aire lena fhostú nó lena fostú ag Cuideachta Chuan Dhún Laoghaire,

an lá dílseacháin sin, aistrefar é nó í chuig foireann na cuideachta, agus tiocfaidh sé nó sí chun bheith ina chomhalta nó ina comhalta d'fhoireann na cuideachta, a bheidh bunaithe de bhun *alt 7* maidir leis an gcuan sin.

39.—(1) Ach amháin i gcomhréir le comhaontú comhchoiteann arna chaibidil le haon cheardchumann nó comhlachas foirne aitheanta lena mbaineann nó le comhaontú arna chaibidil leis an duine lena mbaineann, aon duine a aistrefar chuig cuideachta faoi *alt 38* ní lú fabhar dó nó di, fad a bheidh sé nó sí i seirbhís na cuideachta, na coinníollacha seirbhíse nó luacha saothair ar a guirfear é nó í ná na coinníollacha seirbhíse nó luacha saothair a raibh sé nó sí faoina réir díreach roimh an lá dílseacháin iomchuí.

Forálacha is infheidhme maidir le haistriú foirne faoi *alt 38*.

(2) Go dtí go ndéanfaidh an chuideachta, tar éis dul i gcomhairle le haon cheardchumann nó comhlachas foirne aitheanta lena mbaineann nó le duine amháin nó níos mó de na daoine a bheidh aistrithe faoi *alt 38* chuig cuideachta, athrú ar scálaí pá agus coinníollacha seirbhíse na ndaoine sin, leanfaidh na scálaí pá a raibh teideal ag na daoine sin chucu agus na coinníollacha seirbhíse, na srianta, na ceanglais agus na hoibleagáidí a raibh siad faoina réir díreach sular aistríodh iad, d'fheidhm a bheith acu maidir leo agus féadfaidh an chuideachta iad a chur i bhfeidhm nó a fhorchur fad a bheidh siad ina seirbhís.

(3) Na coinníollacha maidir le seilbh oifige a dheonóidh an chuideachta i ndáil le duine a aistrefar chuici faoi *alt 38* agus a bhí, díreach roimh an lá dílseacháin iomchuí, i seilbh oifige faoi na hAchtanna um Údaráis Áitiúla (Oifigigh agus Fostaithe), 1926 go 1983, nó ina chomhalta nó ina comhalta d'fhoireann Roinn na Mara, ní lú fabhar dó nó di iad, fad a bheidh sé nó sí i seirbhís na cuideachta, ná na coinníollacha sin is infheidhme de thuras na huair maidir le daoine atá i seilbh oifige faoi na hAchtanna sin nó, i gcás gur chomhalta d'fhoireann Roinn na Mara é nó í, maidir le daoine is státseirbhísigh; aon athrú ar na coinníollacha maidir le seilbh oifige an duine sin, ní lú fabhar dó nó di é ná na coinníollacha ab infheidhme tráth an athraithe sin maidir le daoine atá i seilbh oifige faoi na hAchtanna sin nó, de réir mar is cuí, maidir le daoine is státseirbhísigh, ach amháin i gcomhréir le comhaontú comhchoiteann arna chaibidil le haon cheardchumann nó comhlachas foirne aitheanta lena mbaineann nó le comhaontú arna dhéanamh leis an duine sin. Má bhíonn aon díospóid ann idir an chuideachta agus aon duine den sórt sin i dtaobh na gcoinníollacha is infheidhme de thuras na huair maidir le daoine atá i seilbh oifige faoi na hAchtanna réamhráite nó daoine is státseirbhísigh, is é nó is í an tAire

Airgeadais, tar éis dul i gcomhairle leis an Aire, a chinnfidh an cheist.

(4) (a) Maidir le duine a aistreofar chuig cuideachta faoi *alt 38*, beidh seirbhís roimh ré ag an duine i bhfostaíocht an iarúdaráis cuain do chuan na cuideachta nó sa státseirbhís, de réir mar a bheidh, ináirithe chun críocha na nAchtanna um Íocaíochtaí Iomarcaíochta, 1967 go 1991, na nAchtanna um Laethanta Saoire (Fostaithe), 1973 agus 1991, na nAchtanna um Fhógra Íosta agus Téarmaí Fostaíochta, 1973 go 1991, na nAchtanna um Dhífhostú Éagórach, 1977 go 1993, ach sin faoi réir aon eisceachtaí nó eisiataí atá iontu.

(b) Folaíonn an tagairt san fho-alt seo do sheirbhís roimh ré ag duine i bhfostaíocht iarúdaráis cuain tagairt do sheirbhís roimh ré ag an duine ar shlí eile seachas i bhfostaíocht an údaráis cuain ar phléigh an t-údarás cuain léi mar sheirbhís aige nó aici ina bhfostaíocht.

(5) San alt seo, tá le “státseirbhíseach” agus le “státseirbhís” na bríonna céanna atá le “stát-sheirbhíseach” agus le “stát-sheirbhís”, faoi seach, in Acht Rialuithe na Stát-Sheirbhíse, 1956.

Scéimeanna
aoisliúntais.

40.—(1) Faoi réir *fho-alt (8)*, déanfaidh cuideachta, nó, i gcás cuideachta dá dtagraítear in *alt 41 (1)*, féadfaidh sí, scéim nó scéimeanna chun sochair aoisliúntais a dheonú do cibé comhaltaí d’fhoireann na cuideachta (lena n-áirítear an príomhfheidhmeannach), nó ina leith, is cuí léi, a ullmhú agus a chur faoi bhráid an Aire.

(2) (a) Socrófar le gach scéim den sórt sin an tráth scoir agus na coinníollacha scoir do na daoine go léir a mbeidh sochair aoisliúntais iníoctha leo, nó ina leith, faoin scéim agus féadfar tráthanna éagsúla agus coinníollacha éagsúla a shocrú i leith aicmí éagsúla daoine.

(b) Féadfar foráil a dhéanamh le gach scéim den sórt sin, i gcás gur cuí foráil a dhéanamh amhlaidh, maidir leis na nithe dá dtagraítear i *bhfo-ailt (3) (b) (ii)* agus *(6) (ii) d’alt 41*.

(3) Féadfar gach scéim den sórt sin a leasú nó a chúlghairm le scéim ina dhiaidh sin a ullmhófar, a chuirfear faoi bhráid an Aire agus a cheadófar faoin alt seo.

(4) Maidir le sochair aoisliúntais a dheonófar faoi scéimeanna faoin alt seo do dhaoine a bhí, díreach roimh an lá dílseacháin iomchuí, ina gcomhaltaí d’fhoireann údaráis cuain nó d’fhoireann Roinn na Mara, de réir mar a bheidh, agus maidir leis na téarmaí agus na coinníollacha a bhaineann leis na sochair sin, ní lú fabhar do na daoine sin iad ná na sochair agus na téarmaí agus na coinníollacha sin a raibh teideal acu chucu díreach roimh an lá sin.

(5) I gcás comhaltaí d’fhoireann Chuideachta Chuan Dhún Laoghaire, déanfar sochair aoisliúntais a fhéadfar a dheonú do cibé comhaltaí de na comhaltaí a bhí, díreach roimh an lá dílseacháin iomchuí, ina gcomhaltaí d’fhoireann Roinn na Mara, nó ina leith, a eisíoc ar choinníollacha nach lú fabhar do na comhaltaí sin iad ná na coinníollacha sin a mbeadh feidhm acu dá leanfaí de na sochair sin a íoc as airgead arna sholáthar ag an Oireachtas.

(6) Déanfaidh cuideachta scéim, a chuirfidh an chuideachta faoi bhráid an Aire faoin alt seo, má cheadaíonn an tAire í le toiliú an Aire Airgeadais, a chur i gcrích de réir a téarmaí.

(7) Ní dheonóidh cuideachta aon sochar aoisliúntais, ná ní dhéanfaidh an chuideachta aon socrúithe eile chun sochar den sórt sin a chur ar fáil, d’aon chomhalta d’fhoireann na cuideachta, nó ina leith, ar shlí seachas de réir scéime faoin alt seo, de réir scéime dá dtagraítear i *bhfo-alt (1) d’alt 41* nó de bhun oibleagáidí na cuideachta faoi *fho-ailt (6)* agus (7) den alt sin.

(8) (a) Féadfaidh an tAire le hordú cuideachta, ar lú líon a fostaithe ná 30, a dhíolmhú ó cheanglais *fho-alt (1)*.

(b) Beidh foráil in ordú den sórt sin lena gceanglófar ar an gcuideachta lena mbaineann an díolúine áirithe cibé socrúithe a dhéanamh le sealbhóir ar údarú a cinnteoidh go n-íocfaidh an sealbhóir sin, ar cibé téarmaí agus coinníollacha a chinnfidh an chuideachta le toiliú an Aire agus an Aire Airgeadais, sochair aoisliúntais le comhaltaí d’fhoireann na cuideachta, nó ina leith.

(c) San fho-alt seo, tá le “údarú” an bhrí chéanna atá leis i Rialacháin Chreata na gComhphobal Eorpach (Árachas Saoil), 1994 (I.R. Uimh. 360 de 1994).

41.—(1) (a) Maidir le scéim aoisliúntais a bheidh déanta—

(i) faoi alt 151 d’Acht 1946, nó

(ii) faoi aon achtachán eile (seachas ceann dá dtagraítear i *bhfo-alt (6)*),

Scéimeanna
aoisliúntais
láithreacha, cistí
pinsin a bhunú,
socrúithe le
haghaidh píolótaí,
etc.

ag iarúdarás cuain do chuan cuideachta agus a bheidh i bhfeidhm díreach roimh an lá dílseacháin iomchuí, leanfaidh sí (d’ainneoin na haisghairme a dhéantar le *halt 5* den *alt sin 151* nó le haon achtachán eile mar a dúradh nó, de réir mar a bheidh, d’ainneoin aon scoir a dhéantar leis an gcéanna) de bheith i bhfeidhm agus d’fheidhm a bheith aici maidir le gach duine a raibh feidhm aici maidir leis nó léi díreach roimh an lá sin.

(b) Aon duine—

(i) a bhí, díreach roimh an lá dílseacháin iomchuí, ina chomhalta nó ina comhalta d’fhoireann an iarúdaráis cuain do chuan cuideachta (is cuideachta a gcoimeádtar scéim dá dtagraítear i *bhfomhír (i)* de *mhír (a)* i bhfeidhm i ndáil léi faoin mír sin) ach nach raibh páirteach i scéim den sórt sin, nó

(ii) a thiocfaidh chun bheidh ina chomhalta nó ina comhalta d’fhoireann cuideachta den sórt sin tar éis an lae dílseacháin iomchuí,

féadfaidh sé nó sí, tar éis an lae dílseacháin iomchuí, a bheith páirteach i scéim den sórt sin de réir fhorálacha na scéime.

(c) Chun críocha an fho-ailt seo—

- (i) aon tagairtí i scéim a choimeádtar i bhfeidhm faoi *mhír (a)* don údarás cuain a rinne an scéim, forléireofar iad mar thagairtí don chuideachta a gcoimeádtar an scéim i bhfeidhm i ndáil léi amhlaidh agus déanfar forálacha na scéime a fhorléiriú thairis sin ionas go mbeidh éifeacht leo i ndáil leis an gcuideachta sin agus le comhaltaí a foirne agus le daoine eile lena mbaineann,
 - (ii) aon chiste arna bhunú ag an údarás cuain sin chun críocha scéime mar a dúradh agus a bhí ar marthain díreach roimh an lá dílseacháin iomchuí, leanfaidh sé de bheith ar marthain chun críocha na scéime agus, aon daoine a cheap an t-údarás cuain roimh an lá sin mar iontaobhaithe chun an ciste sin a riaradh agus nach mbeidh a gceapachán arna chúlghairm díreach roimh an lá sin, leanfaidh siad de na cumhachtaí, na cearta agus na dualgais mar iontaobhaithe den sórt sin a bheith acu agus a theachtadh (faoi réir théarmaí na hionstraime dá dtagraítear i *bhfomhír (iii)* agus fhorálacha aon achtacháin nó aon ionstraime faoi),
 - (iii) aon ionstraim lenar ceapadh, nó faoinar ceapadh, na hiontaobhaithe sin, leanfaidh sí, faoi réir fhorálacha aon achtacháin nó aon ionstraime faoi, d'éifeacht a bheith léi chun críocha an chiste a dúradh agus, chun na críche seo, déanfar forálacha na hionstraime a fhorléiriú sa tslí chéanna leis an tslí ina bhforáiltear le *fomhír (i)* go bhforléireofar forálacha na scéime lena mbaineann.
- (d) Maidir le cuideachta a gcoimeádtar scéim i bhfeidhm i ndáil léi faoin bhfo-alt seo, féadfaidh sí an scéim a leasú nó a chúlghairm, nó, má ordáíonn an tAire di déanamh amhlaidh, déanfaidh sí, sa tslí a shonraítear san ordachán, an scéim a leasú nó a chúlghairm, ionann is dá mba scéim í arna déanamh faoi *alt 40 (1)* ach ní dhéanfar aon leasú ar an scéim arb é an toradh a bheadh air gur lú fabhar do chomhaltaí fhoireann na cuideachta agus do dhaoine eile lena mbaineann na sochair aoisliúntais a dheonófar faoin scéim nó na téarmaí agus na coinníollacha i ndáil leis an scéim ná na sochair agus na téarmaí agus na coinníollacha a raibh siad ina dteideal faoin scéim roimh an leasú a dhéanamh.

(2) Gan dochar *d'fho-alt (1)*, i gcás go ndlífeair sochar aoisliúntais a íoc le duine, nó i leith duine, lena mbaineann *fo-alt (4) d'alt 40* sa tréimhse dar tosach an lá dílseacháin iomchuí agus dar críoch tráth díreach roimh theacht i ngníomh do scéim a bheidh curtha faoi bhráid an Aire ag cuideachta agus a bheidh ceadaithe faoin alt sin, déanfaidh an chuideachta an sochar a ríomh agus a íoc i gcomhréir le cibé scéim aoisliúntais nó le cibé achtacháin i ndáil le haoisliúntas a bhain leis an duine sin díreach roimh an lá dílseacháin sin agus, chun na críche sin, déanfar a sheirbhís nó a seirbhís inphinsin leis an gcuideachta a chomhiomlánú lena sheirbhís nó lena seirbhís inphinsin roimhe sin.

- (3) (a) Faoi réir *mhír (b)*, aon chuideachta a dhéanfaidh scéim faoi *alt 40 (1)*, déanfaidh sí, a luaithe is féidir tar éis an scéim a dhéanamh—
 - (i) ciste a bhunú óna bhféadfar sochair aoisliúntais is iníoctha faoin scéim a íoc,

- (ii) cibé socruithe a mheasfaidh sí is gá chun ciste den sórt sin a riaradh (lena n-áirítear iontaobhaithe a cheapadh chun na críche).
- (b) Ní bheidh feidhm ag *mír (a)* más rud é—
- (i) go mbeidh, díreach sula ndéanfar scéim mar a dúradh (“an scéim dá héis”), ciste ar marthain i leith scéime aoisliúntais a choimeádtar i bhfeidhm faoi *fho-alt (I)* i ndáil leis an gcuideachta lena mbaineann (“an scéim roimpi”), is ciste a choimeádtar ar marthain de bhua *fho-alt (I) (c) (ii)* nó a bhunófar faoi *mhír (c)*, agus
- (ii) go bhforáiltear leis an scéim dá héis—
- (I) go leanfaidh an ciste sin ar marthain chun críocha na scéime dá héis, nó
- (II) mura gcúlghairfear an scéim roimpi leis an scéim dá héis, go mbeidh éifeacht leis an gciste sin chun críocha na scéime roimpi agus na scéime dá héis araon.
- (c) Más rud é, i leith scéime aoisliúntais a choimeádtar i bhfeidhm faoi *fho-alt (I)*, nach ndearna an t-iarúdarás cuain a rinne an scéim aon chiste a bhunú, déanfaidh an chuideachta a gcoimeádtar an scéim i bhfeidhm amhlaidh i ndáil léi, a luaithe is féidir tar éis an lae dílseacháin iomchuí—
- (i) ciste a bhunú óna bhféadfar sochair aoisliúntais is iníoctha faoin scéim a íoc i ndiaidh an lae sin,
- (ii) cibé socruithe a mheasfaidh sí is gá chun ciste den sórt sin a riaradh (lena n-áirítear iontaobhaithe a cheapadh chun na críche).
- (d) (i) Déanfaidh cuideachta gach beart réasúnach chun a chinntiú go gcuimseofar, an dáta cuí agus ón dáta cuí amach, i gciste a bheidh bunaithe aici faoi *mhír (a)* nó *(c)* nó a choimeádtar ar marthain i ndáil léi de bhua *fho-alt (I) (c) (ii)*, airgead leordhóthanach chun go bhféadfar sochair aoisliúntais a íoc ón gciste sin, ar leithligh ó ioncaim na cuideachta, faoin scéim nó faoi na scéimeanna lena mbaineann de réir mar a bheidh, agus nuair a bheidh, na sochair sin le híoc.
- (ii) Sa mhír seo, ciallaíonn “dáta cuí” an dáta a shonróidh an tAire chun críocha na míre seo i ndáil leis an gcuideachta lena mbaineann tar éis dul i gcomhairle leis an gcuideachta sin.
- (4) (a) Beidh, i ndáil le scéim nó scéimeanna a dhéanfaidh cuideachta faoi *alt 40 (I)*, seirbhís roimh ré ag comhalta d’fhoireann na cuideachta i bhfostaíocht an iar-údaráis cuain do chuan na cuideachta nó i Roinn na Mara, de réir mar a bheidh, ináirithe, i ndáil le scéim nó scéimeanna a dhéanfaidh an chuideachta faoi *alt 40 (I)*, mar sheirbhís leis an gcuideachta chun críocha na scéime nó na scéimeanna.

- (b) Folaíonn an tagairt sa mhír seo do sheirbhís roimh ré ag duine i bhfostaíocht údaráis cuain nó i Roinn na Mara tagairt do sheirbhís roimh ré ag an duine ar shlí seachas i bhfostaíocht an údaráis cuain nó i Roinn na Mara, de réir mar a bheidh, ar phléigh an t-údarás cuain nó an Roinn Stáit sin, de réir mar a bheidh, léi mar sheirbhís aige nó aici ina bhfostaíocht nó ina fostaíocht chun críocha aoisliúntais.
- (5) (a) Cinnfidh an tAire Airgeadais ranníoc cuí, i ndáil le seirbhís ináirithe a tugadh roimh an lá dílseacháin iomchuí, faoi chomhair na sochar aoisliúntais a fhéadfar a dheonú do dhaoine nó i leith daoine a aistreofar chuig foireann Chuideachta Chuan Dhún Laoghaire faoi *alt 38* agus, faoi réir *mhír (c)*, íocfaidh sé nó sí cibé ranníoc leis na hiontaobhaithe a cheapfar faoi *fho-alt (3)* i leith an chiste lena mbaineann cibé tráthanna agus i cibé slí a chinnfidh sé nó sí.
- (b) I gcás go mbeidh aon chuid den ranníoc faoi *mhír (a)* gan íoc ar feadh aon tréimhse tar éis an lae dílseacháin iomchuí, beidh ús infoctha ag an Aire Airgeadais leis na hiontaobhaithe dá dtagraítear sa mhír sin de réir cibé ráta a chinnfidh an tAire Airgeadais i leith na tréimhse sin ar an méid a bheidh gan íoc amhlaidh.
- (c) Déanfar íocaíochtaí faoi *mhír (a)* nó *(b)* tráth nach déanaí ná 5 bliana tar éis an lae dílseacháin iomchuí.
- (6) D'ainneoin aisghairm an *Pilotage Act*, 1913, le *halt 5*—
- (a) aon chiste sochair do phíolótaí arna bhunú faoi *alt 17 (1)* (j) den Acht sin ag an iarúdarás píolótaíochta do cheantar píolótaíochta cuideachta agus a bheidh ar marthain díreach roimh thosach feidhme *alt 56* i ndáil leis an gcuideachta sin, nó
- (b) aon scéim aoisliúntais nó aon socruithe a bheidh déanta ag an údarás píolótaíochta sin chun sochair aoisliúntais a dheonú do phíolótaí, nó ina leith, agus a bheidh ceadúnaithe faoin Acht sin i leith an cheantair píolótaíochta sin agus a bheidh i bhfeidhm díreach roimh an tosach feidhme sin,

leanfaidh sé, sí nó siad de bheith ar marthain nó i bhfeidhm agus, de réir mar is cuí—

- (i) féadfar plé leis, léi nó leo de réir comhaontaithe píolótaíochta faoi *alt 59*, nó
- (ii) féadfaidh an chuideachta sin plé leis, léi nó leo, nó é, í nó iad a riaradh thairis sin, i cibé slí a mheasfaidh sí bheith cóir agus cothromasach (lena bhféadfar a áireamh scéim faoi *alt 40 (1)* nó forálacha arna gcur isteach i scéim a choimeádtar i bhfeidhm i ndáil leis an gcuideachta faoi *fho-alt (1)*, le leasú uirthi faoin bhfo-alt sin, a chur in ionad an chiste, na scéime nó na socruithe),

ach ní ar shlí a dhéanfaidh dochar d'oibriú fhorálacha *fho-alt (7)*.

- (7) (a) San fho-alt seo—

folaíonn “sochair” sochair aoisliúntais;

ciallaíonn “cuideachta lena mbaineann” an chuideachta dá dtagraítear i *bhfo-alt (6)*;

ciallaíonn “píolóta iomchuí” píolóta dá dtagraítear i *bhfo-alt (6) (b)* a bhí ina phíolóta nó ina píolóta den sórt sin díreach roimh thosach feidhme *alt 56* i ndáil leis an gcuideachta lena mbaineann;

(b) Féadfaidh píolóta iomchuí a bheidh ar fostú ag an gcuideachta lena mbaineann faoi *alt 56 (1) (a)* díreach tar éis thosach feidhme na forála sin i ndáil leis an gcuideachta, a roghnú gan a bheith páirteach i scéim dá dtagraítear in *alt 40 (1)* nó i *bhfo-alt (1)* agus féadfaidh sé nó sí a cheangal ar an gcuideachta cibé socruithe a dhéanamh leis nó léi a chumasóidh dó nó di leanúint de na sochair (cibé acu is sochair chaomhnaithe iad nó nach ea) de chuid an chiste, na scéime nó na socruithe dá dtagraítear i *bhfo-alt (6)*, nó na sochair faoin gcéanna, a theacht sé nó sí roimh an tosach feidhme sin a theachtadh ach sin faoi réir na dtéarmaí agus na gcoinníollacha céanna ar foráladh leis an gciste, leis an scéim nó leis na socruithe sin go mbeadh teachtadh na sochar sin faoina réir.

(c) Cinnteoidh an chuideachta lena mbaineann go leanfaidh duine a bheidh ag fáil sochair faoi chiste, faoi scéim nó faoi shocruithe dá dtagraítear i *bhfo-alt (6)* díreach roimh thosach feidhme *alt 56* i ndáil leis an gcuideachta de na sochair sin a fháil tar éis an tosach feidhme sin agus go bhfaighidh sé nó sí na sochair sin faoi réir na dtéarmaí agus na gcoinníollacha céanna ar foráladh leis an gciste, leis an scéim nó leis na socruithe sin go mbeadh fáil na sochar sin faoina réir.

(8) Déanfar *fo-ailt (6)* agus (7) a fhorléiriú i dteannta *Chuid IV* mar aon ní amháin.

(9) I gcás gur deimhin leis an Aire, tar éis dul i gcomhairle leis an gcuideachta agus leis na hiontaobhaithe lena mbaineann—

(a) nach bhfuil dóthain airgid i gciste a bheidh bunaithe ag cuideachta faoi *mhír (a)* nó (c) *d'fho-alt (3)* nó a choimeádtar ar marthain i ndáil léi de bhua *fho-alt (1) (c) (ii)* chun a chumasú sochair aoisliúntais faoin scéim nó faoi na scéimeanna lena mbaineann a íoc as an gciste sin de réir mar a bheidh, agus nuair a bheidh, na sochair sin le híoc, agus

(b) nach bhfuil acmhainní ag an gcuideachta sin óna bhféadfaí na sochair sin a íoc de réir mar a bheidh siad, agus nuair a bheidh siad, le híoc,

ansin féadfaidh an tAire, le toiliú an Aire Airgeadais, cibé méid a chinnfidh sé nó sí a íoc leis na hiontaobhaithe lena mbaineann i leith dhliteanais na scéime sin nó na scéimeanna sin a d'éirigh roimh an lá dílseacháin iomchuí.

(10) Déanfar an t-airgead go léir a theastóidh ón Aire nó ón Aire Airgeadais ó am go ham faoi chomhair suimeanna atá, nó a thiocfaidh chun bheith, iníoctha aige nó aici faoin alt seo, a airleacan as an bPríomh-Chiste nó as a thoradh fáis.

(11) Má éiríonn aon díospóid maidir le héileamh aon duine ar aon sochar aoisliúntais, nó maidir le méid aon sochair aoisliúntais, is iníoctha de bhun scéime dá dtagraítear in *alt 40* nó san alt seo, cuirfear an díospóid sin faoi bhráid an Aire agus tarchuirfidh an tAire í chuig an Aire Airgeadais agus is beith chríochnaitheach a bheidh i mbreith an Aire Airgeadais.

(12) Gach scéim a dhéanfar faoi *alt 40*, nó faoi *mhír (d) d'fho-alt (1)*, lena leasófar nó lena gcúlghairfear scéim a choimeádtar i bhfeidhm faoin bhfo-alt sin, déanfar í a leagan faoi bhráid gach Tí den Oireachtas a luaithis is féidir tar éis a déanta agus, má dhéanann ceachtar Teach acu sin laistigh den 21 lá ina dhiaidh sin a shuífidh an Teach sin tar éis an scéim a leagan faoina bhráid, rún a rith ag neamhniú na scéime, beidh an scéim ar neamhniú dá réir sin, ach sin gan dochar do bhailíocht aon ní a rinneadh roimhe sin faoin scéim.

Fodhlíthe cuain.

42.—(1) (a) Gan dochar *d'alt 71*, (a bhaineann le fodhlíthe píolótaíochta), féadfaidh cuideachta fodhlíthe a dhéanamh maidir lena cuan a úsáid agus maidir le sábháilteacht loingseoireachta laistigh de, agus maidir le rialáil a cuain agus a maoine i gcoitinne.

(b) Gan dochar do ghinearáltacht *mhír (a)*, féadfaidh cuideachta, i ndáil lena cuan, fodhlíthe a dhéanamh chun gach críche nó chun aon chríche a luaitear i *gCuid I* den *Séú Sceideal*.

(2) Aon duine a sháróidh foráil d'fhodhlíthe a dhéanfar faoin alt seo, beidh sé nó sí ciontach i gcion.

(3) Aon fhodhlí, a bheidh déanta—

(a) faoi alt 60 d'Acht 1946, nó

(b) faoi aon achtachán a bhaineann le Cuan Dhún Laoghaire,

agus a bheidh i bhfeidhm díreach roimh an lá dílseacháin iomchuí agus a bhaineann le cuan cuideachta, leanfaidh sé i bhfeidhm i ndáil leis an gcuan sin amhail is dá mba faoin alt seo a rinneadh é agus féadfaidh an chuideachta sin é a leasú nó a chúlghairm dá réir sin.

Feidhmeanna a aistriú ó chuideachta amháin chuig cuideachta eile.

43.—(1) Más rud é, ar iarratas a bheith déanta chuig an Aire ó cheann amháin nó níos mó de na cuideachtaí dá dtagraítear san fho-alt seo á iarraidh ordú a dhéanamh faoin alt seo, gur dóigh leis an Aire go bhféadfadh cuideachta eile na feidhmeanna a thugtar do chuideachta nó do chuideachtaí leis an Acht seo nó faoi maidir le cuan nó cuanta a chomhlíonadh ar bhealach níos costéifeachtaí agus níos éifeachtúla, ar cuideachta í arna bunú de bhun *alt 7*, féadfaidh sé nó sí, le hordú, na feidhmeanna sin de chuid na cuideachta nó na gcuideachtaí (a ngairtear “cuideachta is aistreoír” di nó de gach ceann díobh san alt seo) a aistriú chuig an gcuideachta eile sin (a ngairtear “an chuideachta is aistrí” di san alt seo).

(2) Ní dhéanfar ordú faoin alt seo ach amháin le toiliú gach ceann de na cuideachtaí lena mbaineann an t-ordú.

(3) Déanfar foráil, le hordú faoin alt seo, maidir le cibé nithe de na nithe seo a leanas is gá sna himthosca:

- (a) gnóthas uile, agus maoin nó dliteanais uile, aon chuideachta is aistreoir, nó aon chuid den chéanna, a aistriú chuig an gcuideachta is aistrí,
- (b) aon imeachtaí dlí a bheidh ar feitheamh ag aon chuideachta is aistreoir, nó ina coinne, a choimeád ar marthain ag an gcuideachta is aistrí, nó ina coinne,
- (c) comhaltaí foirne aon chuideachta is aistreoir a aistriú isteach i bhfostaíocht na cuideachta is aistrí agus na scálaí pá agus na coinníollacha seirbhíse a mbeidh feidhm acu maidir leis an bhfoireann sin,
- (d) athrú ar ainm na cuideachta is aistrí,
- (e) aon chuideachta is aistreoir a dhíscaoileadh, gan í a fhoirceannadh, agus aon chuid dá maoin de bhreis ar riachtanais na cuideachta is aistrí a dhiúscairt chun tairbhe an Stát-Chiste,
- (f) cibé nithe teagmhasacha, iarmhartacha agus forlíontacha is gá chun a chinntiú go gcuirfear an t-aistriú feidhmeanna i gcrích go hiomlán agus go héifeachtach.

(4) Maidir le comhalta d'fhoireann cuideachta is aistreoir a aistreofar isteach i bhfostaíocht cuideachta is aistrí le hordú faoin alt seo, leanfaidh forálacha *ailt 39, 40* agus *41*, a mhéid a bhí feidhm acu maidir leis an gcomhalta sin roimh an aistriú sin, d'fheidhm a bheith acu maidir leis nó léi tar éis an aistrithe sin agus fad a bheidh sé nó sí i bhfostaíocht na cuideachta is aistrí agus chun na críche seo déanfar tagairtí sna forálacha sin do chuideachta a fhorléiriú mar thagairtí don chuideachta is aistrí agus forléireofar na forálacha sin thairis sin ionas go mbeidh éifeacht leo i ndáil leis an duine sin fad a bheidh sé nó sí san fhostaíocht sin.

44.—(1) Féadfaidh an tAire, tar éis dul i gcomhairle leis an Cumhachtaí ginearála an Aire. gcuideachta, ordachán i scríbhinn a thabhairt do chuideachta á cheangal uirthi déanamh de réir cinntí beartais de chineál ginearála a bheidh déanta ag an Aire i ndáil leis na nithe seo a leanas—

- (a) cuanta a fhorbairt,
- (b) sábháilteacht loingeas, loingseoireachta agus oibríochtaí i gcoitinne i gcuanta,
- (c) leibhéil na muirear cuain a fhorchuirfidh cuideachta nó cuideachtaí,
- (d) cuideachta nó cuideachtaí d'fháil nó do dhiúscairt tailte (lena n-áirítear trí léas a dheonú), nó
- (e) aon nithe eile a fhearann ar fheidhmeanna cuideachta nó cuideachtaí.

(2) Déanfaidh cuideachta de réir ordacháin a thabharfar di faoi *fho-alt (1)*.

(3) Ní fhorléireofar *fo-alt (1)* mar fho-alt a chumasaíonn don Aire aon chumhacht nó rialú a fheidhmiú i ndáil le comhlíonadh feidhme ag cuideachta in imthosca ar leith, ar feidhm í a thugtar di leis an Acht seo nó faoi.

- (4)

(a)

Féadfaidh an tAire, i gcomhairle leis an gcuideachta agus le toiliú an Aire Airgeadais, spriocanna airgeadais nó spriocanna eile a bheidh le baint amach ag an gcuideachta a leagan síos. Le linn dó nó di na spriocanna sin a leagan síos, beidh aird chuí ag an Aire ar aon ordachán a bheidh tugtha aige nó aici don chuideachta lena mbaineann faoi fho-alt (1).
- (b)

Féadfaidh an tAire, agus aird chuí aige nó aici ar chumas na cuideachta lena mbaineann na spriocanna airgeadais a leagadh síos ina leith faoi mhír (a) a bhaint amach agus tar éis dul i gcomhairle leis an Aire Airgeadais, na díbhinní a leagan síos a bheidh le hóc ag cuideachta i leith na scaireanna a shealbhaítear ina scairchaipiteal.

CUID III

FORÁLACHA MAIDIR LE SÁBHÁILTEACHT LOINGSEOIREACHTA AGUS SLÁNDÁIL I gCUAN

Baoithe, etc.

45.—

Súfidh agus cothabhálfaidh cuideachta baoithe agus soilse de cibé cineálacha agus ag cibé pointí ina cuan a mheasfaidh sí ó am go ham is gá, tar éis dul i gcomhairle le Coimisinéirí Soilse na hÉireann.

Cumhacht an mháistir cuain chun ordacháin áirithe a thabhairt.

46.—(1)

Féadfaidh an máistir cuain ar chuan, faoi réir aon fhodhlíthe a bheidh i bhfeidhm i ndáil leis an gcuan, cibé ordacháin a thabhairt do mháistir loinge a bheidh ag úsáid an chuain i dtaca le húsáideoir an chuain, a mheasfaidh an máistir cuain is cuí chun daoine agus maoin a chosaint nó chun trácht a rialáil agus, go háirithe, chun na gcríoch seo a leanas:

- (a)

chun an tráth agus an modh a rialáil ar a bhféadfaidh an long teacht go dtí aon chuid den chuan, dul isteach ann, dul amach as nó luí ann nó lena ais agus ionad, feistiú, dífheistiú, suíomh nó aistriú na loinge a rialáil,
- (b)

díchóimeáil na loinge a rialáil,
- (c)

gabháil agus scaoileadh amach ballasta sa long a rialáil,
- (d)

luchtú nó díluchtú lasta ón long a rialáil,
- (e)

an long a chosc ó loingseoireacht laistigh den chuan más é tuairim an mháistir cuain gur contúirt í, nó go bhféadfadh sí teacht chun bheith ina contúirt, don loingseoireacht.

(2)

Ní bheidh aon ordachán a thabharfar faoin alt seo in aghaidh aon ionstraime arna déanamh ag na Coimisinéirí Ioncaim faoi aon achtachán, aon ordacháin arna thabhairt acu faoi ionstraim den sórt sin nó faoi aon achtachán, nó an dlí a bhaineann le custaim, nó ar neamhréir léi nó leis.

(3)

I gcás go ndiúltóidh nó go mainneoidh máistir loinge déanamh de réir ordacháin ó mháistir cuain faoin alt seo nó mura féidir leis an máistir cuain teacht ar mháistir loinge ar mian leis nó léi ordachán a thabhairt faoin alt seo i ndáil léi—

- (a)

féadfaidh an máistir cuain an t-ordachán a chur i gcrích agus gach ní a dhéanamh is gá chun na críche sin nó a bheidh teagmhasach maidir leis an gcríoch sin, agus

- (b) déanfaidh máistir na loinge na costais a thabhófar le linn an t-ordachán a chur i gcrích amhlaidh a íoc leis an gcuideachta a mbeidh an máistir cuain ar fostú aici agus, mura n-íocfar iad, beidh siad inghnóthaithe ag an gcuideachta ón máistir mar fhiach conartha shimplí in aon chúirt dlínse inniúla.

(4) I gcás go ndiúltóidh nó go mainneoidh máistir loinge déanamh de réir ordacháin faoin alt seo, beidh sé nó sí ciontach i gcion.

47.—(1) Chun aon deisiúcháin nó obair ghlantóireachta a dhéanamh nó chun aon chríche eile a éireoidh i ndáil le cuan, féadfaidh an máistir cuain ar an gcuan, faoi réir aon fhodhlíthe a bheidh i bhfeidhm i ndáil leis an gcuan, a cheangal ar mháistir loinge a bheidh in áit laistigh den chuan an long a aistriú as an áit sin agus, nuair a bheidh sí aistrithe amhlaidh, an long a shuíomh i cibé áit nó ancaireacht a ordóidh an máistir cuain.

Cumhacht chun a cheangal go dtabharfar long chun bealaigh.

(2) I gcás go ndiúltóidh nó go mainneoidh máistir loinge déanamh de réir ceanglais ó mháistir cuain faoin alt seo nó mura féidir leis an máistir cuain teacht ar mháistir loinge ar mian leis an máistir cuain ceanglas faoin alt seo a dhéanamh i ndáil léi—

- (a) féadfaidh an máistir cuain an ceanglas a chur i gcrích agus gach ní a dhéanamh is gá chun na críche sin nó a bheidh teagmhasach maidir leis an gcríoch sin, agus
- (b) déanfaidh máistir na loinge na costais a thabhófar le linn an ceanglas a chur i gcrích amhlaidh a íoc leis an gcuideachta a mbeidh an máistir cuain ar fostú aici agus, mura n-íocfar iad, beidh siad inghnóthaithe ag an gcuideachta ón máistir mar fhiach conartha shimplí in aon chúirt dlínse inniúla.

(3) I gcás go ndiúltóidh nó go mainneoidh máistir loinge déanamh de réir ceanglais ó mháistir cuain faoin alt seo, beidh sé nó sí ciontach i gcion.

48.—(1) (a) Féadfaidh an máistir cuain ar chuan tráth ar bith (lena n-áirítear tráth roimh an tráth a thiocfaidh an long laistigh den chuan) a cheangal ar mháistir loinge ráiteas ar shnámh na loinge a thabhairt dó nó di.

Ráiteas ar shnámh agus lasta loinge.

- (b) I gcás go ndiúltóidh nó go mainneoidh máistir loinge déanamh de réir ceanglais ó mháistir cuain faoin bhfo-alt seo, beidh sé nó sí ciontach i gcion.

(2) (a) Sula rachaidh long isteach i gcuan, déanfaidh máistir na loinge—

- (i) ráiteas a thabhairt do mháistir cuain an chuain ar ghabháil aon lasta ar bord na loinge (cibé slí ina mbeidh sé coimeádta) agus ainm nó ainmneacha an duine nó na daoine a bheidh i dteideal glacadh le seachadadh an lasta sin, agus
- (ii) aon fhabhtanna ar an long agus ar a hinnealra agus a trealamh, agus aon ní a bhaineann go sonrach leis an long agus lena hinnealra agus a trealamh, is eol don mháistir agus a d'fhéadfadh difear ábhartha a

dhéanamh do loingseoireacht na loinge nó dá so-ionramháilteacht a chur in iúl don mháistir cuain sin.

(b) I gcás go mainneoidh máistir loinge déanamh de réir an fho-ailt seo, beidh sé nó sí ciontach i gcion.

Cumhacht chun dul isteach i long agus long, earraí agus doiciméid a iniúchadh.

49.—(1) Féadfaidh an máistir cuain ar chuan tráth ar bith dul isteach i long a bheidh laistigh den chuan más dóigh leis nó léi gur gá sin chun aon chumhacht a fheidhmiú a thugtar dó nó di le foráil den Acht seo (lena n-áirítear fo-alt (3)) nó le hionstraim arna déanamh faoi.

(2) Is fo-alt gan dochar d’alt 14 (5) é fo-alt (1).

(3) Féadfaidh an máistir cuain ar chuan—

(a) a cheangal tráth ar bith ar mháistir loinge a bheidh laistigh den chuan doiciméid a bheidh arna gcoimeád i ndáil leis an long agus lena foireann, lena n-áirítear doiciméid árachais, deimhnithe inniúlachta, fardail, billí ládála agus doiciméid eile a bhaineann le hearraí ar bord na loinge a thabhairt ar aird lena n-iniúchadh aige nó aici,

(b) long den sórt sin agus earraí den sórt sin a iniúchadh chun a fháil amach an bhfuil aon fhoráil den Acht seo nó d’fhodhlíthe arna ndéanamh faoi i ndáil leis an long nó leis na hearraí á comhlíonadh.

(4) Beidh máistir loinge a dhiúltóidh nó a mhainneoidh ceanglas ó mháistir cuain faoi *fo-alt* (3) (a) a chomhlíonadh ciontach i gcion.

(5) (a) Féadfaidh an tAire, le hordú, aicme shonraithe nó aicmí sonraithe loinge a bheidh ag gabháil go heisiach do sheirbhís an Stáit a dhíolmhú ó fheidhm an ailt seo agus fad a bheidh ordú den sórt sin i bhfeidhm forléireofar an t-alt seo agus beidh feidhm leis de réir an ordaithe.

(b) Déanfar an tagairt i *mír* (a) d’ordú a bheidh i bhfeidhm a fhorléiriú, maidir le hordú den sórt sin arna leasú le hordú a bheidh i bhfeidhm faoi *alt* 3 (4), mar thagairt don ordú céadluaite arna leasú amhlaidh.

Bac a chur ar mháistir cuain.

50.—Aon duine a chuirfidh bac nó treampán ar fheidhmiú cumhachta a thugtar don mháistir cuain ar chuan leis an Acht seo nó le hionstraim arna déanamh faoi, beidh sé nó sí ciontach i gcion.

Cosaint i leith freagrachtaí máistir loinge.

51.—Ní dhéanfaidh ordachán arna thabhairt do mháistir loinge, ná ceanglas arna chur air nó uirthi, ag máistir cuain faoin Acht seo nó faoi ionstraim arna déanamh faoi leathnú ná laghdú ar aon fhreagracht a bheidh ar mháistir na loinge i ndáil leis an long nó lasta na loinge sin.

Toirmeasc ar longa, feithiclí agus airteagail áirithe a thabhairt isteach i gcuan.

52.—(1) Faoi réir an ailt seo, féadfaidh an máistir cuain ar chuan diúltú cead isteach sa chuan a thabhairt do long, d’fheithicil nó do chóir iompair eile más rud é, mar gheall ar a cineál nó ar an riocht ina mbeidh aon earra de na hearraí a bheidh á n-iompar uirthi, go gcuirfí daoine nó maoin i mbaol, i dtuairim an mháistir chuain, ach í do dhul isteach amhlaidh sa chuan nó a bheith sa chuan ina dhiaidh sin.

(2) Faoi réir an ailt seo, ní fhéadfaidh an máistir cuain ar chuan cead isteach sa chuan a thabhairt d'ábhar radaighníomhach (de réir bhrí an Chóid Idirnáisiúnta Mhuirí um Earraí Contúirteacha de chuid na hEagraíochta Muirí Idirnáisiúnta) ach amháin le toiliú na hInstitiúide Éireannaí um Chosaint Raideolaíoch.

(3) Faoi réir an ailt seo, toirmiscear cead isteach i gcuan orthu seo a leanas—

- (a) long, feithicil nó cóir iompair atá cumhachtaithe go núicléach.
- (b) long, feithicil nó cóir iompair eile atá ag iompar aon airm núicléacha,
- (c) long, feithicil nó cóir iompair eile a bheidh ag iompar ábhar núicléach (de réir bhrí alt 2 den Acht um Chosaint Raideolaíoch, 1991), nó mianach nó substaintí eile arb é ábhair núicléacha a tháirgeadh a gceann riain.

(4) Féadfaidh an tAire, le toiliú an Aire Iompair, Fuinnimh agus Cumarsáide ar chomhairle na hInstitiúide Éireannaí um Chosaint Raideolaíoch, long, feithicil nó cóir iompair eile d'aicme shonraithe nó d'aicmí sonraithe a bheidh ag iompar ábhar núicléach a dhíolmhú ó fheidhm *fho-alt* (3) (c) agus fad a bheidh díolúine den sórt sin i bhfeidhm forléireofar *fo-alt* (3) agus beidh éifeacht leis de réir na díolúine.

(5) Ní bheidh feidhm ag *fo-ailt* (1), (2) agus (3) maidir le long de chuid seirbhíse cabhlaigh stáit (seachas an Stát) ach amháin le toiliú roimh ré ón Rialtas.

(6) Ní bheidh feidhm ag *fo-ailt* (1), (2) agus (3) maidir le long a bheidh i nguais ná i gcás go mbeidh garchontúirt ann do dhaoine.

(7) I gcás go rachaidh long, feithicil nó cóir iompair eile isteach i gcuan, tar éis cead isteach sa chuan a bheith diúltaithe di faoi *fho-alt* (1), nó de shárú ar *fho-alt* (3), maidir le húinéir agus máistir na loinge, nó úinéir na feithicle nó na córa iompair, nó an duine dá mbeidh an chóir iompair ar fruiliú an tráth a rachaidh sí isteach, beidh gach duine acu ciontach i gcion.

(8) Féadfaidh an máistir cuain ar chuan, tráth ar bith, trí fhógra a ghreamófar in áit fheiceálach sa chuan, a thoirmeasc aon airteagal de chineál nó d'aicme a shonrófar san fhógra mar ní ar dóigh dó, i dtuairim an mháistir cuain, daoine nó maoín a chur i mbaol, a thabhairt laistigh den chuan nó d'aon chuid shonraithe den chuan.

(9) Nuair a bheidh, agus fad a bheidh, fógra greamaithe faoi *fho-alt* (8) i gcuan, beidh éifeacht leis an bhfógra de réir théarma an fhógra agus—

- (a) aon duine a sháróidh an fógra beidh sé nó sí ciontach i gcion,
- (b) féadfaidh máistir cuain an chuain aon airteagal a thabharfaidh an duine sin isteach de shárú ar an bhfógra a thabhairt chun siúil agus é a shuíomh nó a stóráil áit eile (cibé acu laistigh nó lasmuigh den chuan) nó a chur faoi deara an t-airteagal a dhíothú, agus
- (c) déanfaidh an duine sin na caiteachais a bhainfidh leis an airteagal sin a thabhairt chun siúil agus a shuíomh agus a

stóráil in áit eile nó a dhíothú, de réir mar a bheidh, a íoc leis an gcuideachta ar lena cuan a bhaineann an fógra réamhráite agus, mura n-íocfaidh sé nó sí iad, beidh siad inghnóthaithe ag an gcuideachta sin ón duine sin mar fhiach conartha shimplí in aon chúirt dlínse inniúla.

(10) Ní dhéanfaidh an t-alt seo dochar d'fhorálacha an Achta um Thruailliú na Farraige, 1991, a mhéid a bhaineann siad le cuanta.

Cur isteach ar rud a shuítear i gcuan chun críche sábháilteachta.

53.—(1) Ní bheidh sé dleathach do dhuine cur isteach in aon slí ar aon ní a sholáthróidh cuideachta chun críche sábháilteachta laistigh dá cuan.

(2) Aon duine a sháróidh *fo-alt (1)* beidh sé nó sí ciontach i gcion.

Póilíní cuain a cheapadh, feidhmeanna póilíní cuain, etc.

54.—(1) Déanfaidh gach ceann de na cuideachtaí seo a leanas, eadhon, Cuideachta Phort Bhaile Átha Cliath agus Cuideachta Chuan Dhún Laoghaire na comhaltaí dá foireann dá dtagraítear i *bhfo-alt (2)* a cheapadh agus féadfaidh sí, más cuí léi, cibé comhaltaí eile dá foireann a chinneadh sí a cheapadh, chun a cuan a phóilíniú agus na cumhachtaí dá dtagraítear i *bhfo-alt (3)* a fheidhmiú agus forléireofar tagairtí san alt seo do phóilíní cuain cuideachta mar thagairtí do dhaoine a cheapfaidh an chuideachta faoin *bhfo-alt* seo.

(2) Na comhaltaí foirne a luaitear i *bhfo-alt (1)* is daoine iad a aistrítear ar an lá dílseacháin iomchuí faoi *alt 38* chuig Cuideachta Phort Bhaile Átha Cliath nó Cuideachta Chuan Dhún Laoghaire, de réir mar a bheidh, agus a bhí, díreach roimh an lá sin, fostaithe mar chonstáblaí faoi aon achtachán ag Bord Port agus Duganna Bhaile Átha Cliath nó ag Aire na Mara i gcás Chuan Dhún Laoghaire.

(3) (a) Faoi réir mhír (b), féadfaidh comhalta de phóilíní cuain cuideachta, laistigh de chuan na cuideachta, duine a ghabháil gan bharántas is duine a bhfuil drochamhras, le réasún, ar an gcomhalta go ndearna sé nó sí cion faoin Acht seo a shonraítear in *alt 6(1)* nó go bhfuil an céanna á dhéanamh aige nó aici.

(b) Ní bheidh comhalta de phóilíní cuain cuideachta i dteideal an chumhacht dá dtagraítear i *mír (a)* a fheidhmiú mura mbeidh oiliúint agus teagasc faighte aige nó aici (cibé acu roimh thosach feidhme an ailt seo nó dá éis) is oiliúint agus teagasc de chineál, i dtuairim na cuideachta lena mbaineann, tar éis dul i gcomhairle leis an Aire, a thabharfaidh treoir dó nó di i bhfeidhmiú na cumhachta sin.

(c) Déanfaidh cuideachta lena mbaineann ráiteas a fhormhuiniú ar an mbarántas a thabharfaidh sí do chomhalta dá phóilíní cuain faoi *fho-alt (4)* á rá go bhfuair an comhalta an oiliúint agus an teagasc dá dtagraítear i *mír (b)*.

(d) I gcás go ndéanfaidh comhalta de phóilíní cuain cuideachta duine a ghabháil faoi *mhír (a)* déanfaidh sé nó sí láithreach an duine a thabhairt isteach i gcoimeád comhalta den Gharda Síochána chun go bpléifear leis nó léi de réir an dlí.

(e) Ní dhéanfaidh gabháil duine faoi *mhír (a)* dochar d'athghabháil an duine sin faoi reacht nó ar shlí eile ag

comhalta den Gharda Síochána, ag oifigeach Custam agus Máil nó ag aon duine eile.

(f) Féadfaidh comhalta de phóilíní cuain cuideachta an máistir cuain ar chuan na cuideachta a thionlacan le linn dul isteach i long faoi *alt 14(5)* nó *49(1)* dó nó di (nó do dhuine a bheidh údaraithe aige nó aici faoi *alt 37(1)(b)* chun dul isteach amhlaidh).

(g) Aon duine a chuirfidh bac nó treampán ar chomhalta de phóilíní cuain cuideachta le linn duine a ghabháil faoi *mhír (a)* nó le linn do chomhalta den sórt sin máistir cuain nó duine eile a thionlacan faoi *mhír (f)* beidh sé nó sí ciontach i gcion.

(4) Déanfaidh cuideachta barántas a cheaptha nó a ceaptha a thabhairt, tráth a cheaptha nó a ceaptha, do dhuine a cheapfaidh an chuideachta mar chomhalta dá póilíní cuain.

(5) Féadfaidh cuideachta ceapachán duine mar chomhalta de phóilíní cuain na cuideachta a chúlghairm tráth ar bith más dealraitheach di go raibh an duine ciontach in aon mhí-iompar nó in aon fhaillí faoi dhualgas.

CUID IV

PÍOLÓTAÍOCHT

55.—(1) Sa Chuid seo agus i *gCuid II* den *Séú Sceideal*, mura n- Léiriú (*Cuid IV*). éilíonn an comhthéacs a mhalairt—

forléireofar “ceantar píolótaíochta cuideachta” de réir *fho-alt (2)*;

ciallaíonn “píolóta fostaithe” píolóta a bheidh fostaithe ag cuideachta faoi *alt 56* i leith a ceantair píolótaíochta agus forléireofar “píolóta fostaithe do cheantar píolótaíochta” agus abairtí gaolmhara dá réir sin;

ciallaíonn “iarúdarás píolótaíochta” údarás píolótaíochta dá dtagraítear in *alt 81*;

ciallaíonn “máistir cuain do cheantar píolótaíochta” máistir cuain na cuideachta dá dtugtar, le *halt 56*, an fheidhm arb éard í soláthar seirbhísí píolótaíochta sa cheantar píolótaíochta a eagrú agus a chinntiú.

ciallaíonn “píolóta ceadúnaithe” duine dár dheonaigh cuideachta ceadúnas faoi *alt 58 (1)* chun gníomhú mar phíolóta ina ceantar píolótaíochta agus forléireofar “píolóta ceadúnaithe do cheantar píolótaíochta” agus abairtí gaolmhara dá réir sin;

ciallaíonn “píolóta” píolóta fostaithe nó píolóta ceadúnaithe;

tá le “comhaontú píolótaíochta” an bhrí a shanntar dó le *halt 59 (1)*;

ciallaíonn “bád píolóta” bád nó long a úsáidtear le linn seirbhísí píolótaíochta a thabhairt;

tá le “deimhniú díolúine píolótaíochta” an bhrí a shanntar dó le *halt 72 (1)*;

ciallaíonn “píolóta do cheantar píolótaíochta” píolóta atá fostaithe nó ceadúnaithe do cheantar píolótaíochta;

ciallaíonn “ceadúnas píolóta” ceadúnas arna dheonú faoi *alt 58 (1)*;

ciallaíonn “barántas ceapacháin” barántas dá dtagraítear in *alt 58 (6)*.

(2) Déanfar tagairtí sa Chuid seo do cheantar píolótaíochta cuideachta a fhorléiriú mar thagairtí don cheantar píolótaíochta dá dtagraítear in *alt 56 (1)* agus a ndéantar an fheidhm arb éard í soláthar seirbhísí píolótaíochta a eagrú agus a chinntiú ann a thabhairt don chuideachta leis an alt sin.

(3) Déanfar tagairtí sa Chuid seo do na himthosca ina mbeidh píolótaíocht éigeantach do long le linn di a bheith ag loingseoireacht i gceantar píolótaíochta a fhorléiriú mar thagairtí do cibé imthosca a shonrófar i bhfodhlíthe faoi *alt 71*.

Píolótaíocht a eagrú.

56.—(1) Déanfaidh cuideachta a bhfuil a cuan suite i gceantar píolótaíochta údaráis píolótaíochta soláthar seirbhísí píolótaíochta a eagrú agus a chinntiú sa cheantar píolótaíochta sin ar cheann de na slí seo a leanas, eadhon—

(a) trí phíolótaí a fhostú mar chomhaltaí dá foireann, nó

(b) trí dhaoine a cheadúnú faoi *alt 58* chun gníomhartha píolótaíochta a dhéanamh laistigh den cheantar píolótaíochta sin:

Ar choinníoll, maidir le soláthar seirbhísí píolótaíochta a eagrú agus soláthar na seirbhísí ain a chinntiú i gCuan Dhún Laoghaire agus i gCuan Fhainge (cibé acu a bheidh nó nach mbeidh cuideachta arna bunú de bhun *alt 7* i leith ceachtar cuan acu sin)—

(i) i gcás an chéad chuain a luaitear, gurb í Cuideachta Phort Bhaile Átha Cliath a dhéanfaidh é,

(ii) i gcás an dara cuan a luaitear, gurb í Cuideachta Phoirt Inbhear na Sionainne a dhéanfaidh é,

agus sin sa tslí chéanna a dhéanann Cuideachta Phort Bhaile Átha Cliath nó Cuideachta Phoirt Inbhear na Sionainne, de réir mar a bheidh, soláthar seirbhísí píolótaíochta a eagrú agus a chinntiú thairis sin sa cheantar píolótaíochta réamhráite agus, dá réir sin, ach amháin i gcás go sonrófar a mhalairt le hordú faoi *alt 79 (1)*, ní bheidh feidhm ag an bhfo-alt seo maidir le Cuideachta Chuan Dhún Laoghaire nó Cuideachta Phort Fhainge agus ní dhéanfar tagairtí sa Chuid seo do chuideachta a fhorléiriú mar thagairtí a fholaíonn tagairtí do cheachtar cuideachta de na cuideachtaí a dúradh.

(2) Má chinneann cuideachta soláthar seirbhísí píolótaíochta a eagrú agus a chinntiú ina ceantar píolótaíochta sa tslí a shonraítear i *mír (a) d'fho-alt (1)*, féadfaidh an chuideachta socrú a dhéanamh maidir le hí d'íoc cúitimh le haon sealbhóir ar cheadúnas píolóta a dheonaigh an t-iarúdarás píolótaíochta le haghaidh cheantar píolótaíochta na cuideachta faoin *Pilotage Act, 1913*, agus a bhí i bhfeidhm díreach roimh thosach feidhme *fho-alt (1)* i ndáil leis an gcuideachta, maidir leis an gcaillteanas airgeadais (más ann) a thabhóidh an sealbhóir sin, i dtuairim na cuideachta, de dhroim an chuideachta do chur an chinnidh sin i gcrích.

(3) Chun críocha *fho-alt (1)*, féadfaidh cuideachta seirbhís báid píolóta dá ceantar píolótaíochta, agus cibé modh eile is cuí léi chun píolótaí a iompar go dtí áit nó ó áit laistigh dá ceantar píolótaíochta nó ina comharsanacht, a eagrú agus a oibriú.

(4) Déanfaidh an máistir cuain do cheantar píolótaíochta maoirsiú ar chomhall a ndualgas ag na píolótaí don cheantar píolótaíochta mar phíolótaí den sórt sin.

57.—(1) (a) Is iad na teorainneacha atá leagtha amach i *gCuid II* den *Tríú Sceideal* teorainneacha ceantair píolótaíochta cuideachta. Teorainneacha ceantair píolótaíochta cuideachta.

(b) Déanfar aon tagairt san Acht seo do cheantar píolótaíochta cuideachta a fhorléiriú mar thagairt a fholáionn tagairt d'aon phointe laistigh de theorainneacha a ceantair píolótaíochta mar a dúradh.

(2) (a) Fad a bheidh ordú faoi *alt 79* lena n-athraítear teorainneacha ceantair píolótaíochta cuideachta i bhfeidhm, déanfar *Cuid II* den *Tríú Sceideal*, a mhéid a bhaineann sí leis na teorainneacha sin, a fhorléiriú agus beidh éifeacht léi de réir an ordaithe.

(b) Déanfar an tagairt *i mír (a)* d'ordú a bheidh i bhfeidhm, maidir le hordú den sórt sin arna leasú le hordú a bheidh i bhfeidhm faoi *alt 3 (4)*, a fhorléiriú mar thagairt don ordú céadluaite arna leasú amhlaidh.

58.—(1) Chun críocha *mhír (b) d'alt 56 (1)* agus faoi réir fhorálacha aon fhodhlíthe a dhéanfaidh sí faoi *alt 71*, féadfaidh cuideachta, ar iarratas a bheith déanta chuici ag duine, ceadúnas a dheonú don duine sin chun gníomhú mar phíolóta ina ceantar píolótaíochta agus féadfaidh sí, faoi réir fhorálacha aon fhodhlíthe mar a dúradh agus *fho-alt (3)*, an ceadúnas sin a athnuachan de réir mar is gá. Ceadúnais agus barántais cheapacháin píolótaí.

(2) (a) Féadfaidh cuideachta, le linn ceadúnas a dheonú faoi *fho-alt (1)*, cibé coinníollacha a chur ag gabháil leis an gceadúnas is dóigh léi is cuí agus féadfar a áireamh sna coinníollacha sin coinníollacha maidir leis an limistéar laistigh de cheantar píolótaíochta na cuideachta a bhféadfaidh an sealbhóir ar an gceadúnas gníomhú mar phíolóta ina leith agus maidir leis an gcineál loinge a bhféadfaidh sé nó sí gníomhú mar phíolóta ina leith.

(b) Chun críocha an fho-ailt seo féadfaidh cuideachta na ceadúnais a dheonóidh sí faoi *fho-alt (1)* a roinnt ina gceadúnais d'aicmí éagsúla faoi threoir na gcoinníollacha éagsúla a chuirfidh sí ag gabháil leo agus féadfaidh sí cibé teideal is dóigh léi is cuí a thabhairt ar gach aicme ceadúnais den sórt sin.

(3) (a) Ní chuirfidh deonú nó athnuachan ceadúnais ag cuideachta faoi *fho-alt (1)* an chuideachta faoi dhliteanas i leith aon ghnímh nó mainneachtana ag an sealbhóir ar an ceadúnais.

(b) Ní dhiúltóidh cuideachta ceadúnas píolóta a athnuachan ar fhorais arbh éard iad na forais dá dtagraítear in *alt 73* le haghaidh fionraí nó aisghairm ceadúnais den sórt sin

ag an gcuideachta mura rud é, sa chás áirithe, go bhfuil an t-iompar arbh éard é na forais chomh tromáí sin, dar leis an gcuideachta, nár chóir don chuideachta, ar mhaithe le sábháilteacht loingseoireachta ina ceantar píolótaíochta, an ceadúnas a athnuachan.

(4) D'ainneoin an *Pilotage Act*, 1913, a aisghairm le *halt 5*, maidir le ceadúnas píolóta a dheonaigh an t-iarúdarás píolótaíochta do cheantar píolótaíochta cuideachta faoin Acht sin agus a bheidh i bhfeidhm díreach roimh thosach feidhme alt 56 (1) i ndáil leis an gcuideachta sin, i gcás go ndéanfaidh an chuideachta sin, díreach tar éis an tosach feidhme sin, soláthar seirbhísí píolótaíochta ina ceantar píolótaíochta a eagrú agus a chinntiú ar an tslí a shonraítear i *mír (b) d'alt 56 (1)*, leanfaidh sé i bhfeidhm de réir a théarmaí agus measfar gur ceadúnas é a dheonaigh an chuideachta sin faoi *fho-alt (1)*.

(5) Féadfaidh cuideachta ceadúnas píolótaíochta a dheonóidh sí a fhionraí nó a chúlghairm—

(a) ar na forais dá dtagraítear in *alt 73* agus faoin réir, nó

(b) ar cibé forais (nach mbaineann le hiompar shealbhóir an cheadúnais) a shonrófar i bhfodhlíthe a dhéanfaidh sí faoi *alt 71*,

agus scoirfidh ceadúnas den sórt sin, má chúlghairtear amhlaidh é, d'éifeacht a bheith leis agus, má dhéantar é a fhionraí amhlaidh, scoirfidh sé d'éifeacht a bheith leis ar feadh na tréimhse a mbeidh sé ar fionraí lena linn.

(6) (a) Déanfaidh cuideachta barántas a cheapacháin nó a ceapacháin mar phíolóta dá ceantar píolótaíochta a thabhairt do gach duine a fhostóidh sí mar phíolóta den sórt sin, ar é nó í a cheapadh chuig dualgais duine den sórt sin.

(b) Féadfaidh cuideachta coinníollacha a shonrú i mbarántas mar a dúradh faoina bhféadfaidh an sealbhóir ar an mbarántas gníomhú mar phíolóta dá ceantar píolótaíochta, lena n-áirítear coinníollacha maidir leis an limistéar laistigh de cheantar píolótaíochta na cuideachta a bhféadfaidh an sealbhóir gníomhú mar phíolóta ina leith agus maidir leis an gcineál loinge a bhféadfaidh sé nó sí gníomhú mar phíolóta ina leith, agus féadfaidh sí na coinníollacha sin a athrú ó am go ham.

Comhaontú
píolótaíochta idir
cuideachta agus
píolótaí
ceadúnaithe.

59.—(1) Má chinneann cuideachta soláthar seirbhísí píolótaíochta ina ceantar píolótaíochta a eagrú agus a chinntiú ar an tslí a shonraítear i *mír (b) d'alt 56 (1)*, déanfaidh sí comhaontú (dá ngairtear “comhaontú píolótaíochta” sa Chuid seo) le duine amháin nó níos mó a ainmneoidh na daoine a bheidh ag beartú gníomhú mar phíolótaí ceadúnaithe i gceantar píolótaíochta na cuideachta chun comhaontú den sórt sin a thabhairt chun críche.

(2) Féadfar comhaontú píolótaíochta a athrú nó comhaontú píolótaíochta eile a chur ina ionad trí chomhaontú idir an chuideachta lena mbaineann agus an duine nó na daoine a ainmneofar faoi *fho-alt (1)* nó cibé duine nó daoine eile a ainmneoidh na píolótaí ceadúnaithe do cheantar píolótaíochta na cuideachta chun na críche sin agus aon tagairtí ina dhiaidh seo sa Chuid seo do chomhaontú píolótaíochta, déanfar, mura n-éileoidh

an comhthéacs a mhalairt, iad a fhorléiriú mar thagairtí a fholáionn tagairtí do chomhaontú píolótaíochta arna athrú amhlaidh agus do chomhaontú píolótaíochta a chuirtear in ionad comhaontú píolótaíochta amhlaidh (lena n-áirítear comhaontú píolótaíochta a cuireadh amhlaidh in ionad comhaontú den sórt sin é féin).

- (3) (a) San fho-alt seo, ciallaíonn “ionadaithe iomchuí” an duine nó na daoine a bheidh ainmnithe faoi *fho-alt (1)* nó *(2)*—
- (i) chun comhaontú píolótaíochta a dhéanamh leis an gcuideachta dá dtagraítear san fho-alt seo, nó
 - (ii) chun comhaontú a dhéanamh lena ndéantar socrú maidir le comhaontú píolótaíochta inar páirtí an chuideachta sin a athrú, nó
 - (iii) chun comhaontú píolótaíochta a dhéanamh a chuirfear in ionad comhaontú píolótaíochta dá dtagraítear i *bhfo-mhír (ii)*,

agus déanfar aon tagairtí san fho-alt seo do chomhaontú píolótaíochta a fhorléiriú mar thagairtí do chomhaontú píolótaíochta dá dtagraítear i *bhfo-alt (i)*, *(ii)* nó *(iii)*, de réir mar is cuí.

- (b) Mura féidir le cuideachta agus leis na hionadaithe iomchuí comhaontú le chéile i dtaobh ar chóir téarma nó téarmaí áirithe a áireamh i gcomhaontú píolótaíochta, féadfaidh siad an ní a tharchur chuig duine a bheidh ainmnithe acu, nó i gcás nach féidir leo comhaontú i dtaobh an duine a ainmneofar chun na críche sin, chuig duine a ainmneoidh an tAire.
- (c) Déanfaidh an duine a ainmneofar faoi *mhír (b)*, tar éis dó nó di breithniú a dhéanamh ar an ní a tharchuirfear chuige nó chuici faoin mír sin agus ar aon aighneachtaí a rinne an chuideachta lena mbaineann agus na hionadaithe iomchuí chuige nó chuici i ndáil leis (is aighneachtaí a bheidh déanta chuig an duine laistigh de cibé tréimhse réasúnach ama a shonróidh sé nó sí chun téarma nó na téarmaí áirithe a áireamh sa chomhaontú píolótaíochta agus beidh a bhreith nó a breith ina ceangal ar an gcuideachta lena mbaineann agus ar na hionadaithe iomchuí.

(4) Déanfar foráil le comhaontú píolótaíochta—

- (a) maidir leis an líon píolótaí ceadúnaithe a sholáthróidh seirbhísí píolótaíochta ó am go ham i gceantar píolótaíochta na cuideachta lena mbaineann agus maidir le líon na bpíolótaí sin a mhéadú nó a laghdú, de réir mar a bheidh, i gcás go mbeidh méadú nó laghdú ar thrácht a mbeidh gá le píolótaíocht ina leith sa cheantar píolótaíochta sin,
- (b) maidir leis an gcuideachta lena mbaineann nó leis na píolótaí ceadúnaithe dá ceantar píolótaíochta do chomhall na ndualgas seo a leanas, eadhon—
 - (i) muirir phíolótaíochta a bhailiú agus a ghnóthú agus, tar éis na hasbhaintí agus na heisíocaíochtaí dleathacha go léir ar chuntas caiteachas riaracháin a

bhaint astu, na muirir sin a eisíoc le gach duine de na píolótaí ceadúnaithe,

- (ii) scéim a dhéanamh, faoi réir cheadú an Aire arna thabhairt le toiliú an Aire Airgeadais, chun sochair aoisliúntais a dheonú do na píolótaí ceadúnaithe nó ina leith agus chun cibé sochair eile a sholáthar do na píolótaí sin a mheasfaidh an chuideachta lena mbaineann nó na píolótaí sin, de réir mar a bheidh, is inmhiannaithe,
- (iii) cibé dualgais riaracháin ar gá iad a chomhall chun dualgas dá dtagraítear i *bhfomhír (i)* nó *(ii)* a chomhall nó de dhroim é a chomhall,
- (c) maidir leis na caiteachais a thabhoídh an chuideachta lena mbaineann le linn dualgas dá dtagraítear i *mír (b)* a íoc léi as muirir phíolótaíochta a bhaileofar nó a ghnóthófar ina ceantar píolótaíochta,
- (d) maidir leis na ranníocaí, más ann, a bheidh íochta ag píolóta ceadúnaithe do cheantar píolótaíochta na cuideachta lena mbaineann le haon scéim aoisliúntais a bhí á riaradh ag an iarúdarás píolótaíochta don cheantar píolótaíochta sin a aistriú chuig scéim dá dtagraítear i *mír (b) (ii)*,
- (e) maidir le haon iarmhéid i gciste sochair píolótaí a bhunaigh an t-iarúdarás píolótaíochta do cheantar píolótaíochta na cuideachta lena mbaineann faoi alt 17 (1) (j) den *Pilotage Act*, 1913, a aistriú chuig scéim dá dtagraítear i *mír (b) (ii)* nó chuig cibé ciste eile a bhunóidh an chuideachta lena mbaineann nó na píolótaí ceadúnaithe a chomhallann na dualgais dá dtagraítear i *mír (b) (ii)* chun sochair a sholáthar do phíolótaí cheadúnaithe,
- (f) maidir le cibé nithe forlíontacha, teagmhasacha nó iarmhartacha maidir i leith na nithe dá dtagraítear i *míreanna (a)* go *(e)*,
- (g) maidir le cibé nithe eile is gá chun seirbhísí píolótaíochta a eagrú agus a sholáthar go cuí agus go héifeachtach i gceantar píolótaíochta na cuideachta lena mbaineann,
- (h) i gcás go meastar gurb inmhiannaithe go dtabharfaí éifeacht d'fhoráil den chomhaontú píolótaíochta trí fhodhlíthe arna ndéanamh ag an gcuideachta lena mbaineann faoi alt 71, maidir le héifeacht a thabhairt don fhoráil ar an modh sin.
- (5) (a) I gcás go mbeidh comhaontú píolótaíochta i bhfeidhm i leith ceantair píolótaíochta cuideachta agus go mbeartóidh an chuideachta go mbeidh an comhaontú arna chealú ó dháta sonraithe agus gur chóir ón dáta sin seirbhísí píolótaíochta ina ceantar píolótaíochta a eagrú, agus soláthar na seirbhísí sin a chinntiú, ar an modh a shonraítear i *mír (a) d'alt 56 (I)*, stiúrfaidh sí ballóid rúnda i measc na bpíolótaí ceadúnaithe dá ceantar píolótaíochta maidir leis an togra sin.
- (b) Má vótálann tromlach na bpíolótaí ceadúnaithe don cheantar píolótaíochta lena mbaineann a chaith vótaí

bailí i mballóid arna stiúradh faoi *mhír (a)* i bhfabhar an togra lena mbaineann an bhallóid—

- (i) beidh an comhaontú píolótaíochta lena mbaineann arna chealú ón dáta a shonrófar sa togra sin, agus
- (ii) féadfaidh an chuideachta lena mbaineann gach aon socrú agus coigeartú riaracháin a dhéanamh i leith seirbhísí píolótaíochta ina ceantar píolótaíochta a eagrú agus a sholáthar is gá chun éifeacht a thabhairt don togra sin agus féadfaidh sí foráil a dhéanamh maidir le haon ní a leanfaidh as éifeacht a thabhairt don togra sin (lena n-áirítear aon chaillteanas airgeadais a thabhóidh daoine a bhí ina bpíolótaí ceadúnaithe dá ceantar píolótaíochta).

60.—(1) Faoi réir *fho-alt (3)*, maidir le long atá á loingseoireacht i gceantar píolótaíochta in imthosca ina bhfuil sé éigeantach í a bheith faoi phíolótaíocht, beidh sí faoi phíolótaíocht duine de na daoine seo a leanas—

Píolótaíocht
éigeantach.

- (a) píolóta don cheantar píolótaíochta a bheidh i dteideal de réir théarmaí a cheadúnais nó a ceadúnais píolóta nó a bharántais nó a barántais ceapacháin, de réir mar a bheidh, an long a phíolótú sna himthosca lena mbaineann (dá ngairtear “píolóta a bheidh cáilithe go cuí” ina dhiaidh seo san alt seo), nó
- (b) duine a bheidh ag gníomhú *bona fide* mar an duine i bhfeighil na loinge agus a shealbhaíonn deimhniú díolúine píolótaíochta lena dtabharfar teideal dó nó di an long a phíolótú sna himthosca lena mbaineann.

(2) Más rud é, maidir le haon long, nach mbeidh sí faoi phíolótaíocht mar a cheanglaítear le *fo-alt (1)* tar éis do phíolóta a bheidh cáilithe go cuí a thairiscint dul i bhfeighil na loinge, beidh máistir na loinge ciontach i gcion.

- (3) (a) I gcás nach féidir le máistir loinge *mír (a) d’fho-alt (1)* a chomhlíonadh de bhrí nach bhfuil seirbhísí píolótaí a bheidh cáilithe go cuí ar fáil, ar chúis ar bith, féadfaidh sé nó sí, d’ainneoin an fho-ailt sin, an long a loingseoireacht sa cheantar píolótaíochta ar choinníoll go ndéanfaidh an máistir cuain i leith an cheantair píolótaíochta, ar a bheith deimhin dó nó di go mbeidh sé sábháilte sna himthosca go léir an long a bheith á loingseoireacht amhlaidh, an loingseoireacht sin a údarú.
- (b) Más rud é in imthosca lena mbaineann *mír (a)* go ndéanfaidh máistir loinge an long a loingseoireacht i gceantar píolótaíochta gan an loingseoireacht sin a bheith údaraithe faoin mír sin, beidh sé nó sí ciontach i gcion.

(4) Má dhéanann máistir loinge í a loingseoireacht i gceantar píolótaíochta in imthosca ina bhfuil sé éigeantach í a bheith faoi phíolótaíocht gan a chur in iúl don mháistir cuain don cheantar píolótaíochta go mbeartaíonn sé nó sí déanamh amhlaidh, beidh sé nó sí ciontach i gcion.

(5) San alt seo, ní fholaíonn “long” aicme loinge atá díolmhaithe, maidir leis an gceantar píolótaíochta lena mbaineann, ó cheanglais an ailt seo le fodhlíthe faoi *alt 71*.

Ceart píolóta chun ionad duine neamhúdaráithe a ghlacadh.

61.—(1) Féadfaidh píolóta do cheantar píolótaíochta ionad aon duine a ghlacadh mar phíolóta ar long atá á loingseoireacht sa cheantar píolótaíochta ar duine neamhúdaráithe é nó í atá fostaithe chun í a phíolótú.

(2) Má dhéanann máistir loinge í a loingseoireacht i gceantar píolótaíochta faoi phíolótaíocht duine neamhúdaráithe gan a chur in iúl roimh ré don mháistir cuain don cheantar píolótaíochta go mbeartaíonn sé nó sí déanamh amhlaidh, beidh sé nó sí ciontach i gcion.

(3) Má dhéanann duine neamhúdaráithe long a phíolótú i gceantar píolótaíochta agus a fhios aige nó aici go bhfuil tairgthe ag píolóta don cheantar píolótaíochta í a phíolótú, beidh sé nó sí ciontach i gcion.

(4) Má dhéanann máistir loinge atá á loingseoireacht i gceantar píolótaíochta duine neamhúdaráithe a fhostú go feasach, nó má leanann sé nó sí go feasach de dhuine neamhúdaráithe a fhostú chun an long a phíolótú tar éis do phíolóta don cheantar píolótaíochta a thairiscint í a phíolótú, beidh sé nó sí ciontach i gcion.

(5) Chun críocha an ailt seo—

(a) is duine neamhúdaráithe duine más rud é nach píolóta don cheantar píolótaíochta lena mbaineann, ná sealbhóir ar dheimhniú díolúine píolótaíochta é nó í atá i dteideal, de réir théarmaí a cheadúnais nó a ceadúnais píolóta, a bharántais nó a barántais ceapacháin nó a dheimhnithe nó a deimhnithe mar a dúradh, de réir mar a bheidh, gníomhú mar phíolóta sna himthosca lena mbaineann,

(b) aon duine (seachas an máistir nó duine d’fhoireann loinge) atá ar dhroichead na loinge nó in aon suíomh eile óna ndéantar an long a loingseoireacht (cibé acu ar bord nó in áit eile) measfar go bhfuil sé nó sí ag píolótú na loinge, mura suífidh sé nó sí a mhalairt.

(6) San alt seo, ní fholaíonn “long” aicme loinge atá díolmhaithe, maidir leis an gceantar píolótaíochta lena mbaineann, ó cheanglais an ailt seo le fodhlíthe faoi *alt 71*.

Foráil maidir le longa agus iad ag bogadh laistigh de chuan.

62.—Maidir le long atá á bogadh laistigh de chuan atá suite i gceantar píolótaíochta, measfar, chun críocha na Coda seo, le linn di bheith á bogadh amhlaidh, go bhfuil sí á loingseoireacht sa cheantar píolótaíochta sin, ach amháin a mhéid a fhoráiltear a mhalairt le fodhlíthe faoi *alt 71*.

Dliteanas maidir le longa faoi phíolótaíocht éigeantach.

63.—I gcás long a bheith á loingseoireacht i gceantar píolótaíochta in imthosca ina bhfuil sé éigeantach í a bheith faoi phíolótaíocht, ní dhéanfaidh sé sin difear d’aon dliteanas de chuid úinéir nó mháistir na loinge i leith aon chaillteanais nó damáiste arb í an long, nó ar é an modh ar a loingsítear í, is cúis leis.

Muirir phíolótaíochta.

64.—(1) Féadfaidh cuideachta, maidir le seirbhísí píolótaíochta a sholáthraíonn píolótaí ina ceantar píolótaíochta, muirir (dá ngairtear “muirir phíolótaíochta” sa Chuid seo) a fhorchur de réir cibé rátaí a chinnfidh sí ó am go ham.

(2) Gan dochar do ghinearáltacht *fho-alt (1)*, beidh na muirir seo a leanas ar áireamh sna muirir phíolótaíochta a fhéadfar a fhorchur faoin alt seo—

- (a) muirir phíolótaíochta ar mhodh pionós is iníochta i gcásanna nach ndéanfar am measta teachta nó imeachta loinge a chur in iúl de réir mar a cheanglaítear le fodhlíthe arna ndéanamh ag an gcuideachta faoi *alt 71* nó i gcás nach dtiocfaidh nó nach n-imeoidh long ag an am a bheidh curtha in iúl de réir na bhfodhlíthe sin, agus
- (b) muirir phíolótaíochta i leith an chostais a ghabhann le báid píolóta a sholáthar, a chothabháil agus a oibriú don cheantar píolótaíochta.

(3) Féadfaidh cuideachta rátaí éagsúla muirear píolótaíochta a fhorchur in imthosca éagsúla.

(4) Beidh muirir phíolótaíochta inghnóthaithe—

- (a) ag an gcuideachta lena mbaineann, nó
- (b) má dhéantar foráil le comhaontú píolótaíochta go ngnóthóidh na píolótaí ceadúnaithe dá ceantar píolótaíochta muirir phíolótaíochta sa cheantar píolótaíochta sin, ag na píolótaí ceadúnaithe sin,

ón duine ar a bhforchuirfear iad mar fhiach conartha shimplí in aon chúirt dlínse inniúla.

65.—(1) Maidir le seirbhísí píolóta a gheofar le haghaidh aon loinge i gceantar píolótaíochta, féadfar muirir phíolótaíochta a fhorchur ar aon duine díobh seo a leanas, eadhon—

Dliteanas maidir le muirir phíolótaíochta i leith seirbhísí píolótaíochta áirithe.

- (a) úinéir nó máistir na loinge;
- (b) coinsíní nó gníomhaire a d'íoc aon mhuirear eile, nó a rinne é féin nó í féin a chur faoi dhliteanas aon mhuirear eile a íoc, ar cuntas na loinge i gcuan a teachta, a díluchtaithe nó a himeachta.

(2) Féadfaidh coinsíní nó gníomhaire (nach úinéir nó máistir na loinge lena mbaineann é nó í) dá dtagraítear i *bhfo-alt (1)*, as aon airgead a gheobhaidh sé nó sí ar cuntas na loinge lena mbaineann nó as aon airgead ar le húinéir na loinge é, méid na muirear píolótaíochta go léir a bheidh íochta aige nó aici i leith na loinge sin a choinneáil, mar aon le haon chaiteachais réasúnacha a bheidh tabhaithe aige nó aici mar gheall ar na muirir phíolótaíochta a íoc nó mar gheall ar a dhliteanas nó a dliteanas na muirir phíolótaíochta a íoc.

(3) Féadfaidh cuideachta a cheangal ar dhuine dá dtagraítear i *bhfo-alt (1)* banna de mhéid sonraithe a thabhairt i bhfabhar na cuideachta chun na muirir phíolótaíochta a ghnóthú.

66.—(1) Ní éileoidh ná ní ghlacfaidh píolóta muirir phíolótaíochta i leith seirbhísí a sholáthrófar le haghaidh loinge, agus ní thairgfídh duine dá dtagraítear in *alt 65 (1)* muirir phíolótaíochta den sórt sin a íoc, ná ní íocfaidh sé nó sí iad, le haon píolóta, de réir aon rátaí eile seachas na rátaí a chinnfear de thuras na huair faoi alt 64 (1) ina leith, cibé acu is mó nó is lú iad ná na rátaí sin.

Rátaí míchuí muirear píolótaíochta a fháil nó a thairiscint.

(2) Aon duine a sháróidh *fo-alt* (1), beidh sé nó sí ciontach i gcion.

Díospóidí nó easaontais a tharchur chuig máistir cuain.

67.—Má éiríonn díospóid nó easaontas i dtaobh an seirbhís píolótaíochta chun críocha na Coda seo ní áirithe a rinneadh nó a bheidh le déanamh i ndáil le loingseoireacht loinge nó aon ní a bhaineann le loingseoireacht loinge, tarchuirfear an díospóid nó an t-easaontas chuig an máistir cuain don cheantar píolótaíochta lena mbaineann chun go gcinntídh sé nó sí an díospóid nó an t-easaontas agus is breith chríochnaitheach breith an mháistir cuain sin maidir leis an ní.

Cuntais atá le coimeád ag píolótaí ceadúnaithe.

68.—(1) Má dhéantar foráil le comhaontú píolótaíochta go mbaileoidh agus go ngnóthóidh na píolótaí ceadúnaithe do cheantar píolótaíochta muirir phíolótaíochta sa cheantar píolótaíochta sin agus go n-íocfaidh siad na muirir sin nuair a bheidh siad bailithe nó gnóthaithe, cuirfidh na píolótaí sin faoi deara go gcoimeádfar na cuntais go léir is cuí agus is gnách ar an airgead go léir a gheobhaidh, a chaithfidh agus a íocfaidh siad i ngach bliain airgeadais i gcomhlíonadh na bhfeidhmeanna sin.

(2) Déanfaidh na píolótaí ceadúnaithe dá dtagraítear i *bhfo-alt* (1), laistigh de 3 mhí tar éis dheireadh gach bliana airgeadais, a chur faoi deara—

- (a) go ndéanfaidh iniúcháir a bheidh ceadaithe ag an gcuideachta a cheadúnóidh iad na cuntais arna gcoimeád acu faoin bhfo-alt sin i leith na bliana sin a iniúchadh, agus
- (b) go ndéanfar cóipeanna de na cuntais sin a shonróidh an chuideachta réamhráite, nuair a bheidh siad iniúchta amhlaidh, a thabhairt don chuideachta sin agus don Aire.

Aois scoir píolótaí.

69.—(1) Faoi réir *fho-alt* (2)—

- (a) scoirfidh píolótaí fostaithe den fhostaíocht sin ar 60 bliain d'aois a shlánú dó nó di,
- (b) ní dhéanfar ceadúnas píolótaí a dheonú nó a athnuachan i leith duine ag a mbeidh 60 bliain d'aois slánaithe,
- (c) ní dhéanfar ceadúnas píolótaí a dheonú nó a athnuachan i leith tréimhse a éagfaidh ar dháta i ndiaidh an dáta ar a slánóidh an duine ar ina leith a dheonófar nó a athnuafar an ceadúnas 60 bliain d'aois.

(2) Ní bheidh feidhm ag *fo-alt* (1) maidir le duine is sealbhóir ceadúnais píolótaí dá dtagraítear in alt 58 (4).

Dliteanas a theorannú i leith píolótaí.

70.—(1) Maidir le píolótaí do cheantar píolótaíochta a mbeidh banna (nach mó ná £100 a phionós) tugtha aige nó aici san fhoirm a fhorordófar le fodhlíthe arna ndéanamh faoi *alt* 71 i ndáil leis an gceantar píolótaíochta sin, ní bheidh sé nó sí faoi dhliteanas i leith damáistí maidir le haon fhaillí nó easpa scile i dtaca leis féin nó léi féin le linn seirbhís píolótaíochta a thabhairt thar mhéid is comhionann le pionós an bhanna agus na muirir phíolótaíochta a fhéadfar a fhorchur i leith na seirbhíse sin.

(2) Ní dhlífear dleacht stampa a íoc ar bhanna arna thabhairt ag píolóta faoi *fho-alt (1)* agus ní cheanglófar ar an bpíolóta aon chostas a íoc i ndáil leis an mbanna seachas an costas iarbhir a bhaineann le hullmhú an chéanna.

(3) I gcás gur píolóta fostaithe do cheantar píolótaíochta is cúis le haon chaillteanas nó damáiste d'aon long, d'aon mhaoín ar bord aon loinge nó d'aon mhaoín nó cearta d'aon chineál, le linn seirbhís píolótaíochta a thabhairt, agus nach inchurtha an caillteanas nó an damáiste i leith aon ghnímh nó neamhghnímh de chuid na cuideachta a fhostaíonn an píolóta sin arna dhéanamh le hintinn an caillteanas nó an damáiste a dhéanamh, nó go meargánta agus le fios gur dhócha go dtiocfadh an caillteanas nó an damáiste de, ní bheidh an chuideachta faoi dhliteanas i leith damáistí thar mhéid £100 arna iolrú faoi líon na bpíolótaí fostaithe dá ceantar píolótaíochta an dáta a tharlóidh an caillteanas nó an damáiste.

(4) Beidh feidhm ag teorainn ar dhliteanas faoin alt seo maidir le hiomlán aon chaillteanas agus damáistí a éireoidh ar aon ócáid ar leith, d'ainneoin go bhféadfadh sé go mbainfidh na caillteanais agus na damáistí sin do níos mó ná duine amháin.

(5) I gcás go dtionscnófar aon imeachtaí in aghaidh duine (dá ngairtear “an cosantóir” ina dhiaidh seo san alt seo) i leith aon ghnímh nó neamhghnímh a bhfuil a dhliteanas nó a dliteanas ina leith teoranta faoin alt seo agus go ndéanfar nó gur dócha go ndéanfar éilimh eile i leith an ghnímh nó an neamhghnímh chéanna, féadfaidh an chúirt ina dtionscnófar na himeachtaí—

- (a) méid dhliteanas an chosantóra a chinneadh,
- (b) ar an gcosantóir d'íoc an mhéid sin isteach sa chúirt, an méid sin a dháileadh go rátuil ar na héilitheoirí,
- (c) bac a chur le haon imeachtaí a bheidh ar feitheamh in aon chúirt eile arb ionann dlínse di agus í nó is ísle dlínse ná í i ndáil leis an ní céanna, nó a iarraidh ar chúirt is airde dlínse ná í ina mbeidh imeachtaí den sórt sin ar feitheamh bar a chur leis na himeachtaí sin,
- (d) dul ar aghaidh i cibé slí is cóir leis an gcúirt—
 - (i) i dtaca le páirtithe sna himeachtaí a dhéanamh de dhaoine leasmhara,
 - (ii) i dtaca le heisiamh aon éilitheoirí nach ndéanfar a n-éilimh laistigh de thréimhse shonraithe,
 - (iii) i dtaca lena cheangal ar an gcosantóir urrús a thabhairt, agus
 - (iv) i dtaca le híoc aon chostas.

71.—(1) Faoi réir fhorálacha an ailt seo, féadfaidh cuideachta, i Fodhlíthe ndáil le píolótaíocht ina ceantar píolótaíochta, fodhlíthe a dhéanamh píolótaíochta. chun gach ceann nó chun aon cheann de na críocha a luaitear i *gCuid II* den *Séú Sceideal*.

- (2) (a) Má bheartaíonn cuideachta fodhlíthe a dhéanamh faoi *fho-alt (1)*, déanfaidh sí—

- (i) fógra i dtaobh a mbeidh beartaithe a sheirbheáil ar gach píolóta dá ceantar píolótaíochta, agus
 - (ii) fógra i dtaobh a mbeidh beartaithe a fhoilsíú i nuachtán amháin nó níos mó a scaiptear i gcomharsanacht a ceantair píolótaíochta.
- (b) Beidh i bhfógra faoi *mhír (a)* ráiteas, i dtéarmaí ginearálta, i dtaobh na gcríoch ar chucu a bheidh na fodhlíthe beartaithe le déanamh agus tabharfar le fios ann—
- (i) go dtabharfaidh an chuideachta lena mbaineann dréacht de na fodhlíthe beartaithe do dhuine saor in aisce ar é a iarraidh, agus
 - (ii) go bhféadfaidh duine, laistigh de na tréimhsí cuí a shonraítear i bhfo-alt (4)—
- (I) a iarraidh ar an gcuideachta lena mbaineann dréacht de na fodhlíthe beartaithe a chur faoi bhráid an Aire lena cheadú ag an Aire, agus
 - (II) má dhéanann sé nó sí nó aon duine eile iarraidh mar a dúradh, agóidí i scríbhinn in aghaidh cheadú na bhfodhlíthe a chur faoi bhráid an Aire.
- (3) Déanfaidh cuideachta dréacht d'fhodhlíthe a bheartóidh sí a dhéanamh faoi *fho-alt (1)* a thabhairt do dhuine saor in aisce ar é a iarraidh.
- (4) (a) Féadfaidh duine laistigh den tréimhse a luaitear i *mír (b)* a iarraidh ar chuideachta dréacht d'fhodhlíthe a bheartóidh sí a dhéanamh faoi *fho-alt (1)* a chur faoi bhráid an Aire lena cheadú ag an Aire.
- (b) Is í an tréimhse dá dtagraítear i *mír (a)*—
- (i) i gcás gur píolóta don cheantar píolótaíochta lena mbaineann an duine a dhéanfaidh an iarraidh, an tréimhse 21 lá dar tosach an dáta a sheirbheálfar fógra faoi *mhír (a) (i) d'fho-alt (2)* air nó uirthi maidir leis an fodhlíthe lena mbaineann, nó
 - (ii) in aon chás eile, an tréimhse 21 lá dar tosach an dáta a fhoilseofar fógra faoi *mhír (a) (ii) d'fho-alt (2)* maidir leis na fodhlíthe lena mbaineann, nó, i gcás go bhfoilseofar níos mó ná aon fhógra amháin den sórt sin, an dáta a fhoilseofar an fógra deireanach den sórt sin.
- (c) Má dhéantar iarraidh dá dtagraítear i *mír (a)* ar chuideachta, déanfaidh an chuideachta (mura mbeidh sí tar éis iarraidh den sórt sin arna déanamh uirthi ag duine eile i ndáil leis na fodhlíthe céanna a chomhlíonadh cheana féin) dréacht de na fodhlíthe lena mbainfidh an iarraidh a chur faoi bhráid an Aire lena cheadú ag an Aire.
- (d) Féadfaidh aon duine, laistigh den tréimhse aon mhí amháin dar tosach an dáta a chuirfear dréacht d'fhodhlíthe faoi bhráid an Aire faoi *mhír (c)* lena cheadú

ag an Aire, agóidí i scríbhinn in aghaidh cheadú na bhfodhlíthe a chur faoi bhráid an Aire.

(5) Más rud é faoi *mhír (c) d'fho-alt (4)* go gcuirfear dréacht d'fhodhlíthe faoi bhráid an Aire lena cheadú ag an Aire, tar éis dó nó di aon agóidí i scríbhinn in aghaidh cheadú na bhfodhlíthe arna gcur faoina bhráid nó faoina bráid de réir *mhír (d)* den fho-alt sin a bhreithniú, de réir mar is cuí leis nó léi, diúltóidh an tAire na fodhlíthe a cheadú nó ceadóidh sé nó sí iad gan mhodhnuithe nó déanfaidh sé nó sí cibé modhnuithe is cuí leis nó léi orthu agus na fodhlíthe arna modhnú amhlaidh a cheadú agus, dá réir sin, ní dhéanfaidh an chuideachta lena mbaineann na fodhlíthe nó, de réir mar a bheidh, déanfaidh sí iad de réir na dtéarmaí a cheadófar amhlaidh.

(6) (a) Ní bheidh feidhm ag *fo-ailt (2)* go (5) maidir le cuideachta a dhéanfaidh seirbhísí píolótaíochta a eagrú agus a chinntiú ina ceantar píolótaíochta ar an modh a shonraítear i *mír (a) d'alt 56 (1)*.

(b) Tá *fo-ailt (2)* go (5) faoi réir *mhír (b) d'alt 80 (1)*.

(7) D'ainneoin aisghairm an *Pilotage Act*, 1913, le *halt 5*, maidir le fodhlíthe arna ndéanamh ag an iarúdarás píolótaíochta i leith ceantair píolótaíochta cuideachta faoin Acht sin agus a bheidh i bhfeidhm díreach roimh thosach feidhme an ailt seo, leanfaidh siad, ach amháin a mhéid a bheidh siad ar neamhréir le foráil den Acht seo, de bheith i bhfeidhm amhail is dá mba í an chuideachta sin a rinne iad faoi *fho-alt (1)* agus féadfaidh sí iad a leasú nó a chúlghairm dá réir sin.

(8) Aon duine a sháróidh foráil d'fhodhlíthe arna ndéanamh faoin alt seo, beidh sé nó sí ciontach i gcion.

72.—(1) Féadfaidh cuideachta, ar iarratas a bheith déanta chuici ag duine a bheidh ag gníomhú *bona fide* mar an duine i bhfeighil aon loinge, deimhniú (dá ngairtear “deimhniú díolúine píolótaíochta” sa Chuid seo) a dheonú don duine sin más rud é—

Deimhnithe
díolúine
píolótaíochta.

(a) gur deimhin léi go bhfuil an scil, an taithí agus an t-eolas áitiúil ag an duine a bheidh leordhóthanach chun a chumasú dó nó di an long a mbeidh sé nó sí i bhfeighil uirthi (nó an long sin agus aon long eile a mbeidh éifeacht leis an deimhniú i ndáil léi de réir *fho-alt (2)*) a phíolótú laistigh de cheantar píolótaíochta na cuideachta nó de cibé cuid nó codanna de a shonrófar sa deimhniú,

(b) maidir leis an duine—

(i) gur saoránach Éireannach é nó í,

(ii) gur náisiúnach é nó í de Bhallstát eile de na Comhphobail Eorpacha (de réir bhrí Acht na gComhphobal Eorpach, 1972), nó

(iii) gur náisiúnach é nó í de stát a bhfuil socruithe cómhálartacha ag an Stát leis chun an stát sin do dheonú deimhniú do shaoránach Éireannach a bhfuil an chomhéifeacht leis, faoi dhlí an stáit sin, agus atá ag deimhniú díolúine píolótaíochta,

- (c) gur sealbhóir an duine ar dheimhniú dá dtagraítear i Rialachán I/2 den Choinbhinsiún Idirnáisiúnta um Chaighdeáin Oiliúna, Deimhnithe agus Faireacháin do Mharaithe, 1978 arna dhéanamh i Londain an 7ú lá d'Iúil, 1978, agus a bheidh i bhfeidhm,
- (d) gur deimhin léi go gcomhlíonann an duine sin cibé ceanglais eile a bhaineann le deonú deimhniú díolúine píolótaíochta agus a fhorordófar le fodhlíthe arna ndéanamh aici faoi *alt 71* nó go gcomhlíontar iad maidir leis nó léi.
- (2) Féadfar deimhniú díolúine píolótaíochta a dheonú faoi réir cibé coinníollacha is oiriúnach leis an gcuideachta lena mbaineann, lena n-áirítear coinníollacha ionas go mbeidh éifeacht leis an deimhniú—
- (a) i ndáil leis an gceantar píolótaíochta uile lena mbaineann nó le cibé cuid nó codanna de a shonrófar sa deimhniú,
- (b) i ndáil le níos mó ná long amháin den aicme chéanna go substaintiúil agus ar leis an úinéir céanna iad in imthosca ina mbeidh an duine dá ndeonófar é ag gníomhú *bona fide* mar an duine i bhfeighil aon loinge den sórt sin.
- (3) Sonrófar i ndeimhniú díolúine píolótaíochta an tréimhse ar ina leith a bheidh éifeacht leis is tréimhse nach mó ná 1 bhliain ón dáta a dheonófar nó a athnuafar é faoi *fho-alt (4)*.
- (4) (a) Faoi réir fhorálacha aon fhodhlíthe arna ndéanamh aici faoi *alt 71* agus a bhaineann le deimhniú díolúine píolótaíochta a athnuachan agus faoi mhír (b), féadfaidh cuideachta a dheonaigh deimhniú díolúine píolótaíochta é a athnuachan gach bliain nó i gceann tréimhsí is giorra ná sin, de réir mar is gá.
- (b) Ní dhiúltóidh cuideachta deimhniú díolúine píolótaíochta a athnuachan ar fhorais arbh éard iad na forais dá dtagraítear in *alt 73* chun an chuideachta d'fhionraí nó do chúlghairm deimhniú den sórt sin mura rud é, sa chás áirithe, gur de chineál í tromaíocht an iompair arbh éard é na forais sin, i dtuairim na cuideachta, gur cheart nach ndéanfadh an chuideachta an deimhniú a athnuachan ar mhaithe le sábháilteacht loingseoireachta ina ceantar píolótaíochta.
- (5) Féadfaidh cuideachta, ar iarratas ó shealbhóir ar dheimhniú díolúine píolótaíochta a dheonaigh sí, an deimhniú a leasú ionas go mbeidh éifeacht leis i ndáil le haon long nó longa eile chun a bhféadfar an sealbhóir a aistriú, ar long í nó ar longa iad—
- (a) nach mó go substaintiúil a tarraingt uisce nó a dtarraingt uisce nó a tonnáiste nó a dtonnáiste ná an long nó na longa a mbeidh éifeacht cheana féin leis an deimhniú i ndáil léi nó leo, nó
- (b) den aicme chéanna go substaintiúil agus ar leis an úinéir céanna iad leis an long nó na longa sin.
- (6) Más rud é go suífear chun sástachta cuideachta go bhfuil dhá long nó níos mó faoi bhainistíocht *bona fide* aon duine amháin nó níos mó díobh seo a leanas, eadhon—

- (a) comhlacht corpraithe,
- (b) aon chuideachta shealbhaíochta de chuid an chomhlachta corpraithe sin,
- (c) aon fhochuideachta de chuid an chomhlachta corpraithe sin,
- (d) aon fhochuideachta de chuid cuideachta sealbhaíochta de chuid an chomhlachta corpraithe sin,

mar bhainisteoir, mar úinéir bainistí, mar fhorléasaí nó cairtffhostóir ama, féadfaidh an chuideachta, chun críocha an ailt seo, pléifear leis na longa sin mar longa atá ar úinéireacht ag an gcomhlacht corpraithe sin nó, de réir mar a bheidh (mar is dóigh léi is cuí) ag an gcomhlacht corpraithe sin nó ag aon chuideachta shealbhaíochta nó fochuideachta mar a dúradh.

(7) Más rud é go mbeartófar earraí contúirteacha nó substaintí dochracha a iompar ar bord aon loinge nó long a ndéanfar iarratas i ndáil léi nó leo ar dheonú deimhnithe díolúine píolótaíochta nó ar athnuachan an chéanna nó ar leasú air, tabharfaidh an chuideachta lena mbaineann, le linn breith a thabhairt i dtaobh an deimhniú a dheonú, a athnuachan nó a leasú (de réir mar a bheidh), aird ar na guaiseacha a bheidh i gceist maidir leis na hearraí nó na substaintí sin a iompar ar bord na loinge nó na long.

(8) I gcás go mbeidh long a mbeidh éifeacht ag deimhniú díolúine píolótaíochta i ndáil léi á loingseoireacht i gceantar píolótaíochta na cuideachta a dheonaigh an deimhniú in imthosca ina bhfuil sé éigeantach í a bheith faoi pháilótaíocht, cinnteoidh an chuideachta, a mhéid is indéanta—

- (a) go mbeidh oifigeach cáilithe ar dhroichead na loinge in éineacht le sealbhóir an deimhnithe gach aon tráth (seachas tráth dá dtagraítear i *mír (b)*) fad a bheith an long á loingseoireacht amhlaidh,
- (b) má tá gá leis an oifigeach sin in áit eile ar an long le haghaidh dualgas ancaireachta nó feistithe tráth a bheidh an long ag dul ar ancaire, á cur ar longbheart nó ag imeacht ó longbheart, go mbeidh aicmeach faire loingseoireachta cáilithe ar dhroichead na loinge in éineacht le sealbhóir an deimhnithe an tráth sin.

(9) D'ainneoin aisghairm an *Pilotage Act*, 1913, le *halt 5*, maidir le deimhniú píolótaíochta arna dheonú ag an iarúdarás píolótaíochta i leith ceantair píolótaíochta cuideachta faoi alt 23 den Acht sin agus a bheidh i bhfeidhm díreach roimh thosach feidhme an ailt seo, leanfaidh sé de bheith i bhfeidhm de réir a théarmaí agus measfar gur deimhniú díolúine píolótaíochta é arna dheonú ag an gcuideachta sin faoi *fho-alt (1)*.

(10) Féadfaidh cuideachta deimhniú díolúine píolótaíochta a dheonaigh sí a fhionraí nó a chúlghairm—

- (a) ar na forais dá dtagraítear in *alt 73*, agus faoi réir fhorálacha an ailt sin, nó
- (b) ar cibé forais (nach forais a bhaineann le hiompar shealbhóir an deimhnithe) a shonrófar i bhfodhlíthe arna ndéanamh aici faoi *alt 71*,

agus scoirfidh deimhniú den sórt sin, i gcás go gcúlghairfear amhlaidh é, d'éifeacht a bheith leis agus, i gcás go bhfionrófar amhlaidh é, scoirfidh sé d'éifeacht a bheith leis don tréimhse dá bhfionrófar amhlaidh é.

(11) (a) Folaíonn an tagairt i *bhfo-alt (1)(c)* do Rialachán I/2 den Choinbhinsiún Idirnáisiúnta um Chaighdeán Oiliúna, Deimhniúcháin agus Faireacháin do Mharaithe tagairt don Rialachán sin arna leasú nó arna ionadú de thuras na huaire le haon chomhaontú nó coinbhinsiún idirnáisiúnta ar páirtí ann an Stát.

(b) I *bhfo-alt (6)* ciallaíonn “fochuideachta” i ndáil le comhlacht corpraithe, fochuideachta de réir bhrí alt 155 d'Acht na gCuideachtaí, 1963.

Fionraí, cúlghairm
nó neamh-
athnuachan
ceadúnais píolóta
nó deimhnithe
díolúine
píolótaíochta in
imthosca áirithe.

73.—(1) San alt seo, tá le “an Bord Fiosrúcháin” an bhrí a shanntar dó le *fo-alt (5)*.

(2) Beidh éifeacht leis an alt seo i ndáil le ceadúnas píolóta nó deimhniú díolúine píolótaíochta a fhionraí nó a chúlghairm ar na forais dá dtagraítear i *bhfo-alt (3)* agus i ndáil le diúltú ceadúnas nó deimhniú den sórt sin a athnuachan de réir *alt 58 (3)(b)* nó *72 (4)(b)*.

(3) Is iad na forais a luaitear i *bhfo-alt (2)* gur iompair an sealbhóir ar an gceadúnas píolóta nó ar an deimhniú píolótaíochta lena mbaineann é féin nó í féin (trí ghníomh nó trí neamhghníomh) ar mhodh arb ionann é agus sárú ar fhoráil den Acht seo nó arb ionann thairis sin é agus mí-iompar, neamhinniúlacht nó faillí faoi dhualgas aige nó aici (i ndáil lena dhualgais nó lena dualgais i gcoitinne mar shealbhóir ar cheadúnas nó ar dheimhniú den sórt sin nó i ndáil le teagmhas nó ní sonraithe).

(4) (a) Faoi réir *mhír (b)*, ní dhéanfaidh cuideachta ceadúnas píolóta nó deimhniú díolúine píolótaíochta a fhionraí nó a chúlghairm ar na forais dá dtagraítear i *bhfo-alt (3)* ar shlí seachas de réir ordacháin arna thabhairt di ag an mBord Fiosrúcháin chuige sin faoin alt seo.

(b) D'ainneoin *mhír (a)* ach gan dochar *d'fho-alt (5)*, féadfaidh cuideachta ceadúnas píolóta nó deimhniú díolúine píolótaíochta a fhionraí gan ordachán mar a dúradh a thabhairt di más é tuairim na cuideachta gurb ann do na forais dá dtagraítear i *bhfo-alt (3)* chun an ceadúnas nó an deimhniú a fhionraí nó a chúlghairm agus gur de chineál í tromaíocht an iompair áirithe arb éard é na forais sin gur ceart go bhfionrófar an ceadúnas nó an deimhniú láithreach ar mhaithe le sábháilteacht loingseoireachta ina ceantar píolótaíochta.

(5) (a) Más rud é, maidir le cuideachta—

(i) go dtiocfaidh sí ar an tuairim gurb ann do na forais dá dtagraítear i *bhfo-alt (3)* chun ceadúnas píolóta nó deimhniú díolúine píolótaíochta a fhionraí nó a chúlghairm (cibé acu a rinne nó nach ndearna sí na cumhachtaí faoi *fho-alt (4) (b)* a fheidhmiú i ndáil leis an gceadúnas nó leis an deimhniú nó an ceadúnas nó an deimhniú a athnuachan tar éis di teacht ar an tuairim sin), nó

- (ii) go gcinntídh sí, de réir *alt 58 (3)(b)* nó *72(4)(b)*, gan ceadúnas nó deimhniú den sórt sin a athnuachan ar fhorais arbh éard iad forais a dúradh chun ceadúnas nó deimhniú den sórt sin a fhionraí nó a chúlghairm,

déanfaidh sí, a luaithe is féidir tar éis di teacht ar an tuairim sin nó ar an mbreith sin, bord (dá ngairtear “an Bord Fiosrúcháin” san alt seo) a bhunú chun fiosrúchán a sheoladh maidir leis an ní, chun a fhionnadh mar fhóras arb ann nó nach ann do na forais sin agus, de dhroim an fhionnta sin, na cumhachtaí cuí a thugtar don bhord sin leis an alt seo a fheidhmiú.

- (b) Déanfaidh an chuideachta sonraí faoin iompar a líomhnófar gurb éard é na forais sin a thabhairt i scríbhinn don Bhord Fiosrúcháin agus don sealbhóir nó don iarshealbhóir ar an gceadúnas nó ar an deimhniú lena mbaineann.

- (c) (i) Is iad comhaltaí an Bhoird Fiosrúcháin príomhfheidhmeannach na cuideachta a bhunóidh é nó duine éigin eile a bheidh ainmnithe ag an bpríomhfheidhmeannach sin (seachas an máistir cuain do cheantar píolótaíochta na cuideachta nó duine a bheidh údaraithe de thuras na huaire ag an máistir cuain sin faoi *alt 37 (1) (b)* chun aon cheann dá fheidhmeanna nó dá feidhmeanna a chomhlíonadh), duine a bheidh ainmnithe ag an Aire agus duine a bheidh ainmnithe ag sealbhóir nó iarshealbhóir an cheadúnais nó an deimhnithe lena mbaineann nó, má mhainníonn nó má dhiúltaíonn an sealbhóir sin duine a ainmniú, duine a bheidh ainmnithe ag an Aire freisin.

- (ii) Beidh an príomhfheidhmeannach sin nó an duine a bheidh ainmnithe aige nó aici chun bheith ina chomhalta nó ina comhalta den Bhord ina chathaoirleach nó ina cathaoirleach ar an mBord Fiosrúcháin.

- (d) (i) Seolfaidh an Bord Fiosrúcháin fiosrúchán maidir leis an ní lena mbaineann ar mhodh éisteachta ó bhéal ag a mbeidh sealbhóir nó iarshealbhóir an cheadúnais nó an deimhnithe lena mbaineann i dteideal éisteacht a fháil agus go ndéanfar ionadaíocht dó nó di.

- (ii) Faoi réir fhorálacha aon fhodhlíthe arna ndéanamh faoi *alt 71* ag an gcuideachta a bhunaigh é, cinntídh an Bord Fiosrúcháin an nós imeachta a leanfar ag éisteacht ó bhéal faoin mír seo.

- (iii) Féadfaidh an Bord Fiosrúcháin cúnamh a fháil ó mheasúnóir amháin nó níos mó le linn dó aon ní de chineál teicniúil a éireoidh i gcúrsa éisteachta ó bhéal faoin mír seo a chinneadh.

- (e) Más rud é, tar éis éisteachta ó bhéal faoi *mhír (d)*, go bhfionnfaidh an Bord Fiosrúcháin mar fhóras gurb ann do na forais, mar a bheidh sonraithe sna sonraí a thabharfar dó faoi *mhír (b)*, chun an ceadúnas nó an deimhniú lena mbaineann a fhionraí nó a chúlghairm nó, de réir mar a bheidh, chun go mbeidh diúltaithe ag an

gcuideachta lena mbaineann an ceadúnas nó an deimhniú sin a athnuachan, féadfaidh sé breith a thabhairt ina leith seo a leanas—

- (i) ordachán a thabhairt don chuideachta lena mbaineann lena gceanglófar ar an gcuideachta sin an ceadúnas nó an deimhniú lena mbaineann a chúlghairm nó an ceadúnas nó an deimhniú sin a fhionraí nó, de réir mar a bheidh, leanúint den cheadúnas nó den deimhniú sin a fhionraí, ar feadh cibé tréimhse a shonróidh sé sa bhreith,
- (ii) diúltú na cuideachta lena mbaineann athnuachan a dhéanamh ar an gceadúnas nó ar an deimhniú lena mbaineann a dhaingniú, nó
- (iii) d'ainneoin gur fhionn sé mar fhíoras gurb ann do na forais sin, sealbhóir an cheadúnais nó an deimhnithe lena mbaineann a iomardú agus, má tá an ceadúnas nó an deimhniú sin arna fhionraí faoi *fho-alt (4) (b)* nó má dhiúltaigh an chuideachta lena mbaineann é a athnuachan de réir alt 58 (3) (b) nó 72 (4) (b), a ordú don chuideachta sin scor den cheadúnas nó den deimhniú sin a fhionraí nó, de réir mar a bheidh, an ceadúnas nó an deimhniú sin a athnuachan, faoi réir cibé coinníollacha a shonróidh sé sa bhreith, má mheasann sé gur cuí foráil a dhéanamh amhlaidh,

agus beidh feidhm ag forálacha *fho-ailt (6), (7)* agus (8) maidir le breith den sórt sin.

- (f) Má bhíonn ceadúnas nó deimhniú arna fhionraí faoi *fho-alt (4) (b)* nó má dhiúltaigh an chuideachta lena mbaineann é a athnuachan de réir alt 58 (3) (b) nó 72 (4) (b) agus má fhionnann an Bord Fiosrúcháin, tar éis éisteachta ó bhéal faoi *mhír (d)*, mar fhíoras nach ann do na forais, mar a bheidh sonraithe sna sonraí a thabharfar dó faoi *mhír (b)*, chun an ceadúnas nó an deimhniú a fhionraí nó a chúlghairm nó, de réir mar a bheidh, chun go ndiúltódh an chuideachta sin an ceadúnas nó an deimhniú a athnuachan, tabharfaidh sé ordachán don chuideachta sin lena gceanglófar uirthi scor den cheadúnas nó den deimhniú a fhionraí nó, de réir mar a bheidh, an ceadúnas nó an deimhniú a athnuachan.

(6) Féadfaidh sealbhóir nó iarshealbhóir an cheadúnais nó an deimhnithe lena mbaineann, laistigh den tréimhse 21 lá dar tosach dáta breithe dá dtagraítear i *bhfo-alt (5)(e)*, iarratas a dhéanamh chun na Cúirte Cuarda ar ordú ag neamhniú nó ag athrú na breithe sin agus, má dhéanann sé nó sí iarratas amhlaidh—

- (a) féadfaidh an Chúirt Cuarda, ar an iarratas a éisteacht, ordú a dhéanamh—
 - (i) ag neamhniú na breithe sin,
 - (ii) ag daingniú na breithe sin, nó
 - (iii) ag athrú na breithe sin ar cibé slí is cóir léi agus, gan dochar do ghinearáltacht na fomhíre seo, féadfaidh ordú faoin bhfomhír seo—

- (I) a fhoráil, in ionad a ordú don chuideachta lena mbaineann an ceadúnas nó an deimhniú lena mbaineann a chúlghairm, go n-ordófar di an ceadúnas nó an deimhniú sin a fhionraí nó, de réir mar a bheidh, leanúint den cheadúnas nó den deimhniú sin a fhionraí, ar feadh cibé tréimhse a shonróidh an Chúirt,
- (II) a fhoráil, in ionad a ordú don chuideachta lena mbaineann an ceadúnas nó an deimhniú lena mbaineann a chúlghairm nó a fhionraí nó leanúint den cheadúnas nó den deimhniú lena mbaineann a fhionraí, go n-iomardóidh an Bord Fiosrúcháin an t-iarratasóir agus, más cuí, a ordú don chuideachta lena mbaineann scor den cheadúnas nó den deimhniú sin a fhionraí nó, de réir mar a bheidh, an ceadúnas nó an deimhniú sin a athnuachan faoi réir cibé coinníollacha (más ann) a shonróidh an Chúirt,
- (III) tréimhse a shonrú is lú ná an tréimhse a shonraítear sa chinneadh agus a n-ordófar don chuideachta lena mbaineann an ceadúnas nó an deimhniú lena mbaineann a fhionraí, nó leanúint den cheadúnas nó den deimhniú a fhionraí lena linn,
- (b) má dheimhníonn an Bord Fiosrúcháin tráth ar bith don Chúirt Chuarda go ndearna an t-iarratasóir moill mhíchuí ag dul ar aghaidh leis an iarratas, déanfaidh an Chúirt Chuarda, mura mbeidh cúis mhaith aici lena mhalairt, ordú ag daingniú na breithe sin,
- (c) féadfaidh an Chúirt Chuarda a ordú conas mar a íocfar costais an iarratais.
- (7) (a) I gcás nach ndéanfaidh sealbhóir nó iarshealbhóir an cheadúnais nó an deimhnithe lena mbaineann, laistigh den tréimhse 21 lá dar tosach dáta cinnidh dá dtagraítear i *bhfo-alt (5) (e)*, iarratas chun na Cúirte Cuarda ar ordú ag neamhniú nó ag athrú na breithe sin, féadfaidh an Bord Fiosrúcháin iarratas a dhéanamh *ex parte* chun na Cúirte Cuarda ar ordú ag daingniú na breithe sin agus, má dhéanann an Bord iarratas amhlaidh, déanfaidh an Chúirt Chuarda, mura mbeidh cúis mhaith aici lena mhalairt, ordú ag daingniú na breithe sin.
- (b) Déanfar iarratas chun na Cúirte Cuarda faoin *bhfo-alt seo* nó faoi *fho-alt (6)* chun an bhreithimh den Chúirt Chuarda don chuaird ina bhfuil oifig chláraithe na cuideachta a dheonaigh an ceadúnas nó an deimhniú lena mbaineann.
- (8) (a) I gcás go ndéanfaidh an Chúirt Chuarda breith de chuid an Bhoird Fiosrúcháin a dhaingniú nó a athrú faoin alt seo, féadfaidh an Bord dul ar aghaidh leis an mbreith sin a chur i gcrích arna dhaingniú nó arna athrú amhlaidh agus, chun na críche sin, féadfaidh sé aon ordachán a thabhairt don chuideachta lena mbaineann is ordachán dá bhforáiltear sa bhreith.
- (b) Comhlíonfaidh cuideachta ordachán a thabharfaidh an Bord Fiosrúcháin di faoi *mhír (a)* nó faoi *fho-alt (5) (f)*.

(9) Beidh ag an mBord Fiosrúcháin, chun críche éisteacht ó bhéal faoi *fho-alt* (5), na cumhachtaí, na cearta agus na pribhléidí a dhílsítear don Ard-Chúirt nó do bhreitheamh den Ard-Chúirt ar chaingean a éisteacht—

- (a) maidir lena thabhairt ar fhinnéithe freastal agus maidir lena gceistiú faoi mhionn nó ar shlí eile, agus
- (b) maidir le hiallach a chur ar dhaoine doiciméid a thabhairt ar aird,

agus féadfar toghairm a bheidh sínithe ag cathaoirleach an Bhoird Fiosrúcháin a chur in ionad aon nós imeachta foirmiúil, agus is ionann di agus d'aon nós imeachta foirmiúil, a fhéadfar a eisiúint i gcaingean chun a thabhairt ar fhinnéithe freastal agus chun iallach a chur ar dhaoine doiciméid a thabhairt ar aird.

(10) Más rud é, maidir le duine—

- (a) ar é nó í a thoghairm go cuí os comhair an Bhoird Fiosrúcháin mar fhinné,

nach ndéanfaidh sé nó sí, gan cúis ná leithscéal cóir, de réir na toghairme, nó

- (b) go ndiúltóidh sé nó sí, ar bheith i láthair dó nó di mar fhinné os comhair an Bhoird Fiosrúcháin, mionn a ghlacadh nó dearbhasc a dhéanamh nuair a cheanglóidh an Bord go dleathach sin air nó uirthi déanamh amhlaidh, nó aon doiciméid (is focal a fhorléireofar san *fho-alt* seo agus i *bhfo-alt* (9) mar fhocal a fholaíonn nithe) atá faoi chumhacht nó faoi rialú an duine sin a thabhairt ar aird a cheanglóidh an Bord go dleathach air nó uirthi a thabhairt ar aird, nó aon cheist a fhreagairt a cheanglóidh an Bord go dleathach air nó uirthi a fhreagairt, nó
- (c) go dtabharfaidh sé nó sí fianaise go toiliúil don Bhord Fiosrúcháin a bheidh ábhartha don ábhar a bheidh á fhiosrú ag an mBord agus is eol dó nó di a bheith bréagach nó nach gcreideann sé nó sí a bheith ffrinneach, nó
- (d) trí ghníomh nó neamhghníomh, go mbacfaidh nó go gcoiscfidh sé nó sí an Bord Fiosrúcháin i gcomhlíonadh a fheidhmeanna,

beidh sé nó sí ciontach i gcion.

Achomharc chuig an Aire i gcoinne iompair cuideachta maidir le ceadúnas píolóta nó deimhniú díolúine píolótaíochta.

74.—(1) Má dhéanann duine gearán leis an Aire—

- (a) gur dhiúltaigh nó gur mhainnigh cuideachta, gan cúis réasúnach, an duine sin a chur faoi scrúdú i leith ceadúnais píolóta nó deimhnithe díolúine píolótaíochta, nó gur dhiúltaigh nó gur mhainnigh sí, gan cúis réasúnach, ceadúnas nó deimhniú den sórt sin a dheonú don duine sin tar éis dó nó di dul faoi scrúdú arna sheoladh ag an gcuideachta chuige sin; nó
- (b) gur sheol cuideachta aon scrúdú ar an duine sin i leith ceadúnais píolóta nó deimhnithe díolúine píolótaíochta go míchuí nó go míchoir; nó

- (c) gur chuir cuideachta coinníollacha ag gabháil le ceadúnas píolóta nó gur chuir sí téarmaí ar áireamh i ndeimhniú díolúine píolótaíochta a dheonaigh sí don duine sin, nach coinníollacha iad a bhfuil sé de chumhacht aici iad a chur ag gabháil leis nó nach téarmaí iad a bhfuil sé de chumhacht aici iad a áireamh ann nó is coinníollacha nó téarmaí iad atá míréasúnach; nó
- (d) gur mhainnigh cuideachta in aon slí eile, chun dochair don duine sin, aon cheann dá feidhmeanna faoin gCuid seo a chomhlíonadh go cuí i ndáil le ceadúnas píolóta nó deimhniú díolúine píolótaíochta (agus nach gearán é is intriailte ag Bord Fiosrúcháin faoi *alt 73 (5)*),

breithneoidh an tAire an gearán agus, más dóigh leis an Aire go bhfuil bonn leis an ngearán, déanfaidh sé nó sí cibé ordú is cuí leis nó léi chun an ní a ndearnadh gearán ina thaobh a cheartú, agus tabharfaidh an chuideachta éifeacht d'aon ordú arna dhéanamh amhlaidh ag an Aire.

(2) Má dhiúltaíonn nó má mhainníonn cuideachta éifeacht a thabhairt d'aon ordú den sórt sin ón Aire, féadfaidh an tAire, chun éifeacht a thabhairt don ordú, aon chumhachtaí de chuid na cuideachta a fheidhmiú agus beidh éifeacht ag aon ní a dhéanfaidh an tAire i bhfeidhmiú na gcumhachtaí sin ionann is dá mba í an cuideachta a rinne é.

75.—(1) Féadfaidh píolóta a iarraidh ar mháistir ar long a bheidh á píolótú ag an bpíolóta tarraingt uisce na loinge, tarraingt aeir na loinge agus fad agus béim na loinge a dhearbhuí dó nó di agus cibé faisnéis eile a sholáthar dó nó di is faisnéis a bhaineann leis an long agus a shonróidh an píolóta agus is gá go réasúnach chun a chumasú don phíolóta a dhualgais nó a dualgais mar phíolóta na loinge a chomhall.

Oibleagáid ar mháistir faisnéis a thabhairt do phíolóta.

(2) Cuirfidh máistir loinge in iúl d'aon duine a mbeidh an long á píolótú aige nó aici aon lochtanna atá ar an long agus ar a hinnealra agus ar a trealamh, agus aon ní a bhaineann go sonrach leo sin, is eol don mháistir agus a d'fhéadfadh difear ábhartha a dhéanamh do loingseoireacht na loinge.

(3) Aon mháistir loinge—

- (a) a dhiúltóidh nó a mhainneoidh iarraidh arna déanamh faoi *fho-alt (1)* a chomhlíonadh, nó
- (b) a thabharfaidh ráiteas a bheidh bréagach i bponc ábhartha i gcomhlíonadh airbheartaithe iarrata den sórt sin, agus is eol dó nó di sin a bheith bréagach amhlaidh, nó atá meargánta i dtaobh é a bheith bréagach amhlaidh, nó
- (c) a sháróidh *fo-alt (2)* gan cúis réasúnach,

beidh sé nó sí ciontach i gcion.

76.—(1) Más rud é—

- (a) go dtairgfear seirbhísí píolóta do mháistir loinge a bheidh ag loingseoireacht i gceantar píolótaíochta in imthosca ina mbeidh píolótaíocht éigeantach di ach nach mbeidh sí faoi phíolótaíocht píolóta nó duine eile a dtabharfaidh

Saoráidí atá le tabhairt do phíolóta atá ag dul ar bord loinge.

tearmaí a cheadúnais nó a ceadúnais, a bharántais ceapacháin nó a barántais ceapacháin nó a dheimhnithe díolúine píolótaíochta nó a deimhnithe díolúine píolótaíochta, de réir mar a bheidh, teideal dó nó di an long a phíolótú sna himthosca lena mbaineann, nó

- (b) go nglacfaidh máistir loinge seirbhísí píolóta in aon imthosca eile,

éascóidh sé nó sí don phíolóta dul ar bord na loinge agus í a fhágáil go sábháilte.

(2) Aon mháistir loinge a sháróidh an t-alt seo gan cúis réasúnach, beidh sé nó sí ciontach i gcion. Iompar píolóta ina chúis le long nó sábháilteacht daoine a chur i gcontúirt.

Iompar píolóta ina chúis le long nó sábháilteacht daoine a chur i mbaol.

77.—(1) Más rud é maidir le píolóta, i gcúrsa an long a phíolótú—

- (a) go ndéanfaidh sé nó sí aon ghníomh a bheidh ina chúis, nó ar dóigh dó a bheith ina chúis—

(i) le cailliúint nó díothú na loinge nó a hinnealra, a trealamh loingseoireachta nó a trealamh sábháilteachta nó le mórdhamáiste a dhéanamh don chéanna,

(ii) le cailliúint nó díothú aon loinge eile nó aon déanmhais, nó le mórdhamáiste a dhéanamh don chéanna, nó

(iii) le bás aon duine nó le mórdhíobháil a dhéanamh d'aon duine,

nó

- (b) go bhfágfaidh sé nó sí gan déanamh aon ní is gá—

(i) chun an long nó a hinnealra, a trealamh loingseoireachta nó a trealamh sábháilteachta a chaomhnú ar chailliúint, ar dhíothú nó ar mhórdhamáiste,

(ii) chun aon duine ar bord na loinge a chaomhnú ar bhás nó ar mhórdhíobháil, nó

(iii) chun an long a chosc ó bheith ina chúis le cailliúint nó díothú aon loinge eile nó aon déanmhais nó le mórdhamáiste a dhéanamh don chéanna, nó le bás aon duine nó le mórdhíobháil a dhéanamh d'aon duine nach mbeidh ar bord na loinge,

agus gur ghníomh nó neamhghníomh toiliúil é an gníomh nó an neamhghníomh nó gurbh ionann an gníomh nó an neamhghníomh agus sárú dualgais nó faillí faoi dhualgais nó go raibh an píolóta faoi thionchar alcóil nó aon druga rialaithe (de réir bhrí na nAchtanna um Mí-Úsáid Drugaí, 1977 agus 1984) tráth an ghnímh nó an neamhghnímh, beidh sé nó sí, faoi réir *fho-alt* (2), ciontach i gcion.

(2) In imeachtaí mar gheall ar chion faoin alt seo is cosaint é a chruthú—

- (a) nach bhféadfadh coinne a bheith ag an duine cúisithe le réasún sna himthosca go léir leis an gcailliúint, leis an díothú, leis an damáiste, leis an mbás nó leis an díobháil a bheidh i gceist nó, de réir mar a bheidh, leis an dóchúlacht go mbeadh cúis ann go dtarlódh an céanna, nó nach bhféadfadh sé nó sí le réasún an céanna a sheachaint, nó
- (b) más sárú dualgais nó faillí faoi dhualgas an gníomh nó an neamhghníomh a líomhnófar in aghaidh an duine chúisithe, gur ghlac an duine cúisithe gach beart réasúnach chun an dualgas sin a chomhlíonadh.

(3) San alt seo ciallaíonn “déanmhas” aon déanmhas tuiní nó sochorraithe (cibé tuairisc a bheidh air) seachas long.

78.—Más rud é, maidir le píolóta—

Cionta
ilghnéitheacha
maidir le
píolótaíocht.

- (a) go dtabharfaidh sé nó sí a cheadúnas píolóta nó a ceadúnas píolóta nó a bharántas ceapacháin nó a barántas ceapacháin ar iasacht do dhuine eile lena úsáid ag an duine eile sin;
- (b) gur píolóta ceadúnaithe é nó í agus go ngníomhóidh sé nó sí mar phíolóta le linn dá cheadúnas nó dá ceadúnas a bheith arna fhionraí faoin gCuid seo;
- (c) go ngníomhóidh sé nó sí mar phíolóta le linn dó nó di a bheith faoi thionchar alcóil nó aon druga rialaithe (de réir bhrí na nAchtanna um Mí-Úsáid Drugaí, 1977 agus 1984);
- (d) go ndéanfaidh sé nó sí aon bhád, aon ancaire, aon chábla nó aon stóras, ábhar, nó rud eile a úsáid nó a chur faoi deara a úsáid, ar bord nó ar shlí eile i ndáil le haon long a bheidh á píolótú aige nó aici, thar mar is gá i gcomhair sheirbhís na loinge sin, agus intinn aige nó aici méid na muirear píolótaíochta a fhorchuirtear i ndáil le píolótaíocht na loinge a mhéadú chun tairbhe dó féin nó di féin nó chun tairbhe d’aon duine eile;
- (e) go mainneoidh nó go ndiúltóidh sé nó sí ordachán dleathach a chomhlíonadh arna thabhairt dó nó di ag an máistir cuain don cheantar píolótaíochta dá mbeidh sé nó sí ceadúnaithe nó fostaithe;
- (f) go mainneoidh nó go ndiúltóidh sé nó sí, nuair nach gcoiscfear é nó í de dheasca breoiteachta nó ar chúis réasúnach eile, aon long a phíolótú laistigh den cheantar píolótaíochta dá mbeidh sé nó sí ceadúnaithe nó fostaithe, nó go moilleoidh sé nó sí go toiliúil ina leith sin, ar mháistir na loinge nó na cuideachta ag a mbeidh sé nó sí ceadúnaithe nó fostaithe a cheangal air nó uirthi déanamh amhlaidh; nó
- (g) go bhfágfaidh sé nó sí an long a bheidh á píolótú aige nó aici, sula gcomhlíonfar an tseirbhís dár fostaíodh é nó í agus gan toiliú mháistir na loinge;

beidh sé nó sí ciontach i gcion.

Cumhacht an Aire
chun soláthar
seirbhísí
píolótaíochta a
atheagrú.

79.—(1) Féadfaidh an tAire le hordú—

- (a) aon cheantar píolótaíochta amháin breise nó níos mó (is é sin le rá, ceantair ina rialálfar píolótaíocht ar an gcaoi chéanna leis an gcaoi dá bhforáiltear leis an gCuid seo i ndáil le ceantar píolótaíochta a luaitear in *alt 56*) a bhunú agus teorainneacha ceantair den sórt sin nó ceantar den sórt sin a mhíniú,
- (b) na himthosca a shonrú ina mbeidh an píolótaíocht éigeantach i gceantar píolótaíochta arna bhunú faoi *mhír (a)*,
- (c) deireadh a chur le ceantar píolótaíochta (is ceantar píolótaíochta a luaitear in *alt 56* nó arna bhunú faoi *mhír (a)*) nó teorainneacha ceantair den sórt sin a athrú,

agus ní fhorléireofar aon ní in *alt 56* mar ní lena gcuirtear srian nó teorainn leis an Aire d'fheidhmiú a chumhachtaí nó a cumhachtaí faoin alt seo i ndáil le ceantar píolótaíochta a luaitear san alt sin.

- (2) (a) Tabharfar do dhuine sonraithe, le hordú faoi *mhír (a) d'fho-alt (1)*, an fheidhm a bhainfidh le soláthar seirbhísí píolótaíochta a eagrú agus a chinntiú sa cheantar píolótaíochta lena mbainfidh an t-ordú; comhlíonfaidh an duine sin an fheidhm sin ar cheann amháin de na modhanna a shonraítear in *alt 56 (1)* agus beidh feidhm ag forálacha na Coda seo thairis sin maidir leis an gceantar píolótaíochta a dúradh ach tagairtí don duine sin a chur in ionad tagairtí do “cuideachta”, gach áit a bhfuil sé, fara aon mhodhnuithe is gá.
- (b) Féadfaidh cibé forálacha teagmhasacha, forlíontacha agus iarmhartacha is dóigh leis an Aire is gá nó is fóirsteanach a bheith in ordú faoi *fho-alt (1)*.

(3) Maidir le cumhachtaí an Aire faoin alt seo, is cumhachtaí iad i dteannta a chuid cumhachtaí nó a cuid cumhachtaí faoi *alt 43*.

Cumhachtaí
ilghnéitheacha an
Aire maidir le
píolótaíocht.

80.—(1) (a) Féadfaidh an tAire ordachán i scríbhinn a thabhairt do chuideachta aon ní a shonrófar san ordachán a dhéanamh, nó staonadh óna dhéanamh, ar ní é, i dtuairim an Aire, is gá a dhéanamh nó staonadh óna dhéanamh chun sábháilteacht oibríochtaí píolótaíochta ina ceantar píolótaíochta a chinntiú agus comhlíonfaidh an chuideachta aon ordachán den sórt sin.

- (b) Gan dochar do ghinearáltacht *mhír (a)*, féadfaidh an tAire ordachán a thabhairt do chuideachta faoin mír sin á cheangal uirthi cibé méid d'fhodhlíthe a rinne sí faoi *alt 71* agus ina sonraítear na himthosca ina mbeidh píolótaíocht éigeantach do long le linn di loingseoireacht i gceantar píolótaíochta na cuideachta, a leasú ar s hlí a shonrófar san ordachán, agus ní bheidh feidhm ag *fo-ailt (2) go (5)* den alt sin maidir le leasú ag an gcuideachta ar na fodhlíthe sin i gcomhlíonadh ordacháin den sórt sin.

(2) Féadfaidh an tAire, tar éis dul i gcomhairle leis an gcuideachta, ordachán i scríbhinn a thabhairt do chuideachta á cheangal uirthi cinntí beartais a chomhlíonadh is cinntí de chineál ginearálta arna ndéanamh ag an Aire maidir leis na leibhéil muirear

píolótaíochta a fhorchuirfidh cuideachta nó cuideachtaí agus comhlíonfaidh an chuideachta aon ordachán den sórt sin.

(3) Féadfaidh an tAire, ó am go ham, a iarraidh ar dhuine amháin nó níos mó a mbeidh eolas acu ar eagrú agus soláthar seirbhísí píolótaíochta sa Stát athbhreithniú a dhéanamh ar bheartas Rialtais de thuras na huaire maidir leis sin agus cibé moltaí a chur faoi bhráid an Aire maidir leis an mbeartas sin a chothabháil nó a athrú de réir mar is cuí leis an duine nó leis na daoine.

(4) Féadfaidh an tAire, le hordú, a údarú do dhuine a shonrófar san ordú deimhniú (dá ngairtear “deimhniú píolótaíochta domhainfharraige” anseo ina dhiaidh seo san alt seo) a dheonú do dhuine ina ndeimhneofar go bhfuil sé nó sí cáilithe chun gníomhú mar phíolóta ar long i leith na coda sin den fharraige atá lasmuigh de cheantar píolótaíochta a shonróidh an tAire san ordú.

(5) Féadfaidh duine a bheidh údaraithe de thuras na huaire le hordú faoi *fho-alt (4)* chun deimhniú píolótaíochta domhainfharraige a dheonú deimhniú den sórt sin a dheonú d’aon duine ar iarratas ón duine más deimhin leis nó léi (trí scrúdú nó faoi threoir cibé critéar eile arna bhforchur go réasúnach aige nó aici) go bhfuil an t-iarratasóir cáilithe chun gníomhú mar phíolóta ar long don cheantar a bhfuil an duine céadluaite údaraithe deimhniú den sórt sin a dheonú ina leith.

CUID V

ILGHNÉITHEACH

81.—(1) Beidh údarás cuain do chuan a mbunófar cuideachta ina leith de bhun *alt 7* arna dhíscaoileadh ar an lá dílseacháin iomchuí agus folóidh an díscaoileadh sin, faoi réir *fho-alt (2)*, an t-údarás cuain a dhíscaoileadh ina gcáil mar údarás píolótaíochta. Údaráis chuain agus údaráis píolótaíochta áirithe a dhíscaoileadh.

(2) Más tar éis an lae dhílseacháin iomchuí an lá a thosóidh *alt 56* d’fheidhm a bheith aige i ndáil le cuideachta, leanfaidh údarás cuain chuan na cuideachta ar marthain, d’ainneoin *fho-alt (1)*, ina gcáil mar údarás píolótaíochta ar an agus ón lá dílseacháin iomchuí ach beidh sé arna dhíscaoileadh sa cháil sin ar thosach feidhme *alt 56* i ndáil leis an gcuideachta.

(3) Maidir le húdarás cuain a leanfaidh, de bhua *fho-alt (2)*, ar marthain sa cháil dá dtagraítear san *fho-alt* sin—

- (a) féadfaidh an chuideachta arna bunú de bhun *alt 7* i leith chuan an údaráis cuain cibé ranníocaí a chinnfidh sí, amhail le toiliú an Aire, a dhéanamh faoi chomhair na gcaiteachas a thabhóidh an t-údarás cuain, ar an agus ón lá dílseacháin iomchuí, le linn di gníomhú sa cháil sin,
- (b) féadfaidh an tAire duine a cheapadh chun corrfhóilúntas a tharlóidh i measc chomhaltaí an údaráis cuain ar an agus ón lá dílseacháin sin a líonadh, agus féadfaidh sé nó sí, le hordú, foráil a dhéanamh maidir le haon ní eile i ndáil le comhdhéanamh nó riarachán ginearálta an údaráis sin i gcás gur gá foráil den sórt sin a dhéanamh chun a chumasú dóibh gníomhú go cuí sa cháil a dúradh.

Tagairt do Chuan na Sionainne a fhorléiriú le haghaidh críoch áirithe.

82.—Chun críocha tagairtí san Acht seo d'iarúdarás cuain ar chuan cuideachta, a mhéid a bhaineann na tagairtí do Chuideachta Phoirt Inbhear na Sionainne, forléireofar aon tagairtí san Acht seo do Chuan na Sionainne mar thagairtí do Chuan Luimnigh, nó (de réir mar is cuí) mar thagairtí a fholaíonn tagairtí dó.

Tagairtí in achtacháin d'údaráis chuain agus d'údaráis phíolótaíochta a oiriúnú.

83.—(1) Déanfar tagairtí in aon achtachán nó in aon ionstraim arna déanamh faoi d'údarás cuain, mura n-éilíonn an comhthéacs a mhalairt, a fhorléiriú mar thagairtí a fholaíonn tagairtí do chuideachta arna bunú de bhun *alt* 7 i leith cuain de chuid údaráis cuain nó, de réir mar a bheidh, d'údarás áitiúil a n-aistreofar cuan de chuid údaráis cuain chuige le ordú faoi *fho-alt* (2) *d'alt* 88 nó faoi *fho-ailt* (4) nó (5) den alt sin agus déanfar tagairtí in aon achtachán nó in aon ionstraim arna déanamh faoi d'údarás cuain áirithe, mura n-éilíonn an comhthéacs a mhalairt, a fhorléiriú mar thagairtí don chuideachta áirithe (más ann) arna bunú amhlaidh nó, de réir mar a bheidh, don údarás áitiúil áirithe (más ann) a ndéanfar aistriú mar a dúradh chuige.

(2) Déanfar tagairtí in aon achtachán nó in aon ionstraim arna déanamh faoi d'údarás píolótaíochta, mura n-éilíonn an comhthéacs a mhalairt, a fhorléiriú mar thagairtí a fholaíonn tagairtí do chuideachta dá dtugtar mar fheidhm le *halt* 56 soláthar seirbhísí píolótaíochta i gceantar píolótaíochta údaráis píolótaíochta a eagrú agus a chinntiú agus déanfar tagairtí in aon achtachán nó in aon ionstraim arna déanamh faoi d'údarás áirithe píolótaíochta, mura n-éilíonn an comhthéacs a mhalairt, a fhorléiriú mar thagairtí don chuideachta áirithe (más ann) dá dtugtar amhlaidh an fheidhm a dúradh i ndáil le ceantar píolótaíochta an údaráis píolótaíochta sin.

(3) Aon tagairtí d'Aire na Mara in aon achtachán nó in aon ionstraim arna déanamh faoi, déanfar a mhéid a bhainfidh na tagairtí do ní a mbaineann feidhm de chuid Chuideachta Chuan Dhún Laoghaire leis, agus mura n-éilíonn an comhthéacs a mhalairt, iad a fhorléiriú mar thagairtí don chuideachta sin.

Cruthúnas ar fhodhlíthe.

84.—Aon doiciméad a airbheartóidh gur cóip é d'fhodhlíthe arna ndéanamh faoi *alt* 42 nó 71, agus a mbeidh deimhniú formhuinithe air (a airbheartóidh a bheith sínithe ag oifigeach don chuideachta a rinne na fodhlíthe sin) á rá gur cóip dhúilis de na fodhlíthe an doiciméad agus go raibh na fodhlíthe i bhfeidhm dáta sonraithe, beidh sé, gan cruthúnas ar shíniú an oifigigh sin nó gurbh é an t-oifigeach sin é nó í iarbhrí, mar fhianaise, i ngach cúirt agus i ngach imeacht dlí (go dtí go gcruthófar a mhalairt), go raibh na fodhlíthe ann agus go raibh siad i bhfeidhm an dáta sin.

Fógraí a sheirbheáil.

85.—(1) I gcás go n-údarófar nó go gceanglófar leis an Acht seo nó le hionstraim arna déanamh faoi fógra, ordachán nó doiciméad eile a sheirbheáil ar dhuine nó a thabhairt do dhuine, déanfar é, mura sonraítear a mhalairt san Acht seo nó san ionstraim, a dhíriú chuige nó chuici agus a sheirbheáil air nó uirthi nó a thabhairt dó nó di ar cheann de na slite seo a leanas—

- (a) trína dhíriú chuig an duine faoina ainm nó faoina hainm agus trína sheachadadh air nó uirthi;
- (b) trína fhágáil ag an seoladh ag a bhfuil gnáthchónaí ar an duine nó, i gcás go mbeidh seoladh le haghaidh seirbheála tugtha, ag an seoladh sin; nó

- (c) trína chur leis an ngnáthphost réamhíoctha arna dhíriú chuig an duine ag an seoladh ag a bhfuil gnáthchónaí air nó uirthi, nó i gcás go mbeidh seoladh le haghaidh seirbheála tugtha, ag an seoladh sin.

(2) Chun críocha an ailt seo, measfar gnáthchónaí a bheith ar chuideachta arna clárú faoi Achtanna na gCuideachtaí ag a hoifig chláraithe, agus measfar gnáthchónaí a bheith ar gach comhlacht corpraithe eile agus ar gach comhlacht neamhchorpraithe ag a phríomhoifig nó a phríomháit ghnó.

86.—(1) San alt seo ciallaíonn “Acht 1968” an tAcht um Lárionaid Chuanta Iascaigh, 1968. Leasú ar an Acht um Lárionaid Chuanta Iascaigh, 1968.

- (2) (a) Leasaítear leis seo an Sceideal a ghabhann le hAcht 1968 trí “An Daingean” a chur leis.

- (b) Má dhéanann an tAire ordú faoi alt 2 (1) d’Acht 1968 i ndáil le Cuan an Daingin agus má dhéantar maoín, cearta agus dliteanais uile Choimisinéirí Chuan Dhaingean Uí Chúise a aistriú chuig an Aire leis an ordú, beidh Coimisinéirí Chuan Dhaingean Uí Chúise, ar thosach feidhme an ordaithe, arna ndíscáoileadh.

87.—(1) Féadfaidh an tAire foráil a dhéanamh le hordú maidir le cuideachta phríobháideach a fhoirmiú agus a chlárú faoi Achtanna na gCuideachtaí i leith cuain gach údaráis cuain a luaitear sa Tábla a ghabhann leis an alt seo agus maidir leis an oiread sin d’fhorálacha an Achta seo is cuí i dtuairim an Aire a chur chun feidhme maidir le cuideachta réamhráite, a chur chun feidhme maidir léi, faoi réir cibé oiriúnuithe agus modhnuithe is dóigh leis an Aire is gá nó is fóirsteanach agus a shonróidh sé nó sí san ordú. Cumhacht chun cuideachtaí a bhunú i leith cuanta nach luaitear sa *Chéad Sceideal*.

(2) Féadfaidh ordú faoin alt seo baint a bheith aige maidir le gach ceann nó aon cheann nó níos mó de na cuanta a dúradh.

AN TÁBLA

Coimisinéirí Piara Áth na gCasán
 Coimisinéirí Cuain Bhá Bheanntraí
 Coimisinéirí Cuain Bhéal Átha Seanaidh
 Coimisinéirí Cuain Dhún na Séad agus an Sciobairín
 Coimisinéirí Cuain Bhun Cranncha
 Comhairle ceantair uirbigh Chill Rois
 Coimisinéirí Cuain Chionn tSáile
 Coimisinéirí Abhainn na Muaidhe
 Coimisinéirí Cuain Shligigh
 Coimisinéirí Piara agus Cuain Thrá Lí agus na Fiannaite
 Coimisinéirí Poirt agus Cuain Chathair na Mart
 Coimisinéirí Cuain Loch Garman
 Comhairle cheantar uirbeach Eochaille

88.—(1) San alt seo—
 ciallaíonn “comhairle” comhairle chontae;

Forálacha maidir le cuanta áirithe a aistriú chuig údaráis áitiúla.

ciallaíonn “Bardas Bhaile Átha Cliath” Ard-Mhéara Ró-Onórach, Seanóirí agus Buirgéisigh Bhaile Átha Cliath;

tá le “Comhairle Contae Dhún Laoghaire — Ráth an Dúin” agus le “Comhairle Contae Fhine Gall” an bhrí chéanna atá leo san Acht Rialtais Áitiúil (Baile Átha Cliath), 1993;

folaíonn “údarás cuain”, más féidir é sa chomhthéacs, Cuideachta Phort Bhaile Átha Cliath;

folaíonn “maoin”, más féidir é sa chomhthéacs, cuan agus na ballaí cé agus na droichid a luaitear i *bhfo-alt* (6);

ciallaíonn “an t-údarás áitiúil iomchuí” an t-údarás áitiúil a ndéanfar foráil le hordú faoi *fho-alt* (2) nó, de réir mar a bheidh, faoi *fho-alt* (4), (5) nó (6) go n-aistreofar chuige maoin, cearta agus dliteanais agus, i gcás ordaithe faoi *fho-alt* (2), comhaltaí foirne, de chuid údaráis cuain a bheidh sonraithe san ordú nó i *bhfo-alt* (4), (5) nó (6), de réir mar a bheidh, agus ciallaíonn “údarás cuain iomchuí” an t-údarás cuain a bheidh sonraithe amhlaidh.

(2) (a) Féadfaidh an tAire, le toiliú an Aire Comhshaoil, in ionad ordú a dhéanamh faoi *alt* 87 i leith cuain údaráis cuain atá luaite sa Tábla a ghabhann leis an alt sin, an mhaoín go léir, na cearta go léir agus na dliteanais go léir de chuid údaráis cuain den sórt sin agus gach comhalta dá bhfoireann a aistriú, le hordú, chuig cibé ceann díobh seo a leanas a mheasfaidh an tAire is cuí, eadhon—

(i) an chomhairle ar ina limistéar feidhme atá cuan an údaráis cuain suite, nó

(ii) aon údarás áitiúil eile ar ina limistéar feidhme atá an cuan a dúradh suite.

(b) Folaíonn an tagairt san *fho-alt* seo do mhaoín, do chearta agus do dhliteanais agus do chomhaltaí foirne údaráis cuain réamhráite tagairt d’aon mhaoín, d’aon chearta agus d’aon dliteanais de chuid an údaráis cuain ina gcáil mar údarás píolótaíochta ach i gcás gur údarás áitiúil údarás cuain réamhráite, ní fholáíonn an tagairt chéadluaite tagairt do mhaoín, do chearta agus do dhliteanais agus do chomhaltaí foirne an údaráis áitiúil ina cháil mar údarás áitiúil.

(3) Féadfaidh ordú faoi *fho-alt* (2) baint a bheith aige le ceann amháin nó níos mó de na húdaráis chuain atá luaite sa Tábla a ghabhann le *halt* 87.

(4) Ar thosach feidhme an *fho-ailt* seo beidh arna n-aistriú chuig Comhairle Contae Fhine Gall ó Bhord Port agus Duganna Bhaile Átha Cliath, nó más roimh an tosach feidhme sin a bheidh an lá dílseacháin iomchuí, ó Chuideachta Phort Bhaile Átha Cliath, na cuanta seo a leanas, eadhon, Cuan na Sceirí agus Cuan Bhaile Brigín mar aon le maoin, cearta agus dliteanais uile an Bhoird nó na cuideachta sin, de réir mar a bheidh, atá bainteach le gach ceann de na cuanta sin.

(5) Ar thosach feidhme an *fho-ailt* seo beidh arna n-aistriú chuig Comhairle Contae Dhún Laoghaire–Ráth an Dúin ó Bhord Port agus Duganna Bhaile Átha Cliath, nó más roimh an tosach feidhme sin a bheidh an lá dílseacháin iomchuí, ó Chuideachta Phort Bhaile Átha Cliath, na cuanta seo a leanas, eadhon, Cuan Bhlóic agus Cuan

Chuas an Ghainimh mar aon le maoin, cearta agus dliteanais uile an Bhoird nó na cuideachta sin, de réir mar a bheidh, atá bainteach le gach ceann de na cuanta sin.

(6) Ar thosach feidhme an fho-ailt seo beidh arna n-aistriú chuig Bardas Bhaile Átha Cliath ó Bhord Port agus Duganna Bhaile Átha Cliath nó, más roimh an tosach feidhme sin a bheidh an lá dílseacháin iomchuí, ó Chuideachta Phort Bhaile Átha Cliath, ballaí cé agus droichid na Life ó Dhroichead Ruairí Uí Mhóra ag Stáisiún Heuston go dtí Droichead Cuimhneacháin Mhait Talbóid, agus na droichid sin san áireamh, mar aon le maoin, cearta, agus dliteanais uile an Bhoird nó na cuideachta sin, de réir mar a bheidh, atá bainteach leis na ballaí cé agus leis na droichid sin.

(7) Maidir le maoin, cearta agus dliteanais údaráis cuain a aistreofar le hordú faoi *fho-alt* (2) nó faoi *fho-alt* (4), (5) nó (6), beidh éifeacht leis na forálacha seo a leanas:

- (a) amhail ar agus ó thosach feidhme an ordaithe nó *fho-alt* (4), (5) nó (6), de réir mar a bheidh, gan tíolacadh, aistriú ná sannadh ar bith eile—
 - (i) dílseoidh an mhaoín lena mbaineann don údarás áitiúil iomchuí i leith eastát agus leas uile an údaráis cuain iomchuí,
 - (ii) beidh na cearta lena mbaineann ar teachtadh ag an údarás áitiúil iomchuí,
 - (iii) is dliteanais de chuid an údaráis áitiúil iomchuí a bheidh sna dliteanais lena mbaineann,
- (b) más rud é, díreach roimh thosach feidhme an ordaithe nó *fho-alt* (4), (5) nó (6), de réir mar a bheidh, go mbeidh aon imeachtaí dlí ar feitheamh ar páirtí iontu an t-údarás cuain iomchuí agus, i gcás Bhord Port agus Duganna Bhaile Átha Cliath nó Cuideachta Phort Bhaile Átha Cliath, go mbeidh tagairt sna himeachtaí do mhaoín, do chearta nó do dhliteanais a aistreofar faoi *fho-alt* (4), (5) nó (6), de réir mar a bheidh, déanfar, amhail ar an agus ón tosach feidhme sin, ainm an údaráis áitiúil iomchuí a chur in ionad ainm an údaráis cuain iomchuí sna himeachtaí agus ní rachaidh na himeachtaí ar ceal mar gheall ar an gcur in ionad sin.

(8) Ar thosach feidhme ordaithe faoi *fho-alt* (2), beidh an t-údarás cuain iomchuí arna dhíscaoileadh agus folóidh an díscaoileadh sin díscaoileadh an údaráis cuain iomchuí ina gcáil mar údarás píolótaíochta:

Ar choinníoll i gcás gur údarás áitiúil an t-údarás cuain iomchuí nach ndéanfaidh an díscaoileadh sin difear don údarás áitiúil ina cháil mar údarás áitiúil.

- (9) (a) I gcás gur údarás áitiúil údarás cuain lena mbaineann ordú faoi *fho-alt* (2), ar a thionscnamh nó ar a tionscnamh féin, féadfaidh an tAire agus, ar iarratas ón údarás áitiúil iomchuí, déanfaidh sé nó sí, deimhniú a eisiúint i leith maoin, ceart nó dliteanas sonraithe ina ndeimhneofar, de réir mar is cuí leis nó léi, gur mhaoín, cearta nó dliteanais de chuid an údaráis áitiúil chéadluaite ina cháil mar an t-údarás cuain sin agus, más cuí, mar údarás píolótaíochta, an mhaoín, na cearta nó na dliteanais, nó

nár bh ea, agus is fianaise chríochnaitheach é an deimhniú ar na fíorais arna ndeimhniú amhlaidh.

- (b) Chun críocha *fho-ailt* (4), (5) agus (6), ar a thionscnamh nó ar a tionscnamh féin féadfaidh an tAire, agus ar iarratas ó Chomhairle Contae Fhine Gall, ó Chomhairle Contae Dhún Laoghaire–Ráth an Dúin nó ó Bhardas Bhaile Átha Cliath déanfaidh sé nó sí, deimhniú a eisiúint i leith maoin, ceart nó dliteanas sonraithe ina ndeimhneofar, de réir mar is cuí leis nó léi, go raibh nó nach raibh baint ag an maoin, na cearta nó na dliteanais le cuan a luaitear i *bhfo-alt* (4) nó (5) nó le ballaí cé agus droichid a luaitear i *bhfo-alt* (6) agus is fianaise chríochnaitheach é an deimhniú ar na fíorais arna ndeimhniú amhlaidh.

(10) Ar thosach feidhme ordaithe faoi *fho-alt* (2) a bhaineann le Coimisinéirí Cuain Bhá Bheanntaí agus uaidh sin amach, déanfar tagairtí do na coimisinéirí sin in alt 2 den Acht um Lárionaid Chuanta Iascaigh (Leasú), 1992, a fhorléiriú mar thagairtí don údarás áitiúil iomchuí.

(11) Ní bheidh feidhm ag alt 12 den *Finance Act*, 1895, maidir le haon mhaoín nó cearta arna n-aistriú le hordú faoi *fho-alt* (2) nó faoi *fho-alt* (4), (5) nó (6), de réir mar a bheidh, a dhílsiú d’údarás áitiúil.

Cuanta atá faoi rialú nó faoi bhainistiú údarás áitiúil a rialáil.

89.—(1) San alt seo ciallaíonn “Acht 1994” an tAcht Rialtais Áitiúil, 1994.

- (2) (a) Féadfaidh an tAire rialacháin a dhéanamh i ndáil le sábháilteacht loingseoireachta i gcuanta faoi rialú nó faoi bhainistiú údarás áitiúil nó in aicme shonraithe nó in aicmí sonraithe cuanta faoin rialú nó faoin mbainistiú sin.

- (b) Beidh duine a sháróidh foráil de rialacháin faoin *bhfo-alt* seo ciontach i gcion.

- (3) (a) Gan dochar do ghinearáltacht *fho-ailt* (1), (2) agus (7) d’alt 37 d’Acht 1994, ach faoi réir *fho-alt* (8) den alt sin, foláíonn cumhacht údaráis áitiúil fodhlíthe a dhéanamh faoi chuid VII d’Acht 1994 an chumhacht fodhlíthe a dhéanamh, i ndáil le cuan faoina rialú nó faoina bhainistiú—

- (i) chun na gcríoch uile a bhféadfaidh cuideachta fodhlíthe a dhéanamh chucu faoi *alt* 42 i ndáil lena cuan, agus

- (ii) chun a chumasú di muirir a fhorchur in imthosca de shamhail na n-imthosca ina bhféadfaidh cuideachta muirir a fhorchur faoi *alt* 13.

- (b) D’ainneoin *fho-alt* (2) agus alt 37 (2) (b) d’Acht 1994, foláíonn cumhacht réamhráite sin údaráis áitiúil cumhacht fodhlíthe a dhéanamh i ndáil le sábháilteacht loingseoireachta i gcuant faoina rialú nó faoina bhainistiú:

Ar choinníoll nach mbeidh éifeacht le haon fhoráil d’fhodhlíthe a dhéanfaidh údarás áitiúil i ndáil leis an ní sin, a mhéid a bheidh an fhoráil ar neamhréir le rialacháin faoi *fho-alt* (2), a fhad a fhanfaidh na rialacháin sin i bhfeidhm.

90.—An lá dísithe iomchuí (maidir le Cuideachta Chuan Dhún Laoghaire), beidh Bord (Airgeadas) Chuan Dhún Laoghaire díscaoilte agus beidh feidhm ag forálacha *Chuid VI*, fara aon mhodhnuithe is gá, maidir le maoin, cearta agus dliteanais an Bhoird sin agus aon imeachtaí a bheidh ar feitheamh in aghaidh an Bhoird díreach roimh an lá sin mar a bheidh feidhm acu maidir le maoin, cearta agus dliteanais an Aire agus aon imeachtaí a bheidh ar feitheamh ina aghaidh nó ina haghaidh díreach roimh an lá sin.

Bord Cuain Dhún Laoghaire (Airgeadas) a dhíscaoileadh.

91.—(1) Féadfaidh an tAire, tar éis dul i gcomhairle leis an údarás áitiúil lena mbaineann, le hordú, teorainneacha cuain atá faoi rialú nó faoi bhainistiú údaráis áitiúil a mhíniú agus a fhad a bheidh ordú den sórt sin i bhfeidhm is iad teorainneacha cuain den sórt sin, d'ainneoin fhorálacha aon achtacháin a bheidh i bhfeidhm díreach roimh thosach feidhme an ordaithe, na teorainneacha sin a bheidh mínithe san ordú.

Teorainneacha cuanta atá faoi rialú nó faoi bhainistiú údarás áitiúil.

(2) Déanfar an tagairt i *bhfo-alt (1)* d'ordú a bheidh i bhfeidhm a fhorléiriú, maidir le hordú den sórt sin a leasaítear le hordú a bheidh i bhfeidhm faoi *alt 3 (4)*, mar thagairt don ordú céadluaite arna leasú amhlaidh.

92.—(1) Déanfaidh gach ceann díobh seo a leanas, eadhon, cuideachta agus údarás cuain, faoi réir fhorálacha an ailt seo, socruithe—

Taifid agus cairteanna cuideachtaí agus údarás cuain.

(a) chun a taifid nó a thaifid nó a dtaifid agus a cairteanna nó a chairteanna nó a gcairteanna a bhainistiú, a choimeád, a aireachasú agus a chaomhnú go cuí, agus

(b) chun an pobal d'iniúchadh a cairteanna nó a chairteanna nó a gcairteanna.

(2) Féadfaidh cuideachta nó údarás cuain—

(a) comhoibriú le húdarás áitiúil amháin nó níos mó nó le daoine eile chun seirbhís cairteanna áitiúil a bhunú agus a oibriú, agus na húdaráis nó na daoine sin a chúiteamh as aon chaiteachas a thabhóidh siad le linn seirbhís den sórt sin a bhunú agus a oibriú a mhéid a bhaineann sé le taifid agus cairteanna na cuideachta nó an údaráis cuain; agus

(b) le toiliú aon údaráis áitiúil nó duine eile a oibríonn seirbhís cairteanna áitiúil, aon cheann de na feidhmeanna a thugtar don chuideachta nó don údarás cuain leis an alt seo a tharmligean chuig an údarás sin nó chuig an duine sin a mhéid a bhaineann siad le cairteanna.

(3) Féadfaidh an tAire, tar éis dul i gcomhairle leis an Aire Comhshaoil agus le Stiúrthóir na Cartlainne Náisiúnta, comhairle a thabhairt, nó, de réir mar is cuí leis an Aire, ordacháin a thabhairt, do chuideachta nó d'údarás cuain i ndáil le haon ní a bhaineann lena taifid nó a thaifid nó a dtaifid agus lena cairteanna nó a chairteanna nó a gcairteanna agus, go háirithe agus gan dochar don mhéid sin roimhe seo, i ndáil leis an gcuideachta nó leis an údarás cuain do dhéanamh aon cheann de na nithe seo a leanas i ndáil lena taifid nó a thaifid nó a dtaifid agus lena cairteanna nó a chairteanna nó a

gcairteanna (agus cumhachtaítear leis seo do gach cuideachta agus údarás cuain é sin a dhéanamh), eadhon—

- (a) taifid agus cairteanna a choinneáil, a bhainistiú, a chaomhnú, a aisiriú agus a atáirgeadh,
- (b) taifid a dheimhniú a bheith mí-oiriúnach lena n-aicmiú mar chairteanna, agus an deimhniúchán sin a athbhreithniú i gceann eatramh sonraithe.
- (c) cairteanna a chur ar fáil lena n-iniúchadh ag an bpobal,
- (d) cóipeanna agus sleachta as cairteanna a dhéanamh agus a sholáthar,
- (e) na himthosca ina bhféadfar cairteanna, nó aicmí áirithe cairteanna, a choimeád óna n-iniúchadh ag an bpobal.
- (f) eolaithe, liostaí, innéacsáí agus áiseanna fála le haghaidh cairteanna a ullmhú,
- (g) cairteanna a thabhairt ar iasacht d'fhorais chuí, do chomhlachtaí cuí agus do chumainn chuí, cibé acu sa Stát nó in áit eile, agus
- (h) taifid a dhiúscairt agus cairteanna cuain a dhiúscairt,

agus beidh aird ag an gcuideachta nó ag an údarás cuain ar aon chomhairle den sórt sin agus comhlíonfaidh sí nó sé aon ordacháin den sórt sin.

- (4) (a) San alt seo, folaíonn “taifid” i ndáil le cuideachta nó údarás cuain, leabhair, léarscáileanna, pleananna, líníochtaí, páipéir, comhaid, grianghraif, scannáin, micreascannáin agus taifid mhicreagrafacha eile, taifeadtaí fuaime, taifid phictiúrtha, téipeanna maighnéadacha, dioscaí maighnéadacha, dioscaí optúla nó fisdioscaí, taifid eile atá inléite ar innill agus ábhar doiciméadach nó próiseáilte eile, a dhéanann nó a fhaigheann an chuideachta nó an t-údarás cuain agus a choimeádann an chuideachta nó an t-údarás cuain i gcúrsa a gnó nó a ghnó nó a ngnó nó mar chomharba ar aon chomhlacht eile, agus folaíonn sé cóipeanna d’aon taifid den sórt sin arna ndéanamh go cuí, ach ní fholáíonn sé na nithe seo a leanas—
 - (i) deontais, gníomhais nó doiciméid teidil eile a bhaineann le maoin atá dílsithe de thuras na huaire don chuideachta nó don údarás cuain, agus
 - (ii) aon chuid de bhailiúchán buan leabharlainne, músaeim nó dánlainne.
- (b) San alt seo folaíonn “cairteanna”, i ndáil le cuideachta nó údarás cuain, na taifid sin uile a dúradh atá níos sine ná 30 bliain, ach amháin cibé taifid a dheimhneoidh an chuideachta nó an t-údarás cuain faoi *fho-alt (3)* a bheith mí-oiriúnach lena n-aicmiú mar chairteanna.

(5) Scoirfidh alt 13 den Acht um Chartlann Náisiúnta, 1986, d’éifeacht a bheith leis i ndáil le taifid nó doiciméid de chuid cuideachta nó údaráis cuain.

(6) Gan dochar d'*fho-alt* (3), féadfaidh an Chomhairle um an gCartlann Náisiúnta comhairle a thabhairt don Aire ar aon ní a dhéanfaidh difear do chairteanna cuideachtaí agus údarás cuain agus a n-úsáid ag an bpobal.

(7) Ní dhéanfaidh aon ní san alt seo difear d'aon chearta de chuid duine a éileoidh gurb é nó í úinéir doiciméid an doiciméad a aisghabháil.

(8) Ní sárú ar chóipcheart na gchairteanna sin é má dhéanann nó má sholáthraíonn cuideachta nó údarás cuain, nó má dhéantar nó má sholáthraítear ar ordú ón gcéanna, atáirgthí de chairteanna atá á gcoimeád de réir an ailt seo agus atá ar fáil lena n-iniúchadh ag an bpobal.

(9) Ní dhéanfaidh duine cairteanna a choimeádtar de réir an ailt seo a cheilt, a dhamáistiú ná a dhíothú ná ní dhéanfaidh sé nó sí aon chairteanna den sórt sin ina n-iomláine, ná aon chuid díobh, a aistriú, a fhoilsiú ná a atáirgeadh gan toiliú i scríbhinn ón gcuideachta nó ón údarás cuain iomchuí.

(10) Aon duine a sháróidh *fo-alt* (9), beidh sé nó sí ciontach i gcion.

93.—(1) Leasaítear leis seo alt 47 d'Acht 1946 trí na fo-ailt seo a Leasú ar Acht 1946. leanas a chur leis i ndiaidh *fho-alt* (3):

“(4) Féadfaidh údarás cuain gabháil d'aon ghníomhaíocht ghnó, ina aonar nó i gcomhar le daoine eile, a mheasfaidh siad a bheith buntáisteach d'fhorbairt a gcuaín.

(5) Gan dochar do ghinearáltacht *fho-ailt* (1) go (4) den alt seo, beidh cumhacht ag údarás cuain aon ní a dhéanamh is dealraitheach dóibh a bheith riachtanach, buntáisteach nó teagmhasach i ndáil le comhlíonadh a bhfeidhmeanna acu, mar a shonraítear san Acht seo nó in aon achtachán eile, nó ar dealraitheach dóibh go n-urasódh sé an comhlíonadh sin, go díreach nó go neamhdhíreach, agus ar ní é nach bhfuil ar neamhréir le haon achtachán a bheidh i bhfeidhm de thuras na huaire.”.

(2) Leasaítear leis seo Acht 1946 tríd an alt seo a leanas a chur isteach i ndiaidh alt 87:

“Toirmeasc ar shoithigh áirithe, etc., dul isteach i gcuan.

87A.—(1) Faoi réir an ailt seo, féadfaidh an máistir cuain ar chuan diúltú cead isteach sa chuan a thabhairt do shoitheach, d'fheithicil nó do chóir iompair eile más rud é, mar gheall ar a chineál nó a cineál nó ar an riocht ina mbeidh aon earra de na hearraí a bheidh á n-iompar air nó uirthi, go gcuirfí daoine nó maoín i mbaol, i dtuairim an mháistir chuain, ach an soitheach, an fheithicil nó an chóir iompair eile do dhul isteach amhlaidh sa chuan nó a bheith sa chuan ina dhiaidh sin.

(2) Faoi réir an ailt seo, ní fhéadfaidh an máistir cuain ar chuan cead isteach sa chuan a thabhairt d'ábhar radaighníomhach (de réir bhrí an Chóid Idirnáisiúnta Mhuirí um Earraí Contúirteacha de chuid na hEagraíochta Muirí Idirnáisiúnta) ach amháin le toiliú na hInstitiúide Éireannaí um Chosaint Raideolaíoch.

(3) Faoi réir an ailt seo, toirmisctear cead isteach i gcuán orthu seo a leanas—

- (a) soitheach, feithicil nó cóir iompair atá cumhachtaithe go núicléach,
- (b) soitheach, feithicil nó cóir iompair eile a bheidh ag iompar aon airm núicléacha,
- (c) soitheach, feithicil nó cóir iompair eile atá ag iompar ábhar núicléach (de réir bhrí alt 2 den Acht um Chosaint Raideolaíoch, 1991), nó mianach nó substaintí eile arb é ábhair núicléacha a tháirgeadh a gceann riain.

(4) Féadfaidh an tAire, le toiliú an Aire Iompair, Fuinnimh agus Cumarsáide, ar chomhairle na hInstitiúide Éireannaí um Chosaint Raideolaíoch, soitheach, feithicil nó cóir iompair eile d'aicme shonraithe nó d'aicmí sonraithe a bheidh ag iompar ábhar núicléach a dhíolmhú ó fheidhm fho-alt (3) (c) agus fad a bheidh díolúine den sórt sin i bhfeidhm, forléireofar fo-alt (3) agus beidh éifeacht leis de réir na díolúine.

(5) Ní bheidh feidhm ag fo-ailt (1), (2) agus (3) maidir le soitheach de chuid seirbhíse cabhlaigh stáit (seachas an Stát) ach amháin le toiliú roimh ré ón Rialtas.

(6) Ní bheidh feidhm ag fo-ailt (1), (2) agus (3) maidir le soitheach a bheidh i nguais ná i gcás go mbeidh garchontúirt ann do dhaoine.

(7) I gcás go rachaidh soitheach, feithicil nó cóir iompair eile isteach i gcuán, tar éis cead isteach sa chuan a bheith diúltaithe di faoi fho-alt (1) nó de shárú ar fho-alt (3), maidir le húinéir agus máistir an tsoithigh, nó úinéir na feithicle nó na córa iompair, nó an duine dá mbeidh an chóir iompair ar frúiliú an tráth a rachaidh sí isteach, beidh gach duine acu ciontach i gcion.

(8) Aon duine a bheidh ciontach i gcion faoin alt seo, dlífear—

- (a) ar é a chiontú go achomair, fíneáil nach mó ná £1,500, nó príosúnacht ar feadh téarma nach faide ná 12 mhí, nó iad araon, a chur air,
- (b) ar é a chiontú ar díotáil, fíneáil nach mó ná £100,000, nó príosúnacht ar feadh téarma nach faide ná 2 bhliain, nó iad araon, a chur air.”.

Cosaint i leith
údarás tithe solais.

94.—Ní dhéanfaidh aon ní san Acht seo ná in ionstraim arna déanamh faoi dochar ná difear do chearta, do chumhachtaí ná do phribhléidí aon údaráis ghinearálta tithe solais ná aon údaráis áitiúil tithe solais.

95.—(1) I gcás gur deimhin leis an Aire, tar éis dul i gcomhairle leis an údarás cuain agus leis na hiontaobhaithe (más ann) lena mbaineann, maidir le scéim aoisliúntais arna déanamh ag údarás cuain faoi alt 151 d'Acht 1946—

Foráil maidir le scéimeanna aoisliúntais faoi Acht 1946.

- (a) nach bhfuil dóthain airgid sa chiste (más ann) a bunaíodh i leith na scéime chun a chumasú sochair aoisliúntais faoin scéim a íoc as, is sochair a bheidh le híoc laistigh den tréimhse 12 mhí tar éis aon dáta áirithe, agus
- (b) nach bhfuil acmhainní ag an údarás cuain sin as a bhféadfaí na sochair sin a íoc,

ansin féadfaidh an tAire, le toiliú an Aire Airgeadais, cibé méid airgid (cibé acu trí dheontais nó iasachtaí) a chinnfidh sé nó sí a chur ar fáil don údarás cuain sin nó, de réir mar a bheidh, d'iontaobhaithe ciste a dúradh chun a chumasú na sochair sin a íoc.

(2) Ní chuirfear aon airgead ar fáil faoi *fho-alt (1)* tráth is faide anonn ná 5 bliana tar éis thosach feidhme an ailt seo.

(3) An t-airgead go léir a bheidh ag teastáil ó am go ham ón Aire faoi chomhair suimeanna a thiocfaidh chun bheith iníoctha aige nó aici faoin alt seo, airleacfar iad as an bPríomh-Chiste nó as a thoradh fáis.

CUID VI

FORÁLACHA IDIRTHRÉIMHSEACHA MAIDIR LE CUIDEACHTA ARNA BUNÚ DE BHUN *Alt 7*

96.—(1) An lá dílseacháin iomchuí, maidir leis an talamh go léir a bhí díreach roimh an lá sin—

Talamh agus maoin eile a aistriú.

- (a) dílsithe d'údarás cuain do chuan, nó
- (b) i gcás Chuan Dhún Laoghaire, dílsithe don Aire agus a d'úsáid an tAire nó a bhí faighte ag an Aire chun críocha a fheidhmeanna nó a feidhmeanna i ndáil le Cuan Dhún Laoghaire,

agus maidir leis na cearta, na cumhachtaí agus na pribhléidí go léir a bhaineann nó a ghabhann leis an talamh sin, beidh siad, gan aon tíolacadh ná sannadh, ach faoi réir *fho-alt (2)*, arna ndílsiú don chuideachta arna bunú de bhun *alt 7* i leith an chuain sin go feadh an eastáit nó an leasa uile dá raibh sé, díreach roimh an lá sin, dílsithe don údarás cuain nó don Aire, de réir mar a bheidh, ach sin faoi réir na n-iontaobhas agus na gcothromas go léir a dhéanann difear don talamh agus atá ar marthain agus inchomhlíonta.

(2) Ní oibreoidh *fo-alt (1)* chun aon mhianraí ná aon cheart mianadóireachta ná aon cheart chun mianraí a bhaint, a dhílsiú do chuideachta.

(3) An lá dílseacháin iomchuí, beidh an mhaoín go léir, seachas talamh, lena n-áirítear ábhair i gcaingean, a bhí díreach roimh an lá sin—

- (a) ina maoin de chuid údaráis cuain do chuan, nó

- (b) i gcás Chuan Dhún Laoghaire, ina maoin de chuid an Aire agus a d'úsáid an tAire nó a bhí faighte ag an Aire i dtaca lena fheidhmeanna nó a feidhmeanna i ndáil le Cuan Dhún Laoghaire,

arna dílsiú don chuideachta arna bunú de bhun *alt* 7 maidir leis an gcuan sin gan aon sannadh.

(4) Maidir le gach ábhar i gcaingean a aistreofar le *fo-alt* (3) chuig cuideachta, féadfaidh an chuideachta, tar éis an lae dílseacháin iomchuí, agra a dhéanamh ina leith, é a ghnóthú nó é a chur i bhfeidhm ina hainm féin agus ní gá don chuideachta, don údarás cuain ná don Aire fógra i dtaobh an aistrithe a dhéanfar leis an bhfo-alt sin a thabhairt don duine a bheidh faoi cheangal ag an ábhar i gcaingean.

(5) Féadfaidh an tAire, ar a thionscnamh nó ar a tionscnamh féin, agus déanfaidh an tAire ar iarratas ó Chuideachta Chuan Dhún Laoghaire, deimhniú a eisiúint i leith talaimh shonraithe á dheimhniú, de réir mar is cuí leis nó léi, gur dhílsigh an talamh don chuideachta sin faoi *fho-alt* (1), nó nár dhílsigh sé amhlaidh, agus beidh an deimhniú ina fhianaise dhochloíte ar na fíorais a dheimhneofar amhlaidh.

(6) Féadfaidh an tAire, ar a thionscnamh nó ar a tionscnamh féin, agus déanfaidh an tAire ar iarratas ó Chuideachta Chuan Dhún Laoghaire, deimhniú a eisiúint i leith maoin sonraithe á dheimhniú, de réir mar is cuí leis nó léi, gur dhílsigh an mhaoín don chuideachta sin faoi *fho-alt* (3), nó nár dhílsigh sí amhlaidh agus beidh an deimhniú ina fhianaise dhochloíte ar na fíorais a dheimhneofar amhlaidh.

Cearta agus dliteanais a aistriú.

97.—(1) Maidir leis na cearta agus na dliteanais go léir de chuid an údaráis cuain do chuan nó, i gcás Chuan Dhún Laoghaire, de chuid an Aire, a éireoidh de bhua aon chonartha nó gealltanais (sainráite nó intuigthe) a rinne an t-údarás cuain nó an tAire, de réir mar a bheidh, roimh an lá dílseacháin iomchuí, agus, i gcás an Aire, a raibh baint acu lena fheidhmeanna nó lena feidhmeanna i ndáil le Cuan Dhún Laoghaire, beidh siad an lá sin arna n-aistriú chuig an gcuideachta arna bunú de bhun *alt* 7 i ndáil leis an gcuan lena mbaineann.

(2) Féadfaidh an tAire, ar a thionscnamh nó a tionscnamh féin, agus déanfaidh sé nó sí ar iarratas ó Chuideachta Chuan Dhún Laoghaire, deimhniú a eisiúint i leith conartha nó gealltanais shonraithe ina ndeimhneofar, de réir mar is cuí leis nó léi, gur aistríodh cearta agus dliteanais an Aire faoin gcéanna chuig an gcuideachta sin an lá dílseacháin iomchuí faoi *fho-alt* (1) nó nár aistríodh amhlaidh iad agus is fianaise leordhóthanach é an deimhniú ar na fíorais arna ndeimhniú amhlaidh.

(3) Maidir le gach ceart agus dliteanas a aistreofar le *fo-alt* (1) chuig cuideachta, féadfar, an lá dílseacháin iomchuí agus dá éis, agra a dhéanamh ina leith, é a ghnóthú nó a chur i bhfeidhm ag an gcuideachta nó i gcoinne na cuideachta ina hainm féin agus ní bheidh sé riachtanach don chuideachta, don údarás cuain ná don Aire, de réir mar a bheidh, fógra a thabhairt i dtaobh an aistrithe don duine a n-aistrítear a cheart nó a ceart nó a dhliteanas nó a dliteanas leis an bhfo-alt sin.

(4) Comhlíonfaidh Cuideachta Chuan Dhún Laoghaire cibé oibleagáidí (cé is moite d'aisíoc príomhshuime nó d'íocaíochtaí úis)

a bheidh sonraithe ag an Aire Airgeadais i ndáil lena oibleagáidí nó lena hoibleagáidí conarthacha faoi chonarthaí iasachtaí coigríche, a rinneadh roimh an lá dílseacháin iomchuí, i dtaca le feidhmeanna an Aire i ndáil le Cuan Dhún Laoghaire.

98.—Ní bheidh feidhm ag alt 12 den *Finance Act*, 1895, maidir le haon mhaoín nó cearta a aistrítear leis an Acht seo a dhílsiú do chuideachta. Díolúine ó dhleacht stampa.

99.—(1) Aon éileamh i leith aon chaillteanais nó díobhála a líomhnófar a bhain d’aon duine de dheasca údarás cuain do chomhlíonadh a bhfeidhmeanna i ndáil lena gcuan roimh an lá dílseacháin iomchuí, nó de dheasca an tAire do chomhlíonadh a fheidhmeanna nó a feidhmeanna i ndáil le Cuan Dhún Laoghaire roimh an lá sin is éileamh é, tar éis an lae sin, i gcoinne na cuideachta a bhunófar de bhun *alt 7* i leith an chuain sin (dá ngairtear an “cuideachta iomchuí” i *bhfo-alt (2)*) cibé acu a rinneadh nó nach ndearnadh aon éileamh ina leith sin roimh an lá sin agus, faoi réir *alt 101*, agus ní éileamh i gcoinne an údaráis cuain, an Aire, aon údaráis Stáit eile ná an Stáit é. Dliteanas i leith caillteanais a tharlaíonn roimh an lá dílseacháin.

(2) Más rud é, in éileamh lena mbaineann *fo-alt (1)*, go mbeidh na páirtithe tar éis teacht ar chomhaontú roimh an lá dílseacháin iomchuí maidir leis an éileamh a shocrú agus nach mbeidh téarmaí an chomhaontaithe curtha i ngníomh nó go mbeidh breithiúnas tugtha i bhfabhar an duine dhíobháilte, agus nach mbeidh an breithiúnas forfheidhmithe, is i gcoinne na cuideachta iomchuí agus, faoi réir *alt 101*, ní i gcoinne an údaráis cuain lena mbaineann, an Aire, aon údaráis Stáit eile ná an Stáit a bheidh téarmaí an chomhaontaithe nó an bhreithiúnais infhorfheidhmithe.

(3) Aon éileamh a dhéanfaidh údarás cuain, an tAire, aon údarás Stáit eile nó an Stát, nó is cuí dó nó di a dhéanamh, i leith aon chaillteanais nó díobhála de dhroim gnímh nó mainneachtana ag aon duine roimh an lá dílseacháin iomchuí agus, i gcás éilimh ag aon duine de na daoine sin (seachas údarás cuain), má bhaineann an t-éileamh leis an Aire do chomhlíonadh a fheidhmeanna nó a feidhmeanna i ndáil le Cuan Dhún Laoghaire, measfar gur éileamh é a rinne an chuideachta a bhunófar de bhun *alt 7* nó is cuí di a dhéanamh i leith chuan an údaráis cuain nó Chuan Dhún Laoghaire, de réir mar a bheidh, (dá ngairtear an “cuideachta iomchuí” i *bhfo-alt (4)*) agus féadfaidh an chuideachta sin dul ar aghaidh leis agus agairt ina leith ionann is dá mba don chuideachta a bhain an caillteanas nó an díobháil.

(4) Más rud é, in éileamh lena mbaineann *fo-alt (3)*, go mbeidh na páirtithe tar éis teacht ar chomhaontú roimh an lá dílseacháin iomchuí maidir leis an éileamh a shocrú agus nach mbeidh téarmaí an chomhaontaithe curtha i ngníomh nó go mbeidh breithiúnas tugtha i bhfabhar an údaráis cuain lena mbaineann, an Aire, aon údaráis Stáit eile nó an Stáit agus nach mbeidh an breithiúnas forfheidhmithe, beidh téarmaí an chomhaontaithe nó an bhreithiúnais, de réir mar a bheidh, infhorfheidhmithe ag an gcuideachta iomchuí a mhéid is infhorfheidhmithe iad ag an údarás cuain lena mbaineann, ag an Aire, ag aon údarás Stáit eile nó ag an Stát.

(5) Ní bheidh feidhm ag an alt seo maidir le héileamh a dhéanfaidh údarás Stáit amháin i gcoinne údaráis Stáit eile.

Imeachtaí dlíthiúla atá ar feitheamh do leanúint i bhfeidhm.

100.—Na himeachtaí dlí go léir maidir le ní lena mbaineann feidhm de chuid cuideachta agus a bheidh ar feitheamh díreach roimh an lá dílseacháin iomchuí ar páirtí iontu iarúdarás cuain a cuain, an tAire, aon údarás Stáit eile nó an Stát, leanfar díobh ach an chuideachta sin a chur in ionad aon pháirtí den sórt sin sna himeachtaí, a mhéid a bhaineann siad amhlaidh.

Breithiúnais a fhorfheidhmiú.

101.—(1) I gcás go dtabharfar breithiúnas i gcoinne Chuideachta Chuan Dhún Laoghaire in aon imeachtaí de bhun éilimh lena mbaineann *alt 99 (1)* nó in imeachtaí a leanfar díobh faoi *alt 100*, agus nach raibh an duine a dtabharfar an breithiúnas ina fhabhar nó ina fabhar in ann an breithiúnas a fhorfheidhmiú go hiomlán nó go páirteach, i gcoinne na cuideachta, beidh sé nó sí i dteideal breithiúnas a thaifeadadh i gcoinne an Aire Airgeadais in aon chúirt dlínse inniúla i leith aon mhéid nár gnóthaíodh ar scór an bhreithiúnais mar fhiach a bheidh dlite dó nó di den Aire sin.

(2) Beidh an tAire Airgeadais i dteideal aon íocaíocht a bheidh déanta aige nó aici le duine mar shásamh i mbreithiúnas a taifeadadh ina choinne nó ina coinne faoi *fho-alt (1)*, a ghnóthú ó Chuideachta Chuan Dhún Laoghaire.

(3) Aon airgead a bheidh ag teastáil ón Aire Airgeadais faoi chomhair íocaíochtaí a cheanglaítear air nó uirthi a dhéanamh leis an alt seo, airleacfar chuige nó chuici é as an bPríomh-Chiste nó a thoradh fáis agus aisíocfar leis an bPríomhChiste é as airgead a sholáthróidh an tOireachtas.

Fógraí, deimhnithe, dearbhuithe agus bannaí áirithe do leanúint i bhfeidhm.

102.—(1) lá dílseacháin iomchuí—

(a) gach fógra, deimhniú agus dearbhú a dhéanfaidh nó a thabharfaidh údarás cuain nó an tAire nó a thabharfar d'údarás cuain nó don Aire i gcás Chuan Dhún Laoghaire,

(b) gach ordú cúirte a dhíreofar chuig aon duine, agus

(c) gach banna a thabharfaidh aon duine d'údarás cuain nó don Aire i gcás Chuan Dhún Laoghaire,

agus a bhaineann le nithe lena mbaineann feidhmeanna de chuid na cuideachta a bhunófar de bhun *alt 7* i leith chuan an údaráis cuain sin nó i leith Chuan Dhún Laoghaire, de réir mar a bheidh, leanfaidh sé i bhfeidhm, i gcás nach mbeidh a oibriú, a éifeacht nó a théarma scortha nó dulta in éag roimh an lá a dúradh, agus beidh éifeacht leis amhail is dá mbeadh feidhmeanna an údaráis cuain sin nó an Aire, de réir mar a bheidh, inchomhlíonta an lá sin ag an gcuideachta sin.

(2) Ní bheidh éifeacht leis an alt seo i ndáil le haon ní a ndéantar foráil le haon fhoráil eile den Acht seo maidir lena leanúint i bhfeidhm.

Ceadúnais agus ceadanna arna ndeonú ag údarás cuain nó ag an Aire do leanúint i bhfeidhm.

103.—Gach ceadúnas nó cead a bheidh deonaithe ag údarás cuain nó ag an Aire, i gcás Chuan Dhún Laoghaire, i ndáil le talamh nó le maoin eile a dhílseofar do chuideachta leis an Acht seo nó faoi, agus a bheidh i bhfeidhm díreach roimh an lá dílseacháin iomchuí, leanfaidh sé i bhfeidhm amhail is dá mba í an chuideachta sin a dheonaigh é.

104.—(1) Íocfaidh Cuideachta Chuan Dhún Laoghaire le gach comhalta, nó i leith gach comhalta, d'fhoireann Roinn na Mara a aistreofar chuig foireann na cuideachta faoi *alt 38* aon mhéid a bheidh dlite don chomhalta sin nó ina leith maidir le seirbhís mar chomhalta den sórt sin agus a bheidh gan íoc ar an lá dílseacháin iomchuí agus déanfaidh an tAire, le comhthoiliú an Aire Airgeadais, cúiteamh leis an gcuideachta i leith aon íocaíochtaí den sórt sin (seachas íocaíochtaí arna ndéanamh i leith saoire neamhghlactha).

Forálacha idirthréimhseacha airgeadais i ndáil le Cuan Dhún Laoghaire.

(2) Íocfaidh an tAire le Cuideachta Chuan Dhún Laoghaire, le comhthoiliú an Aire Airgeadais, méid is ionann agus na réamhíocaíochtaí a bheidh faighte ag an Aire roimh an lá dílseacháin iomchuí i leith earraí nó seirbhísí a chuirfidh an chuideachta ar fáil an lá sin nó dá éis lúide méid aon chostas a thabhoídh an tAire ag bailiú íocaíochtaí den sórt sin.

(3) Íocfaidh Cuideachta Chuan Dhún Laoghaire leis an Aire méid is ionann agus na suimeanna a bhaileoidh sí an lá dílseacháin iomchuí nó dá éis i leith earraí nó seirbhísí a chuir an tAire ar fáil roimh an lá sin le linn feidhm de chuid an Aire i ndáil le Cuan Dhún Laoghaire a chomhlíonadh is feidhm a bheidh ar comhréir le feidhm de chuid na cuideachta.

(4) Na suimeanna go léir a cheanglaítear a íoc faoin alt seo, tiocfaidh siad chun bheith dlite agus iníoctha cibé dáta a chinneadh an tAire, i gcomhairle le Cuideachta Chuan Dhún Laoghaire agus le comhthoiliú an Aire Airgeadais.

(5) Tabharfaidh Cuideachta Chuan Dhún Laoghaire don Aire cibé faisnéis, taifid agus doiciméid a bheidh ag teastáil ón Aire chun críocha an ailt seo agus beidh sé de cheart ag an Aire agus ag a oifigigh nó a hoifigigh na taifid agus na doiciméid iomchuí uile de chuid na cuideachta a iniúchadh agus cóipeanna a dhéanamh díobh.

(6) Má tharlaíonn easaontú maidir le haon mhéid a bheidh le híoc ag an Aire le Cuideachta Chuan Dhún Laoghaire nó ag Cuideachta Chuan Dhún Laoghaire leis an Aire faoin alt seo, is breith chríochnaitheach breith an Aire, arna tabhairt le comhthoiliú an Aire Airgeadais.

105.—(1) Faoi réir *fho-alt (2)*, beidh feidhm ag forálacha na Coda seo, fara aon mhodhnuithe is gá, maidir le maoin, cearta agus dliteanais údaráis cuain, agus maidir le gach ní eile i ndáil leis an údarás cuain a luaitear sa Chuid seo, ina gcáil mar údarás píolótaíochta mar atá feidhm ag na forálacha sin maidir leo ina gcáil thairis sin.

Feidhm *Chuid VI* maidir le húdaráis chuain ar údaráis píolótaíochta iad.

(2) Maidir le húdarás cuain a bhforáiltear ina leith le *halt 81 (2)* go leanfaidh sé ar marthain ina gcáil mar údarás píolótaíochta ar agus ó lá dílseacháin iomchuí, ní bheidh éifeacht le feidhm fhorálacha na Coda seo, de bhua an ailt seo, maidir leis an údarás cuain sa cháil sin, go dtí an lá a mbeidh an t-údarás cuain arna dhíscailleadh sa cháil sin faoi *alt 81 (2)* (“an dáta díscailte”) agus, dá réir sin, chun críocha fheidhm sin fhorálacha na Coda seo maidir le húdarás cuain den sórt sin, forléireofar tagairtí sna forálacha sin don lá dílseacháin iomchuí mar thagairtí don dáta díscailte.

Ailt 7 agus 8.

AN CHÉAD SCEIDEAL

CUANTA AR MAIDIR LEO A FHÉADFAR CUIDEACHTAÍ A BHUNÚ DE BHUN
ALT 7 AGUS AINMNEACHA NA gCUIDEACHTAÍ A FHÉADFAR A BHUNÚ
AMHLAIDH

An Cuan (1)	Ainm na Cuideachta (2)
Cuan an Inbhir Mhóir	Cuideachta Chuan an Inbhir Mhóir
Cuan Chorcaí	Cuideachta Phort Chorcaí
Cuan Dhroichead Átha	Cuideachta Phort Dhroichead Átha
Cuan Bhaile Átha Cliath	Cuideachta Phort Bhaile Átha Cliath
Cuan Dhún Dealgan	Cuideachta Phort Dhún Dealgan
Cuan Dhún Laoghaire	Cuideachta Chuan Dhún Laoghaire
Cuan Fhainge	Cuideachta Phort Fhainge
Cuan na Gaillimhe	Cuideachta Chuan na Gaillimhe
Cuan Ros Mhic Thriúin	Cuideachta Phort Ros Mhic Thriúin
Cuan na Sionainne	Cuideachta Phoirt Inbhear na Sionainne
Cuan Phort Láirge	Cuideachta Phort Phort Láirge
Cuan Chill Mhantáin	Cuideachta Phort Chill Mhantáin

Alt 5 (2).

AN DARA SCEIDEAL

ACHTACHÁIN A AISGHAIRTEAR

Seisiún agus Caibidil nó Uimhir agus Bliain (1)	Ábhar nó Gearrtheideal (2)	Méid na hAisghairme (3)
55 Geo. 3, c. 191	Cuan a thógáil i nDún Laoghaire	An tAcht iomlán
56 Geo. 3, c. 62	Cuan a thógáil i nDún Laoghaire	An tAcht iomlán
1 Geo. 4, c. 69	Cuan a thógáil i nDún Laoghaire	An tAcht iomlán
6 & 7 Will. 4, c. 117	Cuan <i>Kingstown</i>	An tAcht iomlán
1 & 2 Vict., c. 36	Cuan <i>Kingstown</i> agus Port agus Cuan Bhaile Átha Cliath	An tAcht iomlán
9 Vict., c. 3	<i>Fisheries (Ireland) Act</i> , 1846	Alt 70
28 & 29 Vict., c. 67	Cuan <i>Kingstown</i>	An tAcht iomlán
32 & 33 Vict., c. c	<i>Dublin Port and Docks Act</i> , 1869	Alt 214
39 & 40 Vict., c. xcv	<i>Kingstown Harbour Act</i> , 1876	An tAcht iomlán
2 & 3 Geo. 5, c. 31	<i>Pilotage Act</i> , 1913	An tAcht iomlán
Uimh. 49 de 1924	Acht na gCuanta Stáit, 1924	An tAcht iomlán a mhéid a bhaineann sé le Cuan Dhún Laoghaire
Uimh. 2 (Príobháideach) de 1929	Acht Port agus Duganna Bhaile Átha Cliath (Droichid), 1929	An tAcht iomlán

Seisiún agus Caibidil nó Uimhir agus Bliain (1)	Ábhar nó Gearrtheideal (2)	Méid na hAisghairme (3)
Uimh. 2 de 1934	Acht na gCuan (Rátaí do Rialáil), 1934	An tAcht iomlán
Uimh. 2 de 1962	An tAcht Píolótaíochta (Leasú), 1962	An tAcht iomlán
Uimh. 7 de 1990	An tAcht um Chuan Dhún Laoghaire, 1990	An tAcht iomlán
Uimh. 19 de 1994	An tAcht um Chuan Dhún Laoghaire, 1994	An tAcht iomlán

AN TRÍÚ SCEIDEAL

Ailt 9 agus 57.

TEORAINNEACHA CUANTA AGUS CEANTAR PÍOLÓTAÍOCHTA

CUID I

Teorainneacha Cuanta

Déantar teorainneacha cuain cuideachta a leagan amach i cibé mír díobh seo a leanas den Chuid seo a bhfuil ainm na cuideachta mar cheannteideal uirthi.

Cuideachta Chuan an Inbhir Mhóir

1. Teorainneacha ag síneadh ó Dhroichead na Naoi nÁirsí Déag i mbaile an Inbhir Mhóir go dtí pointe samhailteach 805 méadar soir ó cheann an Phiara Theas agus i nga 805 méadar ó dheas agus 805 méadar ó thuaidh ón bpointe sin, agus Abhainn Abhóca, Cuan an Inbhir Mhóir agus a dhugaí agus na tailte agus an mhaoín eile go léir de chuid Chuideachta Chuan an Inbhir Mhóir san áireamh.

Cuideachta Phort Chorcaí

2. Teorainneacha ag síneadh chun na farraige go dtí líne dhíreach shamhailteach arna tarraingt idir Ceann Dhún an Phaoraigh ar an mbealach go Cuan Chorcaí ón oirthear agus Ceann Chorcaí ar an mbealach ón iarthar agus ag síneadh chun na talún go dtí Droichead Éamoinn de Valera agus Droichead Mhichíl Uí Choileáin i gCathair Chorcaí.

Cuideachta Phort Dhroichead Átha

3. Teorainneacha arb éard iad an dá theorainn seo a leanas, eadhon—

- (a) an teorainn thuaidh ag tosú ag uillinn thoir thuaidh an droichid ag Sráid na Siopaí agus ag rith soir feadh na gCéanna Thuaidh go foirceann thoir Fhaiche Uí Dhonnúir, as sin feadh Bhóthar Bhaile Trá go sráidbhaile Bhaile Trá, as sin go Rabhcán Alierá agus feadh na líne barr láin a theorannaíonn cladach thoir bhaile fearainn Bhaile Trá agus ag críochnú ag Feirm Dhuibh;
- (b) an teorainn theas ag tosú ag uillinn thoir thuaidh an droichid ag Sráid na Siopaí agus ag rith ó dheas feadh thaobh thoir an droichid sin go dtí uillinn an droichid ar an gcósta theas, as sin soir feadh na líne barr láin go Túr na Maighdine, as sin feadh líne barr láin chladach thoir

bhaile fearainn Bhaile Uí Mhornáin go dtí foirceann theas Bhaile an Bhiataigh.

Cuideachta Phort Bhaile Átha Cliath

4. Teorainneacha arb éard iad agus lena n-áirítear—

- (a) Abhainn na Life agus na céanna agus na ballaí a theorannaíonn í,
- (b) na ballaí ar a dtugtar an Port Thuaidh, an Port Theas agus an Port Thoir, faoi seach,
- (c) na píaraí, na lamairní, na báisíní taoide agus na hoibreacha eile arna ndéanamh ag Bord Port agus Duganna Bhaile Átha Cliath nó ar leis an mBord sin iad roimh an lá dílseacháin iomchuí,
- (d) Cuan Bhaile Átha Cliath agus na tránna, na bánna, na crompáin agus na cuanta agus na huiscí go léir a bhaineann leis laistigh den limistéar sin,

ag tosú ag Droichead Cuimhneacháin Mhaitiú Talbóid i gCathair Bhaile Átha Cliath, ach gan an droichead sin a chur san áireamh, agus ag síneadh go dtí líne dhíreach shamhailteach arna tarraingt ó Theach Solais Dhún Criofainn ar an taobh thuaidh i gContae Bhaile Átha Cliath agus ag síneadh trí Bhaoi Bhanc Burford Thuaidh agus as sin trí Bhaoi Bhanc Burford Theas agus as sin go Rinn Sorrento ar an taobh theas ach gan teorainneacha chuan Chuideachta Chuan Dhún Laoghaire a chur san áireamh agus freisin gan cuanta Bhlóic, na Coille Móire agus Chill Fhionntain a chur san áireamh.

Cuideachta Phort Dhún Dealgan

5. Teorainneacha ag síneadh go dtí abhainn, port agus cuan Dhún Dealgan, agus abhainn, port agus cuan Dhún Dealgan san áireamh, idir Dhroichead Dhún Dealgan agus líne dhíreach shamhailteach arna tarraingt ó cheann na farraige de Rinn Dhún Áine go dtí ceann na farraige de Rinn Chuailgne gan an limistéar laistigh de teorainneacha chuan Áth na gCasán a chur san áireamh.

Cuideachta Chuan Dhún Laoghaire

6. Teorainneacha arb éard iad na limistéir laistigh de phiaraí Thoir agus Thiar Chuan Dhún Laoghaire, agus na píaraí sin san áireamh, agus laistigh de 600 méadar ó bhéal an chuain sin, mar aon le haon talamh, bruacha, góilíní agus dídin atá tadhlaigh léi agus a dhílsítear do Chuideachta Chuan Dhún Laoghaire agus na dugaí, píaraí, lamairní, céanna agus oibreacha eile a dhílsítear don chuideachta sin.

Cuideachta Phort Fhainge

7. Teorainneacha arb éard iad na tailte agus dugaí, píaraí, lamairní, céanna agus oibreacha eile a dhílsítear do Chuideachta Phort Fhainge mar aon le huiscí na farraige agus Abhainn na Sionainne atá teorannaithe ar an taobh thoir le líne dhíreach shamhailteach arna tarraingt ó Rinn Dhairinse go Rinn an Ghamarail, agus teorannaithe ar an taobh thiar le líne dhíreach shamhailteach arna tarraingt ó Rinn an Bhataire ar Inis na Fainge 264 céim ón treo fíor ó thuaidh ar feadh 4.0 cábla, agus as sin 225 céim ón treo fíor ó thuaidh ar feadh 6.6 cábla, agus as sin go pointe 2.8 cábla díreach lastuaidh de Rinn na Ceapaí, agus as sin go pointe lastuaidh de Leamhchoill, ar pointe é atá 7.4 cábla laisteas de chósta Chontae an Chláir ar an bhfadlíne 9 gcéim, 12 nóiméad siar ó Greenwich, agus as sin díreach ó dheas trí bhéal na hAbhann Báine i Leamhchoill.

Cuideachta Chuan na Gaillimhe

8. Teorainneacha arb éard iad na huiscí go léir mar aon le grinneall agus urthrú an chéanna laistigh de líne dhíreach shamhailteach arna tarraingt ó Fhaill Bhearna go Rinn Chill Cholgáin, atá araon i mBá na Gaillimhe, agus aon tailte, bruacha, góilíní, dídin agus áiteanna calaíochta atá tadhlach leo agus a dhílsítear do Chuideachta Chuan na Gaillimhe agus na dugaí, píaraí, lamairní, céanna agus oibreacha eile a dhílsítear don chuideachta sin.

Cuideachta Phort Ros Mhic Thriúin

9. Teorainneacha ag tosú ag acomhal Abhainn na Bearú le hAbhainn na Siúire lastuaidh de líne a nascann Rinn Dhroim Domhnaigh le Rinn Chill Mocéithe agus a shíneann suas an abhainn go dtí béal na canála i dTigh Moling ar Abhainn na Bearú agus go dtí Cé an Loic in Inis Tíog ar Abhainn na Feoire.

Cuideachta Phoirt Inbhear na Sionainne

10. Teorainneacha ag síneadh chun na talún feadh na Sionainne go dtí Droichead Shráid Mhala i gCathair Luimnigh, agus Droichead Shráid Mhala san áireamh, agus ag síneadh chun na farraige go dtí líne dhíreach shamhailteach arna tarraingt ó Cheann Léime i gContae an Chláir go dtí Ceann Duimhche i gContae Chiarraí gan teorainneacha chuan Chuideachta Phort Fhainge agus na píaraí i gCill an Dísirt, i nGleann Corbraí, i dTairbeart agus sa Cheapach (Cill Rois) a chur san áireamh.

Cuideachta Phort Phort Láirge

11. Teorainneacha comhdhéanta den dá theorainn seo a leanas, eadhon—

- (a) na teorainneacha seachtracha arb éard iad uiscí na farraige agus Abhainn na Siúire laistigh de stua samhailteach dar ga 6.44 ciliméadar arna tharraingt i dtreo na farraige ó phointe lár baill idir Carraig Faillscirt agus Rinn Duáin;
- (b) is iad na teorainneacha inmheánacha líne dhíreach shamhailteach ag síneadh ó phointe 35 méadar ar an taobh thiar de lárline Pholl Chill Odhráin agus díreach siar ó thuaidh go dtí pointe i mbaile fearainn Bhaile Licéid ar thaobh Chill Chainnigh d'Abhainn na Siúire.

Cuideachta Phort Chill Mhantáin

12. Teorainneacha comhdhéanta den dá theorainn seo a leanas, eadhon—

- (a) na teorainneacha le sruth arb éard iad Cuan Chill Mhantáin ó líne dhíreach shamhailteach arna tarraingt ó cheann amuigh nó ó cheann thuaidh an phiara thoir go dtí ceann amuigh an phiara nua agus freisin an limistéar a luíonn faoi líne barr láin na ngnáth-thaoidí rabharta laistigh de 457 méadar ó aon chuid den chuan sin;
- (b) na teorainneacha in aghaidh srutha ag síneadh go dtí an droichead ar a dtugtar Droichead an Iarnróid nó an Droichead Miotail thar Abhainn Liatroma.

CUID II

Teorainneacha Ceantar Píolótaíochta

Déantar teorainneacha ceantair píolótaíochta cuideachta a leagan amach i cibé mír díobh seo a leanas den Chuid seo a bhfuil ainm na cuideachta mar cheannteideal uirthi.

Cuideachta Phort Chorcaí

13. Teorainneacha comhdhéanta den dá theorainn seo a leanas, eadhon—

- (a) na teorainneacha seachtracha arb éard iad uiscí na farraige laistigh de stua samhailteach dar ga 9.65 ciliméadar arna tharraingt i dtreo na farraige ó Rinn an Róistigh;
- (b) na teorainneacha inmheánacha ag tosú ag Droichead Éamoinn de Valera agus Droichead Mhíchíl Uí Choileáin i gCathair Chorcaí.

Cuideachta Phort Dhroichead Átha

14. Teorainneacha arb éard iad uiscí na farraige agus Abhainn na Bóinne idir Droichead Mhuire i mbaile Dhroichead Átha agus líne dhíreach shamhailteach arna tarraingt ó Cheann Chlochair i gContae Lú go dtí na Sceirí i gContae Bhaile Átha Cliath.

Cuideachta Phort Bhaile Átha Cliath

15. Teorainneacha arb éard iad uiscí Abhainn na Life laistíos de Dhroichead Cuimhneacháin Mhaitiú Talbóid agus an oiread den fharraige ar an taobh thiar den séú fadlíne atá idir na línte domhanleithid a ghabhann trí Theach Solais Dhún Criofainn ar an Taobh Thuaidh agus trí Rinn Sorrento ar an Taobh Theas lena n-áirítear na bána, na cromptáin, na cuanta agus na dugaí taoide go léir laistigh den limistéar sin.

Cuideachta Phort Dhún Dealgan

16. Teorainneacha arb éard iad uiscí Chuan agus Bhá Dhún Dealgan idir Droichead Dhún Dealgan agus líne dhíreach shamhailteach arna tarraingt ó Ché Gyles go dtí suíomh 270 céim (fíor) fad 3.22 ciliméadar ó Rinn Dhún Áine.

Cuideachta Chuan na Gaillimhe

17. Teorainneacha arb éard iad uiscí Bhá na Gaillimhe laistigh de líne dhíreach shamhailteach arna tarraingt ó Cheann Gólaím go dtí pointe thiar Oileáin Árann agus uaidh sin go dtí Ceann Caillí, mar aon le dugaí agus oibreacha Chuideachta Chuan na Gaillimhe.

Cuideachta Phort Ros Mhic Thriúin

18. Teorainneacha arb éard iad uiscí Abhainn na Bearú ó acomhal na habhann sin le hAbhainn na Siúire chomh fada suas le béal na canála i dTigh Moling agus uiscí Abhainn na Feoire chomh fada suas le Cé an Loic in Inis Tíog.

Cuideachta Phoirt Inbhear na Sionainne

19. Teorainneacha arb éard iad uiscí na farraige agus Abhainn na Sionainne arna dteorannú ar thaobh na farraige le líne dhíreach shamhailteach arna tarraingt ó Cheann Léime i gContae an Chláir go dtí Ceann Dhuimhche i gContae Chiarraí agus ar thaobh na talún le Droichead Shráid Mhala i gCathair Luimnigh, mar aon le huiscí inseolta na gcrabhaibhneacha atá ceangailte den abhainn sin agus lena n-áirítear gach duga laistigh den limistéar seo.

Cuideachta Phort Phort Láirge

20. Teorainneacha arb éard iad uiscí na farraige agus Abhainn na Siúire laistigh de stua samhailteach dar ga 6.44 ciliméadar arna tharraingt i dtreo na farraige ó phointe lár baill idir Carraig Faillscirt agus Rinn Duáin agus líne dhíreach shamhailteach arna tarraingt trasna Abhainn na Siúire ag Caisleán Crannaí.

AN CEATHRÚ SCEIDEAL

Alt 16.

FORÁLACHA A BHAINNEANN LE FÁIL ÉIGEANTACH

1. (1) I gcás go mbeartóidh cuideachta (dá ngairtear “an chuideachta” ina dhiaidh seo sa Sceideal seo) aon talamh nó aon leas i dtalamh nó ceart ar thalamh a fháil faoi *alt 16* déanfaidh an chuideachta iarratas chuig an Aire ar ordú faoi *mhír 2* á údarú don chuideachta an mhaoín a fháil go héigeantach agus beidh ag gabháil leis an iarratas cibé léarscáileanna, pleananna agus leabhair thagartha dá dtagraítear i *mír 5*.

(2) Déanfaidh an chuideachta fógra i dtaobh an iarratais a fhoilsiú, i cibé foirm a cheadóidh an tAire, i nuachtán amháin nó níos mó a scaiptear i limistéar na maoine lena mbaineann agus déanfaidh sí cóip den fhógra a sheirbheáil ar gach duine a ndéalraíonn sé don chuideachta go bhfuil eastát nó leas aige nó aici sa mhaoín, a mhéid is féidir le réasún na daoine sin a fhionnadh.

(3) Beidh san fhógra dá dtagraítear i *bhfomhír (2)* foráil lena gcuirfear in iúl do dhaoine ag a bhfuil eastát nó leas sa mhaoín lena mbaineann go bhfuil ceart acu agóid a thaisceadh leis an Aire, laistigh de mhí amháin ón tráth a dhéanfaidh an chuideachta an t-iarratas, i gcoinne ordú a dhéanamh faoi *mhír 2* i ndáil leis an maoín agus sonrófar ann na tráthanna agus na háiteanna a bhféadfar na léarscáileanna, na pleananna agus na leabhair thagartha a taisceadh de réir *mhír 5* a iniúchadh.

(4) Déanfaidh an tAire aon agóid i gcoinne iarratas na cuideachta a thaiscfear leis nó léi laistigh den tréimhse dá dtagraítear i *bhfomhír (3)* a bhreithniú agus a chinneadh agus féadfaidh an tAire, más oiriúnach leis nó léi, comhairleoir a cheapadh chun cabhrú leis nó léi i ndáil leis an gcéanna.

2. Déanfaidh an tAire, i gcás nach dtaiscfear aon agóid i gcoinne iarratas na cuideachta leis nó léi laistigh den tréimhse dá dtagraítear i *mír 1 (3)* nó ina ndiúltóidh sé nó sí d’aon agóid den sórt sin, ordú (dá ngairtear “ordú fála” ina dhiaidh seo sa Sceideal seo) á údarú don chuideachta an mhaoín lena mbaineann a fháil go héigeantach de réir théarmaí a hiarratais nó faoi réir cibé modhnuithe, más ann, a chinnfidh sé nó sí agus a shonróidh sé nó sí san ordú fála.

3. (1) Aon tráth tar éis ordú fála a dhéanamh agus roimh thíolacadh nó fionnadh praghais, féadfaidh an chuideachta, faoi réir na míre seo, dul isteach ar an talamh a bheidh le fáil agus seilbh a ghlacadh air nó an ceart a bheidh le fáil a fheidhmiú.

(2) Maidir leis an gcuideachta—

- (a) ní rachaidh sí isteach ar aon talamh nó ní ghlacfaidh sí seilbh air faoin mí seo gan fógra i scríbhinn a thabhairt, mí amháin ar a laghad roimh ré, d’áititheoir na talún á rá go bhfuil sé beartaithe aici déanamh amhlaidh,

- (b) ní dhéanfaidh sí aon cheart faoin mír seo a fheidhmiú gan fógra i scríbhinn a thabhairt, mí amháin ar a laghad roimh ré, d'áititheoir na talún ar ina leith a bheidh an ceart le feidhmiú á rá go bhfuil sé beartaithe aici déanamh amhlaidh.

4. (1) Féadfar fógra faoin Sceideal seo a sheirbheáil ar aon duine trína chur leis an bpost cláraithe i gclúdach a bheidh dírithe chuige nó chuici ag a ghnáthsheoladh nó ag a gnáthsheoladh nó ag an seoladh is deireanaí is eol a bheith aige nó aici.

(2) Más rud é, ar aon chúis, nach bhféadfar an clúdach a dhíriú amhlaidh, féadfar é a dhíriú chuig an duine dá bhfuil sé beartaithe ar ceachtar slí acu seo a leanas—

- (a) leis an tuairisc “an t-áititheoir” gan a ainm nó a hainm a lua,

- (b) ag an talamh lena mbaineann an fógra.

5. (1) Cuirfidh an chuideachta faoi deara léarscáileanna, pleananna agus leabhair thagartha a thaisceadh de réir na míre seo.

(2) Beidh na léarscáileanna agus na pleananna dóthanach ó thaobh cainníochta agus gné chun go dtaispeánfaidh siad ar leorscálaí an talamh nó an ceart a bheartaítear a fháil.

(3) Beidh sna leabhair thagartha ainmneacha úinéirí nó úinéirí ainme, léasaithe nó léasaithe ainme agus áititheoirí na talún a bheartaítear a fháil nó ar ina leith a bheartaítear an ceart a fheidhmiú.

(4) Taiscfear na léarscáileanna, na pleananna agus na leabhair thagartha i cibé áit nó áiteanna is dóigh leis an gcuideachta, le toiliú an Aire, a bheith oiriúnach agus coimeádfar i dtaisce amhlaidh iad ar feadh mí amháin ar a laghad agus fad a bheidh siad i dtaisce amhlaidh, beidh siad ar oscailt lena n-íniúchadh ag aon duine, saor in aisce, idir a deich a chlog ar maidin agus a ceathair a chlog tráthnóna gach lá ach amháin an Satharn, an Domhnach agus laethanta saoire poiblí.

6. (1) Cheal comhaontú, is faoi réim agus de réir an *Acquisition of Land (Assessment of Compensation) Act, 1919*, a shocrófar méid an phraghais a bheidh le hóc ag an gcuideachta ar aon talamh a gheofar de bhun ordú fála leis na daoine, uile agus faoi seach, a bheidh ina theideal nó ag a bhfuil eastáit nó leasanna ann, nó a bheidh le hóc ar aon cheart a gheofar de bhun ordú fála leis na daoine, uile agus faoi seach, a bhfuil teideal acu chun na talún nó ag a bhfuil eastáit nó leasanna sa talamh ar ina leith a bheidh an ceart á fheidhmiú.

(2) Beidh feidhm ag ailt 69 go 83 den *Lands Clauses Consolidation Act, 1845*, maidir leis an bpraghas sin agus, faoi réir *mhíreanna 7* agus *8*, maidir leis an talamh nó leis an gceart a gheofar a thíolacadh don chuideachta agus measfar, chun na forálacha sin a fheidhmiú, measfar gurb í an chuideachta tionscnóirí an ghnóthais.

7. (1) I gcás go mbeidh an chuideachta tar éis dul isteach, agus seilbh a ghlacadh, ar thalamh de réir *mhír 3* agus gur deimhin leis an Aire—

- (a) nach ndearnadh na leasanna leithleacha sa talamh a thíolacadh don chuideachta nó a aistriú chuici,

- (b) go bhfuil géarghá ann, i dtaca leis na críocha dá bhfuil an chuideachta údaraithe an talamh a fháil go héigeantach, gur ceart fáil na talún a thabhairt chun críche, agus
- (c) go bhfuil tairiscint chuí déanta i scríbhinn ag an gcuideachta do gach duine ag a bhfuil leas sa talamh agus a mbeidh sonraí dóthanacha tugtha i dtaobh a leasa aige nó aici chun a chumasú don chuideachta tairiscint chuí a dhéanamh i leith an leasa sin,

ansin féadfaidh an tAire ordú a dhéanamh (dá ngairtear “ordú dílseacháin” ina dhiaidh seo sa Sceideal seo) lena ndílseofar an talamh don chuideachta.

(2) Más rud é, roimh an ordú dílseacháin a dhéanamh, go dtiocfaidh an tAire nó an chuideachta ar an eolas go bhfuil an talamh a bheidh le fáil leis an ordú faoi réir (cibé acu go haonarach nó i dteannta talún eile) aon bhlianachta nó íocaíochta eile le Coimisiún Talún na hÉireann nó le Coimisinéirí na nOibreacha Poiblí in Éirinn, nó faoi réir aon mhuirir i leith dleachta eastáit, dleachta comharbais nó cánach oidhreachta is iníoctha leis na Coimisinéirí Ioncaim ar bhás aon duine, cuirfidh an tAire nó an chuideachta, de réir mar a bheidh, in iúl láithreach do Choimisiún Talún na hÉireann, do Choimisinéirí na nOibreacha Poiblí in Éirinn nó do na Coimisinéirí Ioncaim, de réir mar a bheidh, go bhfuil a r intinn aige nó aici an t-ordú a dhéanamh.

(3) Nuair a bheidh ordú dílseacháin déanta, déanfaidh an chuideachta, laistigh de 7 lá tar éis fógra a fháil ón Aire i dtaobh an t-ordú a dhéanamh—

- (a) fógra a fhoilsiú i nuachtán amháin nó níos mó a scaiptear i limistéar na talún lena mbaineann an t-ordú, á rá go bhfuil an t-ordú déanta, ag tuairisciú na talún sin agus ag ainmniú áite ina bhféadfar cóip den ordú a fheiceáil gach tráth réasúnach, agus
- (b) fógra, á rá go bhfuil an t-ordú sin déanta agus cén éifeacht atá leis an ordú, a sheirbheáil ar gach duine a ndealraíonn sé di go bhfuil leas aige nó aici sa talamh lena mbaineann an t-ordú.

8. (1) Is san fhoirm fhorordaithe a bheidh ordú dílseacháin agus beidh i gceangal leis léarscáil den talamh lena mbaineann sé agus beidh sé sainráite, agus oibreoidh sé, chun an talamh sin a dhílsiú don chuideachta i bhfeo simplí saor ó eirí agus ó gach eastát, ceart, teideal agus leas de gach uile chineál (seachas aon cheart slí poiblí) ar dháta sonraithe nach luaithe ná 21 lá tar éis an t-ordú dílseacháin a dhéanamh.

(2) D’ainneoin aon ní i *bhfomhír (1)*, i gcás go mbeidh cuideachta tar éis talamh a fháil, le hordú dílseacháin, is talamh atá, go haonarach nó i dteannta talún eile, faoi réir blianachta ceannaigh, íocaíochta in ionad cíosa nó suime bliantúla eile (nach cíos faoi chonradh tionóntachta agus faoi sin amháin) is iníoctha le Coimisiún Talún na hÉireann nó le Coimisinéirí na nOibreacha Poiblí in Éirinn, tiocfaidh an chuideachta chun bheith, agus beidh sí, faoi dhliteanas, amhail ón dáta ar a ndílseofar an talamh di leis an ordú dílseacháin, chun an tsuim bhliantúil nó an chuid sin di a chionroinnfidh Coimisiún Talún na hÉireann nó Coimisinéirí na nOibreacha Poiblí in Éirinn, de réir mar a bheidh, a íoc le Coimisiún Talún na hÉireann nó le Coimisinéirí na nOibreacha Poiblí in Éirinn, de réir mar a

bheidh, ar an talamh ionann is dá ndéanfadh úinéir na talún an talamh a aistriú chun na cuideachta ar an dáta sin.

(3) I gcás go ndéanfaidh an tAire ordú dílseacháin i ndáil le haon talamh, cuirfidh sé nó sí faoi deara an t-ordú a chur chuig an údarás clárúcháin faoin Acht um Chlárú Teidil, 1964, agus air sin cuirfidh an t-údarás clárúcháin faoi deara an chuideachta a chlárú mar úinéir na talún de réir an ordaithe.

AN CÚIGIÚ SCEIDEAL

FOSTAÍ-STIÚRTHÓIRÍ A THOGHADH

1. (1) Is é nó is í Rúnaí na cuideachta (nó duine a roghnóidh sé nó sí tar éis dul i gcomhairle le hionadaithe na bhfostaithe) a bheidh ina cheann comhairimh nó ina ceann comhairimh le haghaidh toghcháin duine nó daoine chun críocha *mhír (a)* nó *(b) d'alt 30 (1)* (dá ngairtear “an toghchán” sa Sceideal seo ina dhiaidh seo).

(2) Ní bheidh an ceann comhairimh i dteideal a ainmnithe nó a hainmnithe mar iarrthóir, ná i dteideal iarrthóir a ainmniú, ná ní bheidh sé nó sí i dteideal gníomhú mar ghníomhaire d'iarrthóir ná i dteideal leasanna iarrthóra a chur chun cinn sa toghchán.

(3) Féadfaidh an ceann comhairimh cibé feidhmeanna dá chuid nó dá cuid faoin Sceideal seo a shonróidh sé nó sí a tharmligean chuig duine agus beidh feidhmeanna a tharmligfear chuig duine amhlaidh inchomhlíonta ag an duine sin. Beidh feidhm ag *fomhír (2)* maidir le duine den sórt sin.

2. (1) Déanfar vótaíocht a stiúradh chun críocha an toghcháin i gcás gur mó líon na n-iarrthóirí a bheidh arna n-ainmniú de réir an Sceidil seo ná líon na n-oifigí stiúirthóra a bheidh le líonadh.

(2) Is le rúnbhallóid agus ar bhonn na hionadaíochta cionúire trí vóta inaistrithe amháin a dhéanfar vótáil sa toghchán.

(3) Déanfar an toghchán de réir cibé nósanna imeachta (más ann) a fhorordófar.

(4) Déanfaidh an ceann comhairimh cibé líon daoine a cheapadh is dóigh leis nó léi is cuí chun feidhmeanna oifigeach ceannais agus cléireach vótaíochta a chomhlíonadh ag an vótaíocht a stiúrfar chun críocha an toghcháin.

3. (1) Socróidh an ceann comhairimh an lá ainmniúcháin d'iarrthóirí sa toghchán agus tabharfaidh sé nó sí fógra faoin toghchán tráth nach déanaí ná 10 seachtaine roimh an lá sin.

(2) Is lá nach luaithe ná 6 seachtaine tar éis an lae a gcinnefar vótálaithe agus iarrthóirí a bheith cáilithe sa toghchán de réir *mhíreanna 10* agus *11*, faoi seach, an lá a shocrófar faoi *fhomhír (1)*.

4. (1) I gcás nach mbeidh ach duine amháin nó beirt ainmnithe de réir an Sceidil seo mar iarrthóir nó mar iarrthóirí lena thoghadh, lena toghadh nó lena dtoghadh chuig oifig stiúirthóra dá dtagraítear in *alt 30 (1) (a)*, dearbhóidh an ceann comhairimh an duine sin nó, de réir mar a bheidh, gach duine de na daoine sin, a bheith tofa chuig an oifig sin.

(2) I gcás nach mbeidh ach duine amháin arna ainmniú nó arna hainmniú de réir an Sceidil seo mar iarrthóir lena thoghadh nó lena toghadh chuig an oifig stiúrthóra dá dtagraítear in *alt 30 (1) (b)*, dearbhóidh an ceann comhairimh an duine sin a bheith tofa chuig an oifig sin.

5. Má chuirtear isteach ar ainmniúchán iarrthóirí nó ar an vótaíocht a stiúrfar chun críocha an toghcháin nó mura féidir dul ar aghaidh leis nó léi, féadfaidh an ceann comhairimh an t-ainmniúchán nó an vótaíocht a chur ar athló ar feadh cibé tréimhse is cuí leis nó léi chun a chumasú dó nó di, ar dhul in éag don tréimhse, dul ar aghaidh leis an ainmniúchán nó leis an vótaíocht nó iad a thabhairt chun críche.

6. Ar fhógra a fháil ón gceann comhairimh maidir le hainm an iarrthóra nó na n-iarrthóirí a thoghfad nó a dhearbhfófar a bheith tofa faoi *mhír 4*, déanfaidh an tAire, de réir *alt 30*, an t-iarrthóir nó, de réir mar a bheidh, gach duine de na hiarrthóirí, a cheapadh chun bheith ina stiúrthóir nó ina stiúrthóirí ar an gcuideachta.

7. Ullmhóidh an ceann comhairimh, chun críocha *mhír 8*, liosta d'ainmneacha na n-iarrthóirí eile sa toghchán, arna gcur de réir an líon vótaí a chreidiúnófar do gach duine díobh sa chomhaireamh deiridh a raibh sé nó sí páirteach ann.

8. Nuair a bheidh duine á roghnú ag an Aire chun corrholúntas dá dtagraítear in *alt 30 (3)* a líonadh, roghnóidh sé nó sí an t-iarrthóir is airde, más ann dó nó di, ar an liosta vótála faoi *mhír 7* is fostaí de chuid na cuideachta an tráth a thiocfaidh an folúntas chun bheith líonta. I gcás go mbeidh an líon céanna vótaí creidiúnaithe do bheirt iarrthóir nó níos mó den sórt sin ar an liosta sin roghnóidh an tAire duine díobh trí chrannchur.

9. Is í an chuideachta a íocfaidh costais déanta an toghcháin seachas aon chostais a thabhoíd h iarrthóirí go sainráite thar a gceann féin.

10. Gach fostaí de chuid na cuideachta arb amhlaidh dó nó di, an lá a bheidh sonraithe ag an gceann comhairimh agus an lá a thógfar an vótaíocht—

(a) nach bhfuil sé nó sí faoi bhun 18 mbliana d'aois, agus

(b) go raibh sé nó sí ina fhostaí nó ina fostaí de chuid na cuideachta—

(i) ar feadh tréimhse leanúnaí 1 bhliain amháin ar a laghad, nó

(ii) ar feadh tréimhse leanúnaí 13 sheachtain ar a laghad agus a mbítear ag súil go n-oibreoidh sé nó sí 8 nuair an chloig ar a laghad sa tseachtain don chuideachta,

beidh sé nó sí i dteideal vótáil sa toghchán.

11. (1) Gach fostaí de chuid na cuideachta arb amhlaidh dó nó di, an lá a bheidh sonraithe ag an gceann comhairimh faoi *mhír 10*—

(a) nach bhfuil sé nó sí faoi bhun 18 mbliana d'aois, agus

(b) go raibh sé nó sí ina fhostaí nó ina fostaí de chuid na cuideachta—

- (i) ar feadh tréimhse leanúnaí 1 bhliain amháin ar a laghad, nó
- (ii) ar feadh tréimhse leanúnaí 13 sheachtain ar a laghad agus a mbítear ag súil go n-oibreoidh sé nó sí 8 n-uaire an chloig ar a laghad sa tseachtain don chuideachta,

beidh sé nó sí inainmnithe mar iarrthóir sa toghchán.

(2) Is ar an modh a shonróidh an ceann comhairimh a dhéanfar ainmniúcháin.

(3) Féadfaidh ceardchumann nó comhlachas foirne aitheanta, nó féadfaidh dhá cheann nó níos mó de chomhlachtaí den sórt sin i gcomhpháirt, iarrthóir a ainmniú ach ní bheidh aon chomhlacht den sórt sin i dteideal iarrthóir amháin nó níos mó a ainmniú dá dheoin féin agus iarrthóir amháin nó níos mó a ainmniú i gcomhpháirt le comhlacht nó comhlachtaí eile den sórt sin.

(4) Tabharfaidh an ceann comhairimh rialú ar bhailíocht ainmniúcháin. Is breith chríochnaitheach breith an chinn comhairimh.

12. I gcás foirne arna haistriú faoi *alt 38* chun na cuideachta an lá sin, aon seirbhís a bhí acu roimhe sin (ar feadh tréimhse leanúnaí dar críoch an lá dílseacháin iomchuí) le húdarás cuain nó le Roinn na Mara (de réir mar a bheidh) beidh sí ináirithe mar sheirbhís leis an gcuideachta chun críocha *mhíreanna 10* agus *11*.

13. Ullmhóidh agus coimeádfaidh an ceann comhairimh liosta de vótálaithe agus d'iarrthóirí cáilithe chun críocha an Sceidil seo.

14. Déanfaidh an ceann comhairimh liosta de cheardchumainn agus comhlachais foirne aitheanta a ullmhú agus a chothabháil chun críocha an Sceidil seo.

Ailt 42 agus 71.

AN SÉÚ SCEIDEAL

NA CRÍOCHA AR CHUCU A FHÉADFAR FODHLÍTHE A DHÉANAMH FAOI
AILT 42 AGUS 71

CUID I

Fodhlíthe Cuain

Ginearálta

1. Rialú a dhéanamh ar úsáid an chuain agus aon dugaí, dugaí grábhála nó céanna laistigh den chuan.
2. Feidhmiú chumhachtaí an mháistir cuain a rialáil.
3. Rialáil a dhéanamh ar longa a ligean isteach sa chuan nó i gcomharsanacht an chuain agus ar iad a aistriú as, agus foráil a dhéanamh maidir le dea-ordúlacht agus dea-rialtóireacht long fad a bheidh siad laistigh den chuan.

4. Loingsiú agus díloingsiú, luchtú, stórasú, stuáil, leagan agus aistriú earraí laistigh den chuan a rialáil.

5. Rialáil a dhéanamh ar na huairé ar lena linn a bheidh geataí aon dagaí nó céanna laistigh den chuan nó na bealaí isteach chucu nó amach astu ar oscailt.

6. Dualgais agus iompar gach duine a bheidh ar fostú laistigh den chuan a rialáil (lena n-áirítear foireann na cuideachta, ach gan comhaltaí den Gharda Síochána ná oifigigh d'aon Aire den Rialtas a bheidh ag gníomhú i bhfeidhmiú a ndualgais a áireamh).

7. Rialáil a dhéanamh ar úsáid tinte agus soilse laistigh den chuan agus in aon longa a bheidh laistigh den chuan agus damáiste nó díobháil do longa nó d'earraí a bheidh laistigh den chuan nó in aon áitreabh de chuid na cuideachta a chosc.

8. Rialáil a dhéanamh ar úsáid crann tógála, droichead meáchain, meáchan agus tomhas de chuid na cuideachta.

9. Bacainní d'aon chineál a chosc ar thrácht laistigh den chuan nó ar aon chuid de mhaoín na cuideachta agus cur isteach ar an trácht sin a chosc.

Loingseoireacht

10. A fhoráil go ndéanfaidh máistir loinge laistigh den chuan an long a rialáil de réir ordachán ón máistir cuain.

11. A fhoráil go gcuirfidh máistir loinge faoi deara, sula dtéann an long isteach in aon dagaí nó dagaí grábhála nó sula ndruidéann sí le haon chéanna laistigh den chuan, an long a dhíchóimeáil mar a ordóidh an máistir cuain.

12. A cheangal ar longa a bheidh ag dul isteach sa chuan nó ag dul amach as cloí leis an taobh is ceart agus is gnách d'aon chuisle inseolta.

13. Rialáil a dhéanamh ar ráta luais long laistigh den chuan nó laistigh d'aon chuid shonraithe den chuan nó in aon imthosca speisialta, a cheangal ar longa a n-innill a stopadh nó a mhoilliú ag tráthanna nó áiteanna sonraithe agus rialáil a dhéanamh ar phaisinéirí a thógáil ar bord, a chalú nó a ligean amach.

14. Rialáil a dhéanamh ar longa a thuáil laistigh den chuan, ar mhéid agus ar líon na longa a bheidh le tuáil san aonscuaine ag báid tarraingthe amháin nó níos mó, ar an luas ar a ngluaisfidh na báid tarraingthe (cibé acu a bheidh siad ag tuáil nó nach mbeidh), ar an ord agus an tslí ina ndéanfar an tuáil agus ar dhualgais agus iompar daoine a bheidh ar fostú sna báid tarraingthe nó orthu.

15. Rialáil a dhéanamh maidir le longa a bheidh laistigh d'aon chuid den chuan a chur ar longbheart agus a aistriú as agus rialáil a dhéanamh ar iompar agus giúlán bádóirí, stíbheadóirí agus daoine eile a bhíonn ar fostú sa chuan nó ag taithí an chuain, cibé acu atá siad ar fostú ag an údarás cuain nó nach bhfuil.

16. Na tráthanna agus na coinníollacha a shonrú a fhéadfar nó faoina bhféadfar longa a imchasadh nó a chasadh laistigh den chuan agus cosc a chur ar longa eile ceangal a scaoileadh nó gabháil suas nó síos aon chuisle inseolta nó áit eile laistigh den chuan le linn d'aon long a bheith ag imchasadh nó ag casadh.

17. A cheangal ar longa a dtarlóidh dóibh talamh a ghlacadh i gcuisle inseolta laistigh den chuan gach réamhchúram réasúnach a ghlacadh agus a fheidhmiú trí fhear nó bean faire a shuíomh, bratacha a úsáid agus ar shlí eile chun sástacht an mháistir cuain nó de réir mar a shonrófar.

18. A cheangal ar mháistir loinge a bheidh ag caitheamh ancaire laistigh den chuan a chur faoi deara baoi a cheangal láithreach den ancaire sa tslí go bhfeicfear go soiléir cár caitheadh an t-ancaire.

Cuan, etc. a Rialú.

19. Bacainní nó constaicí i ndugaí, céanna, oibreacha agus róid nó ar an gcéanna laistigh den chuan a chosc agus a aistriú.

20. Gluaiseacht daoine, trácht feithiclí agus ainmhithe feadh aon chéanna nó dugaí laistigh den chuan a rialáil.

21. A cheangal ar mháistir loinge a bheidh laistigh den chuan a long a fheistiú, a dhífheistiú, a shuíomh nó a aistriú de réir ordachán ón máistir cuain, nó mura bhfuil aon duine ar bord na loinge chun na hordacháin sin a chomhlíonadh, a údarú don mháistir cuain a chur faoi deara an long a fheistiú, a dhífheistiú, a shuíomh nó a aistriú de réir mar is cuí leis nó léi.

22. A fhoráil nach luífidh long nó nach bhfeisteofar í sa bhealach isteach chun an chuain nó chun aon duga nó duga grábhála laistigh den chuan, ach amháin le cead ón máistir cuain.

23. A fhoráil go mbeidh téada tarraingthe agus ceangail fhonascúla substaintiúla, a bheidh daingnithe de na deilfíní, na saileanna barra, na baoithe nó na cuaillí feistithe, ag long sa chuan nuair a cheanglóidh an máistir cuain amhlaidh.

24. A cheangal go mbeidh ar longa a bheidh ag ualú nó ag dí-ualú lastaí cibé stangairtí, plainc, lámhráillí agus fearais eile is dóigh leis an máistir cuain is gá.

25. A fhoráil go ndéanfaidh máistir loinge a bheidh ag teacht isteach sa chuan chun lasta a dhí-ualú a chur faoi deara an long a dhí-ualú a luaithe is caoithiúil tar éis teacht isteach amhlaidh agus go ndéanfaidh sé nó sí, tar éis dí-ualú, an long a aistriú go dtí cibé cuid eile den chuan a ordóidh an máistir cuain.

26. A cheangal ar mháistir loinge a bheidh laistigh den chuan, ar iarraidh ón máistir cuain, aon airteagail a fhéadfaidh bac a chur ar sheachadadh nó luchtú lasta a ghlanadh as léibheann na loinge.

27. A shonrú conas a dhéanfar earraí a shuíomh ar aon chéanna nó dugaí laistigh den chuan.

28. An tréimhse ama a shonrú ar lena linn a fhéadfaidh earraí fanacht ar aon chéanna nó áiteanna eile laistigh den chuan, agus a fhoráil maidir le hearraí a aistriú nó a dhiúscairt nach n-aistreofar as an gcéanna tar éis an tréimhse ama sin a bheith caite.

29. Toirmeasc a chur le hearraí a shuíomh ar aon chéanna nó dugaí laistigh den chuan ar shlí a chuirfeadh isteach ar fheistiú nó ar chalú long nó a chuirfeadh bac ar thrácht.

30. Cosc a chur (ach amháin le cead na cuideachta) le haon earraí a thaispeáint nó a shuíomh in aon talamh nó áitreabh, nó ar aon talamh nó áitreabh, de chuid na cuideachta lena ndíol seachas cibé

earraí a fhéadfar a dhíol nó a thaispeáint lena ndíol faoi fhorálacha na nAchtanna Loingis Cheannaíochta, 1894 go 1993, nó ar ordú ó na Coimisinéirí Ioncaim, agus seachas earraí meatacha a dhíolfar laistigh d'ocht n-uaire an chloig is daichead tar éis iad a thabhairt i dtír.

31. Cosc a chur le gearradh, briseadh nó díothú neamhúdaraithé a dhéanamh ar fheistithe nó ar cheangail long laistigh den chuan.

32. Cosc a chur le luascdhroichid, geataí duga, bualchomhlaí nó clúsanna laistigh den chuan a oscailt nó a dhúnadh gan údarás.

33. Toirmeasc a chur le haon bhád a dhéanamh nó a dheisiú laistigh den chuan, gan toiliú an mháistir cuain a fháil roimh ré.

34. Toirmeasc a chur le haon mhaoín de chuid na cuideachta a dhamáistiú go toiliúil agus costas slánaithe an damáiste sin a ghnóthú ó aon duine a dhéanfaidh damáiste don mhaoín sin.

35. Baint mhíchuí le haon innealra nó trealamh a sholáthróidh an chuideachta a thoirmeasc.

36. A fhoráil go bhféadfaidh an máistir cuain núiseanna a aistriú as áit laistigh den chuan agus go bhféadfaidh sé nó sí daoine díomhaoine nó mírialta a aistriú as áit laistigh den chuan freisin.

37. Coinníollacha a shonrú (is coinníollacha de bhreis ar, agus ní de mhaolú ar, fhorálacha aon achtacháin a bhaineann le pléascaigh a bheidh i bhfeidhm de thuras na huaire) faoina ndéanfar pléascaigh a thabhairt isteach, a loingsiú, a láimhseáil, a thaisceadh, a choimeád nó a iompar laistigh den chuan.

38. Coinníollacha a shonrú faoina ndéanfar aon olaí éadroma hidreacarbóin mhianra de réir bhrí “íleacha éadtroma hídrocarbóin mhinearáil” san Acht Airgid (Diúitéthe Custom) (Uimh. 4), 1931, a thabhairt isteach, a loingsiú, a láimhseáil, a thaisceadh, a choimeád nó a iompar laistigh den chuan.

39. Coinníollacha a shonrú faoina ndéanfar lastaí earraí contúirteacha, olaí nó ceimiceáin nó gáis eile (seachas iad sin dá dtagraítear i míreanna 37 agus 38) a thabhairt isteach, a loingsiú, a láimhseáil, a thaisceadh, a choimeád nó a iompar sa chuan.

40. Rialáil a dhéanamh i dtaobh úsáid trambhealaí agus taobhlach agus oibreacha a bhaineann leo sin laistigh den chuan agus cosc a chur le bacainniú nó cur isteach a dhéanamh ar an trácht ar na trambhealaí sin nó ar an ngluaiseacht orthu nó le díobháil don chéanna.

41. Rialáil a dhéanamh ar bhallastú long laistigh den chuan agus ar an ord agus ar an tslí ina soláthrófar ballasta do na longa sin agus i dtaobh ballasta a dhíluchtú, a aistriú agus a dhiúscairt.

42. Cosc a chur le tobac nó aon lus nó substaint ar bith a chaitheamh, a lasadh nó a dhó in aon long nó ar aon long laistigh den chuan nó in aon áit shonraithe laistigh den chuan.

43. A fhoráil maidir le haon ní ar gá, i dtuairim na cuideachta, foráil a dhéanamh maidir leis chun a chumasú di ordachán arna thabhairt di ag an Aire faoi *alt 44* a chomhlíonadh.

CUID II

Fodhlíthe Píolótaíochta

44. Cibé aicme nó aicmí loinge a dhíolmhú ó cheanglais *ailt 60* agus *61* is aicme nó aicmí loinge a mhíneofar sna fodhlíthe faoi threoir fhad, snámh nó sainghnéithe eile na loinge nó faoi threoir na críche a mbeidh sí á húsáid chuici.

45. Na himthosca a shonrú ina mbeidh píolótaíocht éigeantach do long le linn di bheith ag loingseoireacht i gceantar píolótaíochta na cuideachta faoi threoir cibé nithe is cuí leis an gcuideachta.

46. Ceanglais a fhorordú nach mór do dhuine a chomhlíonadh nó nach mór a chomhlíonadh i leith duine a dhéanfaidh iarratas chun na cuideachta ar fhostaíocht mar pháilóta ina ceantar píolótaíochta nó ar cheadúnas píolóta a dheonú dó nó di, is ceanglais maidir le haois, corpacmhainn, printíseacht a chur i gcrích, fad na seirbhíse roimhe sin mar pháilóta nó mar mharaí, eolas áitiúil, scil, mianach pearsanta agus cibé nithe eile a mheasfaidh an cuideachta a bheith cuí.

47. An tréimhse a shonrú ar lena linn a bheidh éifeacht le ceadúnas píolóta arna dheonú nó arna athnuachan ag an gcuideachta agus ceanglais a fhorordú (lena n-áirítear ceanglais maidir le corpacmhainn) nach mór do dhuine a chomhlíonadh nó nach mór a chomhlíonadh i leith duine a dhéanfaidh iarratas chun na cuideachta ar cheadúnas píolóta a athnuachan ina fhabhar nó ina fabhar.

48. A cheangal ar dhuine a dheimhniú don chuideachta go gcomhlíonann sé nó sí ceanglas atá i bhfodhlíthe arna ndéanamh ag an gcuideachta chun na gcríoch a shonraítear i *mír 46* nó *47* trí phas a bhaint amach i scrúdú a stiúrfaidh an chuideachta nó a stiúrfar thar a ceann.

49. A fhoráil go mbeidh táille de mhéid sonraithe infíoctha leis an gcuideachta ag duine i leith iarratais arna dhéanamh aige nó aici chun na cuideachta ar dheonú nó ar athnuachan ceadúnais píolóta nó i leith scrúdú a stiúrfaidh an chuideachta nó a stiúrfar thar a ceann i dtaca leis sin.

50. An fhoirm a fhorordú do cheadúnas píolóta nó barántas ceapacháin.

51. A fhoráil go ginearálta maidir le píolótaí a bheidh ceadúnaithe nó fostaithe ag an gcuideachta, agus a cuid printíseach, a rialáil, agus go háirithe a ndéa-iompar a chinntiú agus a chinntiú go ndéanfaidh siad síorfhreastal ar a gcuid dualgas agus iad a chomhall go héifeachtúil, cibé acu ar muir nó ar an mórthír.

52. Ceanglais a fhorordú i dteannta na gceanglas a shonraítear i *míreanna (a), (b)* agus *(c) d'alt 72 (I)* nach mór do dhuine a chomhlíonadh nó nach mór a chomhlíonadh i leith duine, is duine a dhéanfaidh iarratas chun na cuideachta ar dheimhniú díolúine píolótaíochta a dheonú.

53. A cheangal ar dhuine a dhéanfaidh iarratas chun na cuideachta ar dheimhniú díolúine píolótaíochta a athnuachan—

- (a) líon cuairteanna nach lú ná líon sonraithe a bheith tugtha aige nó aici ar chuan na cuideachta le linn na tréimhse dar tosach an dáta a deonaíodh an deimhniú dó nó di nó, más rud é go ndearnadh an deimhniú a athnuachan

cheana, an dáta is déanaí a athnuadh é, agus dar críoch dáta déanta an iarratais sin, i long a mbeidh an athnuachan á hiarraidh ina leith agus é nó í i bhfeighil an chéanna nó i long d'aicme chomhchosúil le long a dúradh agus é nó í i bhfeighil an chéanna,

(b) cibé forálacha eile is cuí leis an gcuideachta a chomhlíonadh.

54. A cheangal ar dhuine a dheimhniú don chuideachta go gcomhlíonann sé nó sí ceanglas a bheidh i bhfodhlíthe arna ndéanamh ag an gcuideachta chun na gcríoch a shonraítear i *mír 52* nó *53* trí phas a ghnóthú i scrúdú arna sheoladh ag an gcuideachta nó thar a ceann.

55. A fhoráil go mbeidh táille de mhéid sonraithe iníoctha leis an gcuideachta ag duine i leith iarratais uaidh nó uaithi chuig an gcuideachta ar dheimhniú díolúine píolótaíochta a dheonú, a athnuachan nó a leasú nó i leith scrúdú arna sheoladh ag an gcuideachta nó thar a ceann i dtaca leis an gcéanna.

56. An fhoirm a fhorordú do dheimhniú díolúine píolótaíochta.

57. A cheangal ar shealbhóir ar dheimhniú díolúine píolótaíochta forálacha sonraithe fodhlíthe a chomhlíonadh arna ndéanamh ag an gcuideachta chun na gcríoch a shonraítear i *mír 51*.

58. A cheangal ar úinéir loinge, is long a mbeidh deimhniú díolúine píolótaíochta ina leith i seilbh an duine a bheidh ina feighil, íocaíochtaí a dhéanamh leis an gcuideachta nó, más rud é go ndéantar foráil le comhaontú píolótaíochta go ndéanfaidh na píolótaí ceadúnaithe dá ceantar píolótaíochta muirir phíolótaíochta a bhailiú agus a ghnóthú ina ceantar píolótaíochta agus go n-eisíocfaidh siad na muirir sin nuair a bheidh siad bailithe nó gnóthaithe, leis na píolótaí sin, faoi chomhair an chostais i leith ghlanadh na gcaiteachas a ghabhfaidh lena chinntiú go soláthrófar seirbhísí píolótaíochta i gceantar píolótaíochta na cuideachta; ar choinníoll nach mó méid na n-íocaíochtaí sin in aon bhliain airgeadais ná cibé cion a shonróidh an chuideachta de na muirir phíolótaíochta a bheadh iníoctha i leith na loinge leis an gcuideachta nó leis na píolótaí sin, de réir mar a bheidh, sa bhliain airgeadais sin mura mbeadh deimhniú díolúine píolótaíochta i seilbh an duine a bhí i bhfeighil mar a dúradh i leith na loinge.

59. A cheangal ar shealbhóir ar dheimhniú díolúine píolótaíochta tuairisceán tréimhsiúil a chur faoi bhráid na cuideachta nó, más leis na píolótaí ceadúnaithe do cheantar píolótaíochta na cuideachta a bheidh na híocaíochtaí le déanamh is íocaíochtaí a cheanglaítear le fodhlíthe arna ndéanamh ag an gcuideachta chun na gcríoch a shonraítear i *mír 58*, faoi bhráid na bpíolótaí sin, i leith na seirbhísí píolótaíochta arna dtabhairt aige nó aici mar shealbhóir ar dheimhniú den sórt sin.

60. Forais a shonrú (nach forais a bhaineann le hiompar an tsealbhóra) ar a bhféadfaidh an chuideachta ceadúnas nó deimhniú díolúine píolótaíochta píolóta a fhionraí nó a chúlghairm.

61. Imthosca a shonrú ina measfar, chun críocha *Chuid IV*, nach bhfuil long ag loingseoireacht i gceantar píolótaíochta na cuideachta, is long a bheidh á haistriú laistigh de chuan atá suite i gceantar píolótaíochta na cuideachta.

62. A fhoráil go mbeidh liúntas sonraithe iníoctha le píolóta ag úinéir nó máistir loinge i gcás go dtabharfar an píolóta, le linn dó nó di an long a phíolótú, thar an gceantar píolótaíochta a mbeidh sé nó sí ceadúnaithe nó fostaithe ina leith.

63. A cheangal ar phíolóta do cheantar píolótaíochta na cuideachta a cheadúnas nó a ceadúnas píolóta nó a bharántas nó a barántas ceapacháin a thabhairt ar aird do mháistir loinge má iarrann sé nó sí air nó uirthi amhlaidh.

64. Úsáid chalaoiseach ceadúnais píolóta nó barántais ceapacháin a thoirmeasc.

65. A fhoráil maidir leis an gcuideachta do cheadú bád píolóta a bheidh á n-oibriú ag an gcuideachta ina ceantar píolótaíochta nó maidir le hí do cheadúnú bád píolóta a bheidh á n-oibriú ag na píolótaí ceadúnaithe dá ceantar píolótaíochta.

66. A cheangal ar bháid píolóta, sa chaoi go bhféadfar iad a aithint ó shoithigh eile go héasca—

- (a) a bheith daite ar mhodh sonraithe,
- (b) bratach de dhath sonraithe agus de thoisí sonraithe a iompar, agus
- (c) cibé sainghnéithe eile a iompar a mheasfaidh an chuideachta is cuí.

67. A cheangal go gcuirfear bratach píolóta ar taispeáint ar long fad a bheidh sí ag loingseoireacht i gceantar píolótaíochta na cuideachta agus go mbeidh ar bord na loinge—

- (a) píolóta don cheantar píolótaíochta a bheidh i dteideal de bharr théarmaí a cheadúnais nó a ceadúnais píolóta nó a bharántais nó a barántais ceapacháin, de réir mar a bheidh, an long a phíolótú sna himthosca lena mbaineann, nó
- (b) duine a bheidh ag gníomhú *bona fide* mar dhuine i bhfeighil na loinge agus a mbeidh deimhniú díolúine píolótaíochta ina sheilbh aige nó ina seilbh aici lena dtugtar teideal dó nó di an long a phíolótú sna himthosca lena mbaineann.

68. Toirmeasc a chur le bratacha píolóta nó bratacha atá cosúil le bratacha píolóta a chur ar taispeáint go calaoiseach.

69. A cheangal ar mháistir loinge a bheidh ag loingseoireacht i gceantar píolótaíochta na cuideachta (nach long lena mbaineann fodhlíthe arna ndéanamh ag an gcuideachta chun na gcríoch a shonraítear i *mír 44*) comhartha píolóta a chur ar taispeáint ar an long agus comhartha den sórt sin a choimeád ar taispeáint go dtí go dtiocfaidh píolóta don cheantar píolótaíochta ar bord na loinge.

70. A cheangal ar mháistir loinge a bheidh ag iarraidh seirbhís píolóta i leith na loinge do cheantar píolótaíochta na cuideachta, am measta teachta agus imeachta na loinge is am leordhóthanach a thabhairt don chuideachta nó do phíolóta ceadúnaithe dá ceantar píolótaíochta, de réir mar is cuí.

71. An fhoirm ina mbeidh banna dá dtagraítear in *alt 70 (1)* a fhorordú.

72. Na nósanna imeachta a fhorordú a bheidh le leanúint ag aon bhord a bhunóidh an chuideachta faoi *alt 73 (5)* (“Bord Fiosrúcháin”) maidir le hé do sheoladh éisteachta ó bhéal faoin bhforáil sin.

73. Foráil a dhéanamh go ndéanfar cibé caiteachais agus liúntais a shonrófar sna fodhlíthe, nó a chinnfear de réir na bhfodhlíthe, a íoc le comhalta amháin nó níos mó de Bhord Fiosrúcháin maidir le héisteacht ó bhéal a sheolfaidh sé faoi *alt 73 (5)*, nó le measúnóir amháin nó níos mó maidir le haon chúnamh a thabharfaidh an measúnóir nó na measúnóirí do Bhord den sórt sin chuige sin agus a chumasú do Bhord den sórt sin cibé ordú a dhéanamh a mheasfaidh sé is cóir i ndáil le costais agus caiteachais dhlíthiúla páirtí in éisteacht réamhráite a íoc.

74. A chumasú do mháistir fómhais don Ard-Chúirt aon chostais agus caiteachais dhlíthiúla a fhómhas is costais agus caiteachais a d’ordaigh Bord Fiosrúcháin a íoc faoi fhodhlíthe arna ndéanamh chun na gcríoch a shonraítear i *mír 73*.

75. Éifeacht a thabhairt d’fhoráil i gcomhaontú píolótaíochta a bheidh i bhfeidhm i gceantar píolótaíochta na cuideachta i gcás go bhforáiltear sa chomhaontú píolótaíochta go dtabharfar éifeacht di amhlaidh.

76. Foráil a dhéanamh d’aon ní ar gá foráil a dhéanamh dó, i dtuairim na cuideachta, lena chumasú di ordachán arna thabhairt ag an Aire di faoi *alt 80* a chomhlíonadh.

77. Críocha atá foghabhálach nó teagmhasach le haon cheann de na críocha roimhe seo.